# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

15 Deireadh Fómhair 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Faisnéis maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas a chur san áireamh** ........ 1

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2021/1810 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar chiopróidínile i bhfraocháin, mónóga, cuiríní agus spíonáin** [1] ........ 2

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1811 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sileacain chailciam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne** ........ 17

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1812 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne** ........ 62

CINNTÍ

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1813 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí, craenacha, uirlisí mianadóireachta, agus innealra eile, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/27 ón gCoimisiún** [1] ........ 109


(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

* Faoin tagairt L 366 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

**Faisnéis maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas a chur san áireamh**

Tháinig an Prótacal thuasluaite idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Túinéise a síníodh sa Bhruiséil an 27 Iúil 2020, i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2021.

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/1810 ÓN gCOIMISIÚN

**an 14 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar chiopróidínile i bhfraocháin, mónóga, cuiríní agus spíonáin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás ciopróidínile, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú a dhéanamh ar úsáid táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach ciopróidínil ar fhraocháin, mónóga, cuiríní agus spíonáin, cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí áirithe atá ann don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe agus thug sé tuairim eolaíoch maidir leis na MRLanna atá beartaithe ([2]). Chuir sé an tuairim sin ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le sonraí agus go raibh an modhnú ar na MRLanna a d'iarr an t-iarratasóir inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás an fhaisnéis is déanaí faoi airíonna tocsaineolaíocha na substainte san áireamh. Léiríodh nach baol do dhuine an iontógáil laethúil inghlactha a shárú mar gheall ar theagmháil ar feadh a shaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil gá le géardháileog thagartha a bhunú ar bhonn phróifíl ghéarthocsaineachta íseal na substainte gníomhaí.

(6) Ar bhonn na tuairime réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis an modhnú atá á mbeartú ar na MRLanna.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Tuarascálacha eolaíocha ó EFSA atá ar fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu:
*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for cyprodinil in blueberries, cranberries, currants and gooseberries* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás ciopróidínile i bhfraocháin, mónóga, cuiríní agus spíonáin]. *EFSA Journal* [*Iris EFSA*] 2021;19(3):6499.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh ciopróidínile:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

| Cód uimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Ciopróidínil (R) (F) |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | 0,02 (*) |
| 0110010 | Seadóga | |
| 0110020 | Oráistí | |
| 0110030 | Líomóidí | |
| 0110040 | Líomaí | |
| 0110050 | Mandairíní | |
| 0110990 | Eile (2) | |
| 0120000 | **Cnónna crann** | |
| 0120010 | Almóinní | 0,02 (*)(+) |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | 0,04 |
| 0120030 | Cnónna caisiú | 0,04 |
| 0120040 | Castáin | 0,04 |
| 0120050 | Cnónna cócó | 0,04 |
| 0120060 | Cnónna coill | 0,04 |
| 0120070 | Macadaimia | 0,04 |
| 0120080 | Cnónna peacáin | 0,04 |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | 0,04 |
| 0120100 | Cnónna pistéise | 0,02 (*) |
| 0120110 | Gallchnónna | 0,04 |
| 0120990 | Eile (2) | 0,04 |
| 0130000 | **Torthaí póma** | 2 |
| 0130010 | Úlla | |
| 0130020 | Piorraí | |
| 0130030 | Cainchí | |
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | |
| 0130050 | Locuatanna | |
| 0130990 | Eile (2) | |

| | | |
|---|---|---|
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | 2 |
| 0140010 | Aibreoga | |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | |
| 0140030 | Péitseoga | |
| 0140040 | Plumaí | |
| 0140990 | Eile (2) | |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | |
| 0151000 | (a) **fíniúnacha coiteanna** | 3 |
| 0151010 | Fíonchaora boird | |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | |
| 0152000 | (b) **sútha talún** | 5 |
| 0153000 | (c) **torthaí cána** | |
| 0153010 | Sméara dubha | 3 |
| 0153020 | Eithreoga | 0,02 (*) |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | 3 |
| 0153990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0154000 | (d) **torthaí beaga eile agus caora eile** | |
| 0154010 | Fraocháin | **8** |
| 0154020 | Mónóga | **8** |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | **8** |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | **8** |
| 0154050 | Mogóirí róis | 3 |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | 3 |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | 3 |
| 0154080 | Caora troim | 3 |
| 0154990 | Eile (2) | 3 |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil** | |
| 0161000 | (a) **craiceann inite** | |
| 0161010 | Dátaí | 0,02 (*) |
| 0161020 | Figí | 0,02 (*) |
| 0161030 | Ológa boird | 0,02 (*) |
| 0161040 | Cumcuait | 0,02 (*) |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | 0,02 (*) |
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | 2 |
| 0161070 | Plumaí láva | 0,02 (*) |
| 0161990 | Eile (2) | 0,02 (*) |

| | | |
|---|---|---|
| 0162000 | (b) **craiceann do-ite, é beag** | 0,02 (*) |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0162020 | Lítsíonna | |
| 0162030 | Páiseoga | |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | |
| 0162050 | Réalt-úlla | |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | |
| 0162990 | Eile (2) | |
| 0163000 | (c) **craiceann do-ite, é mór** | |
| 0163010 | Abhacáid | 1 |
| 0163020 | Bananaí | 0,02 (*) |
| 0163030 | Mangónna | 0,02 (*) |
| 0163040 | Papánna | 0,02 (*) |
| 0163050 | Pomagránaití | 5 |
| 0163060 | Céiriomoighe | 0,02 (*) |
| 0163070 | Guábhaí | 1,5 |
| 0163080 | Anainn | 0,02 (*) |
| 0163090 | Torthaí aráin | 0,02 (*) |
| 0163100 | Duraígh | 0,02 (*) |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | 0,02 (*) |
| 0163990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | |
| 0211000 | (a) **prátaí** | 0,02 (*) |
| 0212000 | (b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha** | 0,02 (*) |
| 0212010 | Casabhaigh | |
| 0212020 | Prátaí milse | |
| 0212030 | Ionaim | |
| 0212040 | Ararút | |
| 0212990 | Eile (2) | |
| 0213000 | (c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra** | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | 1,5 |
| 0213020 | Meacain dhearga | 1,5 |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | 0,3 |
| 0213040 | Meacain ragaim | 1,5 |
| 0213050 | Bliosáin ghréine | 0,02 (*) |
| 0213060 | Meacain bhána | 1,5 |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | 1,5 |

| | | |
|---|---|---|
| 0213080 | Raidisí | 0,3 |
| 0213090 | Salsabh | 1,5 |
| 0213100 | Svaeideanna | 0,02 (*) |
| 0213110 | Tornapaí | 0,02 (*) |
| 0213990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | |
| 0220010 | Gairleog | 0,07 |
| 0220020 | Oinniúin | 0,3 |
| 0220030 | Seallóidí | 0,07 |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | 0,8 |
| 0220990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | |
| 0231000 | (a) **Solanaceae agus Malvaceae** | |
| 0231010 | Trátaí | 1,5 |
| 0231020 | Piobair mhilse/piobair chloigíneacha | 1,5 |
| 0231030 | Ubhthorthaí | 1,5 |
| 0231040 | Ocra | 0,02 (*) |
| 0231990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0232000 | (b) **guird a bhfuil craiceann inite acu** | 0,5 |
| 0232010 | Cúcamair | |
| 0232020 | Gircíní | |
| 0232030 | Cúirséid | |
| 0232990 | Eile (2) | |
| 0233000 | (c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu** | 0,6 |
| 0233010 | Mealbhacáin | |
| 0233020 | Puimcíní | |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | |
| 0233990 | Eile (2) | |
| 0234000 | (d) **arbhar milis** | 0,02 (*) |
| 0239000 | (e) **glasraí eile a thugann torthaí** | 0,02 (*) |
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | |
| 0241000 | (a) **praiseach bhlátha** | 2 |
| 0241010 | Brocailí | |
| 0241020 | Cóilis | |
| 0241990 | Eile (2) | |
| 0242000 | (b) **praiseach chinn** | |
| 0242010 | Bachlóga na Bruiséile | 0,02 (*) |

| | | |
|---|---|---|
| 0242020 | Cabáistí cinn | 0,7 |
| 0242990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0243000 | (c) **praiseach dhuilleach** | 0,02 (*) |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | |
| 0243020 | Cáil | |
| 0243990 | Eile (2) | |
| 0244000 | (d) **cálráibí** | 0,02 (*) |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | |
| 0251000 | (a) **leitísí agus plandaí sailéid** | 15 |
| 0251010 | Ceathrúna uain | |
| 0251020 | Leitísí | |
| 0251030 | Searbháin muc | |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus péacáin eile | |
| 0251050 | Biolair thalún | |
| 0251060 | Roicéad Rómánach/rucola | |
| 0251070 | Mustard dearg | |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | |
| 0251990 | Eile (2) | |
| 0252000 | (b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla** | 15 |
| 0252010 | Spionáistí | |
| 0252020 | Puirsleáin | |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | |
| 0252990 | Eile (2) | |
| 0253000 | (c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla** | 0,02 (*) |
| 0254000 | (d) **biolair uisce** | 0,02 (*) |
| 0255000 | (e) **sreabháin na Beilge** | 0,06 |
| 0256000 | (f) **luibheanna agus bláthanna inite** | 40 |
| 0256010 | Costóg | |
| 0256020 | Síobhas | |
| 0256030 | Duilleoga soilire | |
| 0256040 | Peirsil | |
| 0256050 | Sáiste | |
| 0256060 | Maróis | |
| 0256070 | Tím | |
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite | |
| 0256090 | Duilleog labhrais | |
| 0256100 | Dragan | |
| 0256990 | Eile (2) | |

| | | |
|---|---|---|
| 0260000 | **Léagúim** | |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu) | 2 |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga) | 0,08 |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu) | 2 |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga) | 0,08 |
| 0260050 | Lintilí | 0,2 |
| 0260990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0270000 | **Glasraí gais** | |
| 0270010 | Lus súgach | 0,02 (*) |
| 0270020 | Cardúin | 0,02 (*) |
| 0270030 | Soilirí | 30 |
| 0270040 | Finéal Fhlórans | 4 |
| 0270050 | Bliosáin chruinne | 4 |
| 0270060 | Cainneanna | 0,02 (*) |
| 0270070 | Biabhóg | 2 |
| 0270080 | Péacáin bhambú | 0,02 (*) |
| 0270090 | Croíthe pailme | 0,02 (*) |
| 0270990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0280000 | **Fungais, caonaigh agus léicin** | 0,02 (*) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe | |
| 0280020 | Fungais fhiáine | |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin | |
| 0290000 | **Algaí agus orgánaigh phrócaróit** | 0,02 (*) |
| 0300000 | **PISEÁNAIGH** | |
| 0300010 | Pónairí | 0,2 |
| 0300020 | Lintilí | 0,02 (*) |
| 0300030 | Piseanna | 0,1 |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní | 0,1 |
| 0300990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0400000 | **OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ** | |
| 0401000 | **Olashíolta** | |
| 0401010 | Ros lín | 0,02 (*) |
| 0401020 | Piseanna talún | 0,02 (*) |
| 0401030 | Síolta poipín | 0,02 (*) |
| 0401040 | Síolta seasamain | 0,02 (*) |
| 0401050 | Síolta lus na gréine | 0,02 (*) |
| 0401060 | Síolta ráibe | 0,02 |
| 0401070 | Pónairí soighe | 0,02 (*) |

| | | |
|---|---|---|
| 0401080 | Síolta mustaird | 0,02 (*) |
| 0401090 | Síolta cadáis | 0,02 (*) |
| 0401100 | Síolta puimcín | 0,02 (*) |
| 0401110 | Síolta cróch bréige | 0,02 (*) |
| 0401120 | Síolta borráiste | 0,02 (*) |
| 0401130 | Caimilín | 0,02 (*) |
| 0401140 | Síolta cnáibe | 0,02 (*) |
| 0401150 | Pónairí ricne | 0,02 (*) |
| 0401990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0402000 | **Olathorthaí** | 0,02 (*) |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola | |
| 0402020 | Eithní pailme ola | |
| 0402030 | Torthaí pailme ola | |
| 0402040 | Capac | |
| 0402990 | Eile (2) | |
| 0500000 | **GRÁNAIGH** | |
| 0500010 | Eorna | 4 |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile | 0,02 (*) |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar | 0,02 (*) |
| 0500040 | Muiléad coiteann | 0,02 (*) |
| 0500050 | Coirce | 4 |
| 0500060 | Rís | 0,02 (*) |
| 0500070 | Seagal | 0,5 |
| 0500080 | Sorgam | 0,02 (*) |
| 0500090 | Cruithneacht | 0,5 |
| 0500990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0600000 | **TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB** | |
| 0610000 | **Taenna** | 0,1 (*) |
| 0620000 | **Pónairí caife** | 0,1 (*) |
| 0630000 | **Insiltí luibhe ó** | |
| 0631000 | (a) **bláthanna** | 0,1 (*) |
| 0631010 | Camán meall | |
| 0631020 | Roiseog | |
| 0631030 | Rós | |
| 0631040 | Seasmain | |
| 0631050 | Teile | |
| 0631990 | Eile (2) | |

| | | |
|---|---|---|
| 0632000 | (b) **duilleoga agus luibheanna** | 0,1 (*) |
| 0632010 | Sú talún | |
| 0632020 | Rooibos | |
| 0632030 | Maité | |
| 0632990 | Eile (2) | |
| 0633000 | (c) **fréamhacha** | 1,5(+) |
| 0633010 | Caorthann corraigh | (+) |
| 0633020 | Ginsing | (+) |
| 0633990 | Eile (2) | (+) |
| 0639000 | (d) **aon chuid eile den phlanda** | 0,1 (*) |
| 0640000 | **Pónairí cócó** | 0,1 (*) |
| 0650000 | **Carúib** | 0,1 (*) |
| 0700000 | **LEANNLUSANNA** | 0,1 (*) |
| 0800000 | **SPÍOSRAÍ** | |
| 0810000 | **Spíosraí ó shíolta** | 0,1 (*) |
| 0810010 | Ainís | |
| 0810020 | Calaindí | |
| 0810030 | Soilire | |
| 0810040 | Lus an choire | |
| 0810050 | Cuimín | |
| 0810060 | Lus mín | |
| 0810070 | Finéal | |
| 0810080 | Feinigréag | |
| 0810090 | Noitmig | |
| 0810990 | Eile (2) | |
| 0820000 | **Spíosraí ó thorthaí** | 0,1 (*) |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó | |
| 0820020 | Piobar Szechuan | |
| 0820030 | Cearbhas | |
| 0820040 | Cardamam | |
| 0820050 | Caor aitil | |
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán) | |
| 0820070 | Fanaile | |
| 0820080 | Tamarain | |
| 0820990 | Eile (2) | |
| 0830000 | **Spíosraí ó choirt** | 0,1 (*) |
| 0830010 | Cainéal | |
| 0830990 | Eile (2) | |

| | | |
|---|---|---|
| 0840000 | **Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm** | |
| 0840010 | Liocras | 1,5(+) |
| 0840020 | Sinséar (10) | |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma | 1,5(+) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11) | |
| 0840990 | Eile (2) | 1,5(+) |
| 0850000 | **Spíosraí ón mbachlóg** | 0,1 (*) |
| 0850010 | Clóibh | |
| 0850020 | Caprais | |
| 0850990 | Eile (2) | |
| 0860000 | **Spíosraí ó phistil bláthanna** | 0,1 (*) |
| 0860010 | Cróch | |
| 0860990 | Eile (2) | |
| 0870000 | **Spíosraí arail** | 0,1 (*) |
| 0870010 | Maicis | |
| 0870990 | Eile (2) | |
| 0900000 | **PLANDAÍ SIÚCRA** | 0,02 (*) |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra | |
| 0900020 | Cánaí siúcra | |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire | |
| 0900990 | Eile (2) | |
| 1000000 | **TÁIRGÍ AR DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH IAD - AINMHITHE TALÚN** | |
| 1010000 | **Tráchtearraí ó** | (+) |
| 1011000 | (a) **mucra** | 0,02 (*)(+) |
| 1011010 | Matán | (+) |
| 1011020 | Saill | (+) |
| 1011030 | An t-ae | (+) |
| 1011040 | An duán | (+) |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | (+) |
| 1011990 | Eile (2) | (+) |
| 1012000 | (b) **bó-ainmhí** | |
| 1012010 | Matán | 0,02 (*)(+) |
| 1012020 | Saill | 0,02 (*)(+) |
| 1012030 | An t-ae | 0,05(+) |
| 1012040 | An duán | 0,05(+) |
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 (*)(+) |
| 1012990 | Eile (2) | 0,02 (*)(+) |

| | | |
|---|---|---|
| 1013000 | (c) **caoraigh** | |
| 1013010 | Matán | 0,02 (*)(+) |
| 1013020 | Saill | 0,02 (*)(+) |
| 1013030 | An t-ae | 0,05(+) |
| 1013040 | An duán | 0,05(+) |
| 1013050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 (*)(+) |
| 1013990 | Eile (2) | 0,02 (*)(+) |
| 1014000 | d) **gabhar** | |
| 1014010 | Matán | 0,02 (*)(+) |
| 1014020 | Saill | 0,02 (*)(+) |
| 1014030 | An t-ae | 0,05(+) |
| 1014040 | An duán | 0,05(+) |
| 1014050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 (*)(+) |
| 1014990 | Eile (2) | 0,02 (*)(+) |
| 1015000 | (e) **eachaí** | |
| 1015010 | Matán | 0,02 (*)(+) |
| 1015020 | Saill | 0,02 (*)(+) |
| 1015030 | An t-ae | 0,05(+) |
| 1015040 | An duán | 0,05(+) |
| 1015050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 (*)(+) |
| 1015990 | Eile (2) | 0,02 (*)(+) |
| 1016000 | (f) **éanlaith chlóis** | 0,02 (*)(+) |
| 1016010 | Matán | (+) |
| 1016020 | Saill | (+) |
| 1016030 | An t-ae | (+) |
| 1016040 | An duán | |
| 1016050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | (+) |
| 1016990 | Eile (2) | (+) |
| 1017000 | (g) **ainmhithe talún feirme eile** | |
| 1017010 | Matán | 0,02 (*)(+) |
| 1017020 | Saill | 0,02 (*)(+) |
| 1017030 | An t-ae | 0,05(+) |
| 1017040 | An duán | 0,05(+) |
| 1017050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 (*)(+) |
| 1017990 | Eile (2) | 0,02 (*)(+) |
| 1020000 | **Bainne** | 0,02 (*)(+) |
| 1020010 | Eallach | (+) |
| 1020020 | Caoirigh | (+) |

| | | |
|---|---|---|
| 1020030 | Gabhar | (+) |
| 1020040 | Capall | |
| 1020990 | Eile (2) | |
| 1030000 | **Uibheacha éan** | 0,02 (*)(+) |
| 1030010 | An chearc | (+) |
| 1030020 | Lacha | (+) |
| 1030030 | Géanna | (+) |
| 1030040 | Gearg | (+) |
| 1030990 | Eile (2) | (+) |
| 1040000 | **Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)** | 0,05 (*) |
| 1050000 | **Débheathaigh agus Reiptílí** | 0,02 (*) |
| 1060000 | **Ainmhithe inveirteabracha talún** | 0,02 (*) |
| 1070000 | **Ainmhithe veirteabracha talún fiáine** | 0,02 (*) |
| 1100000 | **TÁIRGÍ AR DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH IAD - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)** | |
| 1200000 | **TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)** | |
| 1300000 | **TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)** | |

(*) Léiríonn an (*) teorainn cinnidh anailísigh níos ísle

[a] Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

**Ciopróidínil (R) (F)**

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Ciopróidínil – cód 1000000 seachas 1020000, 1040000: Ciopróidínil (suim chiopróidínile agus CGA 304075 (saor), arna sloinneadh mar chiopróidínil) Ciopróidínil - cód 1020000: Ciopróidínil (suim chiopróidínile agus CGA 304075 (saor agus comhchuingithe), arna sloinneadh mar chiopróidínil)

(F) = Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha agus deimhniúcháin sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 14 Márta 2017, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

**0120010 Almóinní**

**0633000 (c) fréamhacha**

**0633010 Caorthann corraigh**

**0633020 Ginsing**

**0633990 Eile(2)**

**0840010 Liocras**

**0840030 Tuirmiric/curcuma**

**0840990 Eile(2)**

**1000000 TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**

**1010000 Tráchtearraí ó**

**1011000 (a) mucra**

**1011010 Matán**

**1011020 Saill**

**1011030 An t-ae**

**1011040 An duán**

**1011050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1011990 Eile(2)**

**1012000 (b) bó-ainmhí**

**1012010 Matán**

**1012020 Saill**

**1012030 An t-ae**

**1012040 An duán**

**1012050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1012990 Eile(2)**

**1013000 (c) caoraigh**

**1013010 Matán**

**1013020 Saill**

**1013030 An t-ae**

**1013040 An duán**

**1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1013990 Eile(2)**

**1014000 d) gabhar**

**1014010 Matán**

**1014020 Saill**

**1014030 An t-ae**

**1014040 An duán**

**1014050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1014990 Eile(2)**

**1015000 (e) eachaí**

**1015010 Matán**

**1015020 Saill**

**1015030 An t-ae**

**1015040 An duán**

**1015050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1015990 Eile(2)**

**1016000 (f) éanlaith chlóis**

**1016010 Matán**

**1016020 Saill**

**1016030 An t-ae**

**1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1016990 Eile(2)**

**1017000 (g) ainmhithe talún feirme eile**

**1017010 Matán**

**1017020 Saill**

**1017030 An t-ae**

**1017040 An duán**

**1017050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1017990 Eile(2)**

**1020000 Bainne**

**1020010 Eallach**

**1020020 Caoirigh**

**1020030 Gabhar**

**1030000 Uibheacha éan**

**1030010 Sicín**

**1030020 Lacha**

**1030030 Géanna**

**1030040 Gearg**

**1030990 Eile(2)”**

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1811 ÓN gCOIMISIÚN

## an 14 Deireadh Fómhair 2021

## lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sileacain chailciam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. NÓS IMEACHTA

#### 1.1. Tionscnamh

(1) An 18 Feabhra 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sileacain chailciam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tír lena mbaineann" nó "DPS" nó "an tSín") ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an Fógra tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne Euroalliages (an "gearánach") an 4 Eanáir 2021. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal sileacain chailciam an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Sa ghearán bhí fianaise maidir le dumpáil agus le díobháil ábhartha dá dheasca sin, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin más leor an fhianaise atá aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi phointe (c) nó (d) d'Airteagal 10(4).

(4) Sa chás atá i gceist, níor iarr an gearánach clárú agus rinne an Coimisiún amach nár comhlíonadh na ceanglais faoi phointe (d), mar gurbh amhlaidh, de bhreis ar an leibhéal allmhairí a rinne dochar le linn na tréimhse imscrúdaithe, nach raibh méadú breise ar allmhairí dá éis sin. De réir shonraí Eurostat, tháinig laghdú 86 % ar an méid allmhairí ón tSín sna chéad 4 mhí (i.e. mí an Mhárta go mí an Mheithimh 2021) tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis na míonna céanna le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar bhonn míosúil, tháinig laghdú 74 % ar an meánmhéid allmhairí ón tSín sna chéad cheithre mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis an meánmhéid míosúil allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, níor chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn na tréimhse réamhnochta.

#### 1.2. Páirtithe leasmhara

(5) San Fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú, mar aon le táirgeoirí aitheanta ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus na húdaráis i nDaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí sileacain chailciam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 58, 18.2.2021, lch. 60).

(6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

(7) Níor iarradh aon éisteacht ag an gcéim seo den imscrúdú.

### 1.3. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(8) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an tionscnamh ó Eurofer agus ón German Steel Federation (Wirtschaftsvereinigung Stahl) lena n-iarradh deireadh a chur leis an imscrúdú.

(9) Mhaígh Eurofer gurbh é an laghdú ar tháirgeadh cruach seachas allmhairí ón tSín ba phríomhchúis le feidhmíocht lag thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, theip ar an ngearánach nasc cúisíoch a shuí idir allmhairí ón tSín agus staid thionscal an Aontais. D'áitigh Eurofer freisin nár thug an gearánach aon fhaisnéis maidir leis an méid is féidir le táirgeoirí sileacain chailciam fearó-chóimhiotail eile a tháirgeadh ar an innealra céanna. Thairis sin, mhaígh Eurofer gur theip ar an ngearánach anailís cheart a dhéanamh ar fhachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le staid an tionscail shileacain chailciam san Aontas, amhail paindéim Covid-19 agus an nasc leis an acmhainneacht iomarcach cruach. Thairis sin, d'áitigh Eurofer nach bhféadfaí an borradh allmhairiúcháin líomhnaithe ón tSín a réiteach bunaithe ar na sonraí allmhairiúcháin Eurostat/Comext maidir le Cód AC 7202 99 80. De réir na sonraí sin, ní raibh méaduithe ar allmhairí ón tSín sofheicthe le linn na tréimhse imscrúdaithe, ach bhí méaduithe ar allmhairí ón mBrasaíl i bhfad ní ba láidre. Thairis sin, maidir le brabúsacht, mhaígh Eurofer agus German Steel Federation gurbh iarmhairt loighciúil ar an ngéarchéim eacnamaíoch ba mheasa le breis agus deich mbliana anuas é an laghdú a bhí acu. De réir Eurofer, bhí an staid eacnamaíoch ar an iomlán ina cúis le drochfheidhmíocht an ghearánaigh, seachas na hallmhairí. Go háirithe, a mhéid a bhaineann le costais, chuir Eurofer in iúl, contrártha do líomhain an ghearánaigh, gur tháinig laghdú ar chostais fuinnimh le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus dá bhrí sin, nach bhféadfaidís cur leis an méadú costais. Chomh maith leis sin, de réir Eurofer, níor tháinig méadú ar chostais sheasta ach an oiread, mar gheall ar an éileamh níos ísle ar chruach. Dúirt German Steel Federation nach mór a chur san áireamh freisin go bhfuil buntáistí costais suntasacha ag táirgeoirí eilimintí cóimhiotalaithe de chuid na Síne maidir le cóimhiotail a tháirgeadh mar thoradh ar chostais fuinnimh agus saothair níos ísle agus mar gheall go bhfuil foinsí amhábhair dá gcuid féin acu. Níor léiríodh leis an méid sin ar fad, más fíor, ach nach raibh na hallmhairí ón tSín ina gcúis leis an laghdú ar bhrabúsacht, ach gurbh iarmhairt loighciúil na staide eacnamaíche agus phaindéim Covid-19 ar an iomlán é.

(10) Sa ghearán, suíodh sladghearradh bunaithe ar idirbhearta ar leith arbh iad an fhaisnéis ab fhearr a bhí ar fáil don ghearánach ag an gcéim sin. Cháin Eurofer an modh sin agus chuir siad in iúl freisin gur cheart a chur san áireamh le sladghearradh cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh díolacháin ina mbulc nó ina sreang chroíleacánach.

(11) Deimhníodh le hanailís an Choimisiúin nár leordhóthanach ceann ar bith de na heilimintí a luadh, cibé acu raibh siad ceart ó thaobh na bhfíoras de nó nach raibh, chun an chonclúid a thabhairt faoi cheist, is é sin, go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán a d'fhéadfadh a thaispeáint go raibh allmhairí an táirge lena mbaineann ag teacht isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte agus gur chosúil gur chúis iad le díobháil ábhartha do na táirgeoirí de chuid an Aontais iad. Suíodh na gnéithe sin ar bhonn na fianaise ab fhearr a bhí ar fáil don ghearánach an tráth sin, agus bhí siad ionadaíoch agus iontaofa go leor. Thairis sin, maidir leis na héilimh eile arna gcur chun cinn ag Eurofer agus ag an German Steel Federation, scrúdaíodh iad go mion le linn an imscrúdaithe, agus pléitear a thuilleadh iad thíos.

(12) Ar bhonn an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur leor an fhianaise a chuir an gearánach ar fáil faoi dhumpáil, díobháil agus nasc cúisíochta sa chaoi gur chomhlíonadh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán.

### 1.4. **Sampláil**

(13) San Fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé cineálacha áirithe de na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

#### 1.4.1. *Táirgeoirí ón Aontas*

(14) San Fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go soláthródh sé ceistneoirí don dá tháirgeoir aitheanta ón Aontas, is iad sin OFZ, a.s. agus Ferropem. Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún freisin ar tháirgeoirí eile ón Aontas, más ann dóibh, iad féin a chur in aithne don Choimisiún agus ceistneoir a iarraidh tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis fhoilsiú an Fhógra thionscnaimh.

(15) Níor chuir aon táirgeoir eile ón Aontas iad féin in aithne don Choimisiún. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil 100 % de thionscal an Aontais comhdhéanta den dá tháirgeoir ón Aontas a luaitear.

1.4.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(16) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(17) Sholáthair ceithre allmhaireoir neamhghaolmhara (Affival S.a.S., Coftech GmbH, Sider Trading SpA, SKW Stahl-Metallurgie GmbH) an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. D'iarr an Coimisiún ar na ceithre chuideachta a luaitear an ceistneoir le haghaidh allmhaireoirí a líonadh isteach.

1.4.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne*

(18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne faisnéis a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(19) Sholáthair dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.5. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíoraithe**

(20) Sheol an Coimisiún ceistneoir maidir le saobhadh suntasach a bheith i nDaon-Phoblacht na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

(21) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán go bhfuil saobhadh amhábhair i nDaon-Phoblacht na Síne maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san Fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhair sin chun a chinneadh an gcuirfear forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoir breise maidir leis sin chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

(22) Na ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí, allmhaireoirí, úsáideoirí an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin, cuireadh ar fáil ar líne ([3]) iad lá an tionscnaimh.

(23) Fuair an Coimisiún freagraí ceistneora ón dhá tháirgeoir ón Aontas, ó dhá allmhaireoir ón Aontas (Affival and Coftech), ó dhá úsáideoir (AFV Acciaierie Beltrame S.p.A. agus Filo d.o.o.) agus ó na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríocha (Ningxia Ketong New Material Technology Co., Ltd., Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. agus a thrádálaí gaolmhar Overseas Metallurgy Co., Ltd. agus Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co., Ltd.).

(24) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheas sé ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil dá deasca agus maidir le leas an Aontais agus rinne sé chros-seiceáil uirthi. De bharr ráig phaindéim COVID-19 agus na mbeart a glacadh dá réir chun déileáil leis an ráig ("Fógra COVID-19") ([4]), níorbh fhéidir leis an gCoimisiún, cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh ar áitribh na gcuideachtaí comhoibríocha. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceálacha cianda ar an bhfaisnéis a sholáthair na cuideachtaí seo a leanas ar fhíschomhdháil:

***Táirgeoirí ón Aontas***

— OFZ, a.s., Istebné, an tSlóvaic

([3]) https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2514

([4]) Fógra maidir le hiarmhairtí na ráige COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

— Ferropem, Chambéry, an Fhrainc

***Allmhaireoirí***

— Affival SAS, Solesmes, an Fhrainc

***Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne***

— Ningxia Ketong New Material Technology Co., Ltd. ("Ketong")

— Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. agus a thrádálaí gaolmhar Overseas Metallurgy Co., Ltd. ("Shun Tai")

— Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co., Ltd. ("Shenghua")

### 1.6. **Tréimhse imscrúdaithe agus an tréimhse a measadh**

(25) Leis an imscrúdú ar an dumpáil agus ar an díobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 ("an tréimhse imscrúdaithe"). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe ("an tréimhse a breithníodh").

## 2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. **An táirge lena mbaineann**

(26) Is cóimhiotal nó comhdhúil cheimiceach é an táirge lena mbaineann a bhfuil 16 % nó níos mó de chailciam, 45 % nó níos mó de shileacan, níos lú ná 14 % d'iarann agus nach mó ná 10 % d'aon eilimint eile ann de réir meáchain; cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé curtha i láthair i mbulc, pacáistithe i málaí nó i ndrumaí cruach, curtha isteach i leatháin chruach (nó i sreang chroíleacánach), nó curtha i láthair ar bhealach eile, ar de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne é, agus a thagann faoi chóid AC ex 7202 99 80 agus ex 2850 00 60 faoi láthair (cóid TARIC 7202 99 80 30 agus 2850 00 60 91) ("an táirge lena mbaineann"). Tagraítear dó sin go minic mar shileacan cailciam nó mar "CaSi".

(27) Úsáidtear sileacan cailciam i monaraíocht cóimhiotal miotail speisialta. Úsáidtear cóimhiotail CaSi mar dhé-ocsaídeoir agus mar dhéshulfaróir i monaraíocht cruach ardghráid.

### 2.2. **Táirge comhchosúil**

(28) Leis an imscrúdú léiríodh go bhfuil na saintréithe bunúsacha, fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus

— an táirge arb é an tionscal de chuid an Aontais a tháirg agus a dhíol é.

(29) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin dá bhrí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

### 2.3. **Éilimh maidir le raon táirge**

(30) Ní bhfuair an Coimisiún éilimh maidir leis an raon táirge.

## 3. DUMPÁIL

### 3.1. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(31) Ó tharla gur leordhóthanach an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe lenar tugadh le fios gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(32) Dá dheasca sin, chun na sonraí a bhailiú, sonraí is gá le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán amach anseo, san Fhógra tionscnaimh d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun sileacan cailciam a tháirgeadh. Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne an fhaisnéis ábhartha.

(33) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Níor sholáthair Rialtas na Síne aon fhreagra ar an bhfaisnéis a iarradh. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíricí a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(34) I bpointe 5.3.2 den Fhógra tionscnaimh shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl ina tír a d'fhéadfadh a bheith mar thír ionadaíoch de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(35) An 7 Bealtaine 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ("an Chéad Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun sileacan cailciam a tháirgeadh. Ina theannta sin, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl agus an Airgintín mar thíortha a d'fhéadfadh a bheith mar thír ionadaíoch. Fuair an Coimisiún barúlacha ón ngearánach agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin Ketong agus Shenghua. Déantar mionanailís ar na barúlacha sin in aithrisí (93) go (119).

(36) An 14 Meitheamh 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ("an Dara Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurb í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch. Chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go leagfadh sé síos costais díola, ghinearálta agus riaracháin ("costais SGA") agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta ábhartha Rima Industrial S.A. ("Rima Industrial") sa tír ionadaíoch. Sa Dara Nóta tugadh aghaidh ar na barúlacha a fuarthas maidir leis an gCéad Nóta. Fuarthas barúlacha maidir leis an Dara Nóta ón ngearánach agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin Ketong agus Shenghua. Déantar mionanailís ar na barúlacha sin in aithrisí (122) go (136).

### 3.2. **Gnáthluach**

(37) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(38) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a thógáil go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa", agus "áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús".

(39) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhoibre a fuarthas ó Rialtas na Síne mar a luaitear in aithris (33), b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(40) San imscrúdú a rinneadh le déanaí maidir le fearó-shileacan de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a mbaineann a tháirgeoirí leis an earnáil fearó-chóimhiotal, ar an gcaoi chéanna leis na táirgeoirí sileacain chailciam ([5]), chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán san earnáil réamhluaite. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú sin gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, b"iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(41) San imscrúdú sin, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([6]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gurbh ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil fearó-shileacain fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([7]) ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([8]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go raibh éifeachtaí saofa breise ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchuir ar an margadh. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á leithdháileadh ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag Rialtas na Síne, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([9]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([10]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil fearó-shileacain de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([11]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain i nDaon-Phoblacht na Síne ([12]). Mar thoradh go bhfuil na hionchuir a úsáidtear agus an próiseas táirgthe an-chosúil le chéile, baineann na torthaí sin go mór leis an earnáil sileacain chailciam freisin, agus an dara ceann acu ina chuid den earnáil fearó-chóimhiotal freisin.

(42) Mar a rinneadh san imscrúdú maidir leis an earnáil fearó-shileacain i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa ghearán agus sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(43) Rinneadh tagairt don Tuarascáil sa ghearán sa chás seo, go háirithe do shaobhadh san earnáil fuinnimh agus i ndáil le hionchuir mhianra ar leith. Thairis sin, sholáthair an gearánach staidéar maidir le saobhadh margaidh i dtionscal fhearó-chóimhiotal agus i dtionscal shileacain na Síne freisin arb é an Stát is cúis leis. Dhoiciméadaigh an staidéar sin go bhfuil tionscal fearó-shileacain na Síne faoi réir treoraíochta láidre agus cur isteach lánroghnaigh ón rialtas agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil cuideachtaí na Síne sa tionscal sin "*ag feidhmiú i dtimpeallacht margaidh*

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/909 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2020 (IO L 208, 1.7.2020, lch. 2).
([6]) Ibid, aithrisí 54-60 agus 111-115.
([7]) Ibid, aithrisí 61-64.
([8]) Ibid, aithrisí 66-69. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na héilimh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc táirgeoirí sileacain chailciam agus soláthróirí na n-ionchur a úsáidtear iontu.
([9]) Ibid, aithrisí 70-80.
([10]) Ibid, aithrisí 81-86.
([11]) Ibid, aithrisí 87-90.
([12]) Ibid, aithrisí 91-110.

*shaofa nach gceadaítear fórsaí iomaíocha inti struchtúr a chur ar an margadh intíre agus é a ailíniú leis na margaí domhanda*." Cuireadh an staidéar sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh. Níor thug aon pháirtí leasmhar aon bharúil maidir leis an staidéar sin, lena n-áirítear Rialtas na Síne agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Bhí tagairtí d'Fhardal sonraí maidir le srianta ar Onnmhairiú i ndáil le hAmhábhair Thionsclaíocha de chuid ECFE sa ghearán freisin.

(44) Is ann do mhéid áirithe úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne san earnáil sileacain chailciam fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Suíodh san imscrúdú go bhfuil 65 % de Shenghua, ar ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha é, faoi úinéireacht Shaanxi Metallurgical & Mining Group Co., agus gur fochuideachta é sin faoi seach de chuideachta Shaanxi Non-ferrous Metals Holding Group Co., atá faoi úinéireacht an Stáit. ([13]). Aithníonn an chuideachta go bhfuil sí fós faoi thionchar an fhiontair faoi úinéireacht an Stáit agus go dtairbhíonn sí de thacaíocht láidir ón rialtas ([14]). Ina theannta sin, cé go ndealraíonn sé go bhfuil an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríocha eile faoi úinéireacht phríobháideach, dealraíonn sé freisin go bhfuil dlúthchaidreamh ag ceann amháin díobh - Ningxia Shun Tai Smelting - leis na húdaráis áitiúla: tá sé lonnaithe in Zhongwei Industrial Park, lena ndeonaítear go leor beartas fabhrach do chuideachtaí seanbhunaithe, amhail cánacha nó costais leictreachais laghdaithe ([15]). Maítear ar shuíomh gréasáin Zhongwei Industrial Park freisin gur "*tionscadal ríthábhachtach de chuid Rialtas Bardasach Zhongwei chun infheistíocht a chur chun cinn é tionscadal na stuafhoirnéise leictrí tumtha cóimhiotail shileacain chailciam agus na giniúna cumhachta teasa iarmharaigh de chuid Ningxia Shuntai Smelting Company*".

(45) Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhar ó aon onnmhaireoir ón tSín den táirge faoi imscrúdú, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí sileacain chailciam príobháideacha agus faoi úinéireacht an Stáit a dhearbhú tuilleadh.

(46) Ina theannta sin, deimhníodh leis an imscrúdú faoi Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, gurbh ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne in earnáil an leictreachais fós, arb í an príomhthosca táirgeachta í chun sileacan cailciam a tháirgeadh. Mar a fuair an Coimisiún amach ina Thuarascáil, is saintréith de mhargadh an leictreachais sa tSín í rannpháirtíocht láidir fhiontar faoi úinéireacht an Stáit ag céimeanna éagsúla den slabhra soláthair, agus bhí thart ar 50 % den acmhainneacht giniúna faoi úinéireacht an Stáit in 2017, ach is le dhá fhiontar faoi úinéireacht an Stáit í an eangach tarchuir iomlán ([16]).

(47) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, le linn an imscrúdaithe shuigh an Coimisiún ceangail phearsanta a bheith ann idir Páirtí Cumannach na Síne ("CCP") agus cuideachta amháin ar a laghad a mhonaraíonn an táirge faoi imscrúdú. Feidhmíonn príomhoifigeach feidhmiúcháin Shenghua, a bhfuil 35 % de leas na cuideachta faoi úinéireacht aige, mar Rúnaí an Pháirtí ag an tráth céanna ([17]).

(48) Tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil sileacain chailciam faoi réir maoirseachta agus treoraíochta beartais. Cosúil le haon earnáil eile i nDaon-Phoblacht na Síne, cuirtear iallach ar na táirgeoirí sin gníomhaíochtaí neartaithe páirtí a óstáil agus bíonn dlúthchleamhnacht acu le Páirtí Cumannach na Síne agus lena idé-eolaíocht. Léirítear sa sampla seo a leanas an treocht thuas maidir le leibhéal méadaitheach idirghabhála ó Rialtas na Síne san earnáil sileacain chailciam freisin. Léiríodh san imscrúdú go leor gníomhaíochtaí neartaithe páirtí sa chuideachta Shenghua. Tá suíomh gréasáin an táirgeora go háirithe soiléir maidir le neartú páirtí Pháirtí Cumannach na Síne san fhiontar agus maidir leis an ról atá aige laistigh den

---

([13]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta: http://www.sxshyh.com/html/guanyuwomen/ (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021). "*Tá sé faoi smacht Shaanxi Nonferrous Metallurgical Mining, ar fochuideachta de chuid Shaanxi Nonferrous Group é, an fiontar mórscála atá faoi úinéireacht an Stáit. Tá lárionad teicneolaíochta fiontraíochta ag an gcuideachta atá aitheanta ar leibhéal cúige; is fiontar cuimsitheach é a dhéanann bruithniú, próiseáil, taighde agus forbairt (T&F), agus trádáil onnmhairithe ar mhiotal neamhfheiriúil agus ar fhearó-chóimhiotail. Is "fiontar ardteicneolaíochta" náisiúnta é, mar aon le "fiontar taispeántais nuálaíochta teicneolaíche" ar leibhéal Chúige Shaanxi, "fiontar tagarmharcála ardchaighdeáin" ar leibhéal Chúige Shaanxi, agus Stiúrthóir ar China Ferroalloy Industry Association agus Stiúrthóir ar Shaanxi Provincial Institute of Metals*".

([14]) Féach go háirithe an sliocht seo a leanas: "*Bunaíodh Shaanxi Shenghua Metallurgical & Chemical Co., Ltd. i mí na Samhna 2007. Tar éis na sócmhainní a atheagrú in 2013, rinneadh fochuideachta de Shaanxi Nonferrous Metals de. Faoi cheannaireacht láidir na grúpchuideachta agus le tacaíocht láidir ón rialtas agus ón tsochaí iomlán, tháinig meánbhainistíocht agus fostaithe uile na cuideachta le chéile, d'oibrigh siad go dian, agus bhain siad buntáistí suntasacha eacnamaíocha agus sóisialta amach, agus bhuaigh siad an chéad duais den Shaanxi Science and Technology Award agus bhain siad go leor onóracha eile amach […]. Is leis an gceathrú baisc d'fhiontair fearó-chóimhiotal arna bhformheas ag an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise é, agus tá an ceart aige a bheith ag allmhairiú agus ag onnmhairiú*". http://sxshyh.cn/index/index/about

([15]) Féach suíomh gréasáin Zhongwei Industrial Park - Airteagal 68: "*Féadfaidh fiontair atá ag teacht isteach i bpáirceanna tionsclaíocha ardacmhainne arna gcinntiú ag an Réigiún Féinrialaithe tairbhiú de bheartais leictreachais fhabhracha arna bhfógairt go tráthrialta ag an Réigiún Féinrialaithe*". http://www.gdsnxsh.com/h-nd-226.html (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).

([16]) In 2017, ba é 45,5 % a bhí i nginiúint leictreachais na gcúig ghineadóir cumhachta ba mhó (Huaneng, Huadian, Guodian, Datang agus State Power Investment). Sa bhreis ar na gineadóirí cumhachta eile faoi úinéireacht an Stáit, amhail China Yangtze Power Co. Ltd agus CGN, is dócha go mbeadh an figiúr níos airde ná 50 %. Foinse: http://www.wusuobuneng.cn/archives/22266 (arna rochtain an 25 Lúnasa 2017) De réir na sonraí le haghaidh 2015 ó China Statistical Yearbook 2016, National Bureau of Statistics of China, bhí 97 % de tháirgeacht agus de sholáthar comhiomlánaithe na cumhachta leictrí agus na cumhachta teasa faoi úinéireacht an Stáit (97 % de réir sócmhainní agus 83 % i dtéarmaí líon na bhfiontar). Féach an Tuarascáil, lch. 218.

([17]) http://www.sxshyh.com/html/guanyuwomen/lingdaotuandui/

chuideachta: "*Ar an 17 Iúil, reáchtáil coiste Pháirtí Cumannach na Síne le haghaidh Shaanxi Shenghua Metallurgical Chemical Co., Ltd. an ceathrú seisiún staidéir ghrúpa de chuid lárionad choiste an Pháirtí. Bhí Rúnaí an Pháirtí agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Wei Xinhua i gceannas ar an gcruinniú. D'fhreastail comhaltaí coiste an pháirtí, comhaltaí eile na gcoistí nach coistí páirtí iad chomh maith le rúnaithe brainse ar an gcruinniú. Ag an gcruinniú, chuir Yang Hui, leas-rúnaí choiste an Pháirtí, an t-ábhar staidéir PPT maidir le "The Fundamental Law of the Communist Party of China-The Party Constitution of the 19th National Congress of the Communist Party of China" [Dlí Bunúsach Pháirtí Cumannach na Síne-Bunreacht an Pháirtí den 19ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne] i láthair, agus d'áirithigh sé comhstaidéar ar an óráid a rinne Cathaoirleach Metallurgical Group ag Praise Conference dar teideal "Let"s align with the advanced and unite and forge ahead the smelting force" [Bímis ar thaobh an mhéid atá chun tosaigh agus tagaimis le chéile agus brúimis ar aghaidh leis an bhfórsa bruithnithe] ar an 1 Iúil. Rinne rannpháirtithe malartú tuairimí agus plé ar conas oibleagáidí na gcomhaltaí páirtí a chomhlíonadh agus conas a misin a chomhlíonadh. […] Chuir [Wei Xinhua] roinnt mhaith ceanglas chun cinn don fhoireann cheannaireachta agus do na comrádaithe ar comhaltaí Páirtí iad: 1. Feabhas a chur ort féin go leanúnach trí Bhunreacht an Pháirtí a léamh i gceart, […] 2. Idé-eolaíocht agus creideamh a neartú, cloí go daingean le ceannaireacht choiste Páirtí na cuideachta, "Yan"an Spirit" agus "Nail Spirit" a thabhairt ar aghaidh, agus do chuid fuinnimh a dhíriú ar thascanna chun do chuid dualgas a chomhlíonadh agus chun obair mhaith don chuideachta a áirithiú. 4. Imscrúdú a dhéanamh ar an bhfadhb oibre a bhaineann le stíl atá agat agus í a cheartú i gcomhréir le bunreacht agus disciplín an Pháirtí. Ní mór do gach brainse obair mhaith a dhéanamh maidir le hoideachas idé-eolaíochta chomhaltaí agus mheánbhainistíocht an Pháirtí agus ní mór dóibh a spiorad Páirtí a mhéadú. […] Ní mór don choiste cigireachta disciplín agus don oifig chigireachta agus mhaoirseachta disciplín a ndualgais mhaoirseachta a chur i gcrích go daingean*" ([18]).

(49) Thairis sin, fuarthas amach go bhfuil beartais lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar an margadh de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán i bhfeidhm san earnáil sileacain chailciam.

(50) Is earnáil thábhachtach do Rialtas na Síne í an tionscal sin, in éineacht le fo-earnálacha fearó-chóimhiotal eile a mbíonn ról suntasach acu maidir le táirgeacht cruach. Go háirithe, rinne an Coimisiún amach go meastar gur tionscal a spreagtar é an earnáil i gcúige Ningxia, i gcomhréir le *Catalóg 2020 NDRC maidir le tionscail spreagtha i gcúigí an Iarthair* ([19]) *de chuid Choimisiún Náisiúnta 2020 um Fhorbairt agus Athchóiriú ("NDRC")*.

(51) Maidir leis na hionchuir a theastaíonn chun sileacan cailciam a tháirgeadh, eisíodh pleananna, treoracha iomadúla agus doiciméid eile ar leibhéil éagsúla freisin. Taispeánann an ghné dheiridh sin leibhéal an chur isteach ón Stát i margaí na n-ionchur sin.

(52) Maidir le leictreachas, arb é an sciar is mó de chostais ionchuir, mar a shuigh an Coimisiún sa Tuarascáil, níl praghsanna an leictreachais bunaithe ar an margadh i nDaon-Phoblacht na Síne agus déanann saobhadh suntasach difear dóibh freisin (trí shocrú lárnach praghsanna, trí dhifreáil praghsanna agus trí chleachtais cheannaigh cumhachta dhíreacha) ([20]). Cé gur tháinig roinnt athruithe agus athchóirithe ar an margadh fuinnimh sa tSín ([21]), níl roinnt praghsanna atá ábhartha don chóras fuinnimh bunaithe ar an margadh go fóill. Aithníonn an rialtas go bhfuil na praghsanna fós faoi smacht an Stáit den chuid is mó: "*Tá bainistíocht reatha ar phraghas an leictreachais fós bunaithe ar phraghsanna an rialtais. Is minic go mbíonn coigeartuithe praghais chun deiridh ar athruithe i gcostais agus bíonn sé deacair costais na húsáide leictreachais a léiriú ar bhealach tráthúil agus réasúnta […] Níl sásra iomaíoch éifeachtach do dhíol leictreachais suite go fóill, tá idirbhearta margaidh idir fiontair ghiniúna cumhachta agus úsáideoirí teoranta agus bíonn sé deacair ról cinntitheach an mhargaidh a thabhairt isteach i leithdháileadh acmhainní*" ([22]). Tá an laige margaidh sin arb é an Stát is cúis léi ag tionscnamh iarrachtaí breise chun an margadh a bhainistiú, rud a léirítear i roinnt doiciméad riaracháin a tháinig ina dhiaidh sin. Mar shampla, i mí na Samhna 2020, d'eisigh NDRC an *Fógra maidir le síniú conarthaí leictreachais meántéarmacha agus fadtéarmacha 2021 a chur chun cinn* ([23]). Ordaítear go háirithe leis an

---

([18]) Féach airteagal an 20 Iúil 2020 ar shuíomh gréasáin na cuideachta: http://www.sxshyh.com/html/xinwenzixun/gongsixinwen/301.html (arna rochtain an 27 Iúil 2021 den uair dheireanach). Tá cuntais eile den sórt sin d'obair neartaithe Páirtí ar fáil. Féach freisin an tuairisc ar chruinniú eile i mí Feabhra 2018: "*Is é an Comrádaí Wei Xinhua, Rúnaí an Pháirtí agus Bainisteoir Ginearálta na cuideachta a d'óstáil an imeacht. Ag an gcruinniú, bhí an Comrádaí Yang Hui, Leas-rúnaí Choiste an Pháirtí, Rúnaí an Choiste Araíonachta, agus Cathaoirleach an Cheardchumainn Saothair ag Shenghua Metallurgical Chemical Industry Co., Ltd. i gceannas ar thopaic an Imscrúdaithe Speisialta dar teideal "Unbalanced and Insufficient Development" [Forbairt Neamhchothrom agus Easnamhach] de chuid Non-Ferrous Group, agus shoiléirigh sé cuspóir agus tábhacht an phlé: chun spiorad an 19ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne a chur chun feidhme go hiomlán, i gcomhréir le doiciméid agus le ceanglais Pháirtí an Choiste de "Nonferrous Metals Group Corporation" agus Pháirtí an Choiste de "Metallurgical Group", ag tosú leis na gnéithe d'obair neartaithe páirtí, de tháirgeacht agus d'fheidhmiú, de bhainistíocht rialaithe inmheánaigh, d'athchóiriú agus de nuálaíocht, agus anailís chúramach a dhéanamh ar chomharthaí agus ar chúiseanna le héagothroime agus le heasnaimh forbartha na cuideachta féin agus réitigh agus bearta a mholadh.*" http://www.sxshyh.com/html/dangqungongzuo/dangjiangongzuo/2018/0205/211.html (arna rochtain an 27 Iúil 2021).

([19]) Féach pointe IX.5 den Chatalóg. https://www.ndrc.gov.cn/yjzxDownload/20200812xbdqgllcyfzml.pdf (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021)

([20]) Tuarascáil – Caibidil 10, lgh. 221-230.

([21]) Mar shampla, in 2002 bhain athchóirithe an ghiniúint cumhachta de tharchur agus de líonraí dáilte agus déanann eintitis aonair an dá cheann díobh a oibriú anois.

([22]) *Opinions Regarding the Deepening of the Power Sector"s Reform [Tuairimí maidir le Athchóiriú na hEarnála Cumhachta a Néartú* eisithe ag Coiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ag Comhairle an Stáit i mí an Mhárta 2015.

([23]) https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202012/t20201202_1252094.html?code=&state=123 (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).

doiciméad sin "*gach iarracht a dhéanamh le háirithiú nach bhfuil an méid leictreachais atá ar conradh níos ísle ná 80 % den mheánmhéid le 3 bliana anuas*", agus maidir le praghsáil chun "*sásra réitigh athraithe a shuí […] i rialacháin an mhargaidh áitiúil chun dul i ngleic le hathruithe idir an méid cumhachta atá ar conradh agus an cur chun feidhme iarbhír*" agus chun " "*feabhas a chur ar shásra meántéarmach agus fadtéarmach an phraghais idirbhirt. Cuirfidh gach ceantar na praghsanna tarchurtha agus dáileacháin cumhachta arna bhformheas ag an rialtas chun feidhme go daingean.*" Tá forálacha sonracha maidir le cur chun feidhme san Fhógra freisin, go háirithe trí shásra rianaithe don dul chun cinn maidir le síniú conartha a bhunú, nó trí fhaireachán, trí nochtadh agus trí fhorfheidhmiú conarthaí a neartú ([24]). Thairis sin, i mí Eanáir 2021, d'eisigh Comhairle an Stáit *Tuairim NDRC maidir le táillí uisce uirbigh, leictreachais agus soláthairtí teasa a chaighdeánú chun forbairt ardchaighdeáin na hearnála a chothú*. Tá forálacha sonracha san Fhógra maidir le praghsáil rialtais "*[…] Maidir le tionscadail faoi réir praghsáil rialtais nó praghsanna faoi threoir an rialtais, an comhdhéanamh costais a chinneadh ar bhealach réasúnta, maoirseacht agus athbhreithniú costais a neartú, feabhas a chur ar an sásra praghas-mhúnlaithe agus leibhéal na bpraghsanna a chinneadh ar bhealach eolaíoch. […]*" I measc "phríomhspriocanna" an Fhógra, tagraítear go sonrach don sásra ionchuir rialtais maidir le praghsáil, agus do dhifreáil earnála na modhanna praghsála: "*Faoi 2025, bainfear torthaí soiléire amach trí na muirir sa soláthar uisce, sa soláthar cumhachta, agus san earnáil gáis agus teasa a ghlanadh agus a chaighdeánú. Bunófar bonn le haghaidh sásra praghas-mhúnlaithe atá eolaíoch, caighdeánaithe agus trédhearcach, agus cuirfear tuilleadh feabhais ar an sásra ionchuir rialtais. Cuirfear feabhas suntasach ar mhodhanna praghsála is infheidhme maidir le hearnálacha gaolmhara, ar mhodhanna maoirseachta agus athbhreithnithe costais, ar iompraíocht maidir le praghsanna agus ar chumhdach caighdeánach, cuimsitheach seirbhísí, agus ar cháilíocht agus éifeachtúlacht an tsoláthair uisce, leictreachais, teasa agus táirgí agus seirbhísí eile*" ([25]).

(53) Is amhábhar eile é gual a úsáidtear chun sileacan cailciam a tháirgeadh. Mar a fuair an Coimisiún amach ina Thuarascáil, tá an margadh guail i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir saofa, go háirithe de thoradh an fhóirdheonaithe ([26]) agus tríd an mbainistíocht a dhéantar agus an smacht atá ar shaothrú na n-acmhainní guail ([27]). Ina theannta sin, san imscrúdú maidir le Glútamáit Mhonasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise, fuair an Coimisiún fianaise maidir le cur isteach ón Stát ar fhórsaí an mhargaidh san earnáil guail sa tSín ar leibhéal cúige, go háirithe sa Chúige Shandong, trí bhíthin doiciméid phleanála lena rialaítear soláthar, suíomh agus patrúin thionsclaíocha ([28]). San imscrúdú reatha, shuigh an Coimisiún gnéithe breise de chur isteach ón Stát. I mí na Bealtaine 2021, d'eisigh an tÚdarás Náisiúnta um Fhuinneamh (NEA) agus NDRC go comhpháirteach an *Fógra maidir le bearta Bainistíochta le haghaidh critéir chumais agus critéir formheasa tháirgeadh na mianach guail*, agus é d'aidhm acu cumais na mianach guail a rialú agus teorainneacha ábhartha a chur i bhfeidhm, nithe a ríomhtar ar bhonn an fhógra ([29]). Mar shampla eile de ghníomhaíocht rialaithe fhorleathan ón Stát sa mhargadh guail, i mí na Nollag 2020, d'eisigh NDRC an *Fógra maidir le síniú agus feidhmíocht conarthaí guail meántéarmacha agus fadtéarmacha in 2021 a áirithiú* ([30]). Cuireann an Fógra an sprioc chun cumhacht agus maoirseacht an Stáit a mhéadú sa phróiseas conarthach i dtábhacht go sainráite: "*Páirt níos fearr a thabhairt do ról an rialtais, díriú ar struchtúr an chórais a neartú, feabhas a chur ar rialacha idirbhirt, maoirseacht creidmheasa a neartú, agus páirtithe ábhartha a threorú chun feasacht a ardú faoin staid ar an iomlán, freagrachtaí sóisialta a ghlacadh, feidhmíocht conartha a chaighdeánú, agus feidhmiú comhréidh an mhargaidh ghuail a áirithiú.*" Tugann an fógra treoir freisin chun "*féinsmacht an tionscail a neartú. Treoróidh gach comhlachas tionsclaíoch ábhartha fiontair chun féinsmacht a neartú, chun ceanglais na gconarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur chun feidhme go cuí, agus gan staid sholáthair agus éilimh an mhargaidh agus staid bhuntáisteach an tionscail a úsáid chun conarthaí éagothroma a shíniú. Beidh ról eiseamláireach ag fiontair mhórscála, féinrialóidh siad sínithe conartha, ardóidh siad an fheasacht atá acu faoi ghealltanais a chomhlíonadh, cuirfidh siad chucu freagracht shóisialta a*

([24]) Go háirithe "*Tuairisceoidh ranna rialtais, i gcomhar leis an eintiteas a tugadh ar iasacht don Údarás Náisiúnta um Fhuinneamh, don Choimisiún um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta agus don Údarás Stáit um Fhuinneamh go tráthúil maidir le conarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a shíniú agus maidir le saincheisteanna ábhartha, agus áiritheoidh siad an nasc idir síniú na gconarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha agus an spotchumhacht.*"

([25]) http://www.gov.cn/zhengce/content/2021-01/06/content_5577440.htm (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).

([26]) Tuarascáil – Caibidil 10.

([27]) Tuarascáil – Caibidil 12, lch. 269.

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 63), aithris 81.

([29]) Ar fáil ag suíomh gréasáin NEA: www.nea.gov.cn/2021-05/18/c_139953498.htm (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).

([30]) Fógra Uimh. 902 (2020) ó NDRC https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202012/t20201207_1252389.html?code=&state=123 (arna rochtain an 5 Lúnasa 2021)

*ghlacadh maidir le soláthar agus praghsanna seasmhacha a áirithiú, agus cuirfidh siad oibríocht chomhréidh an mhargaidh ghuail chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.*" Is fiú a thabhairt faoi deara go háirithe an treoir shoiléir a thugtar gan staid an tsoláthair agus an éilimh sa mhargadh a úsáid nuair atá conarthaí á síniú. I mí Aibreáin 2021, d'eisigh NDRC *Fógra breise maidir le maoirseacht agus bainistíocht conarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha guail 2021 a áirithiú,* agus é mar aidhm aige maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar chomhlíontacht conarthaí díolacháin agus an soláthar guail a áirithiú (go háirithe bunaithe ar fhorálacha Fhógra Uimh 902 a luadh roimhe seo). Ar an mbonn sin, ba cheart do pháirtithe ábhartha a áirithiú go háirithe nach bhfuil an ráta comhlíontachta míosúla níos lú ná 80 %, agus nach bhfuil an ráta comhlíontachta ráithiúla agus bliantúla níos lú ná 90 % ([31]).

(54) Is léir idirghabhálachas ón Stát i margadh an ghuail freisin leis an gcinneadh a rinneadh le déanaí chun síneadh bliain amháin eile a chur le ham na hoibríochta trialaí do mhianaigh ghuail atá dúnta agus an cuspóir aige aschur agus soláthar a mhéadú, chun cur in aghaidh méaduithe praghais an tráchtearra (tar éis do tháirgeacht na mianach a bheith curtha ar fionraí roimhe sin) ([32]).

(55) Thairis sin, cumhdaítear an dá amhábhar thábhachtacha eile a úsáidtear chun sileacan cailciam a mhonarú – grianchloichít agus aolchloch – sa 13ú Plean Cúig Bliana le haghaidh Acmhainní Mianraí, a cheadaíonn an Stát na príomh-mhargaí acmhainní mianraí a bhainistiú i nDaon-Phoblacht na Síne i mbeagnach gach ceantar ([33]). Thairis sin, deimhníodh leis an imscrúdú, de réir leagan 2020 den Fhardal maidir le Srianta ar Onnmhairiú i ndáil le hAmhábhair Thionsclaíocha ó ECFE, go raibh grianchloichít (Cód HS 250590) faoi réir ceanglais cheadúnaithe onnmhairithe neamh-uathoibríoch ([34]) in 2019 i nDaon-Phoblacht na Síne, a bhfuil an acmhainn aige srian a chur le gníomhaíocht onnmhairithe agus saobhadh a dhéanamh ar an margadh, dá bhrí sin.

(56) Mar is féidir a fheiceáil ó na samplaí thuas, bainistíonn Rialtas na Síne forbairt na hearnála sileacain chailciam i gcomhréir le raon leathan uirlisí agus treoracha beartais agus rialaíonn siad beagnach gach gné i bhfeidhmiú na hearnála. Baineann an treoraíocht agus idirghabháil rialtais seo leis na príomh-ionchuir a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi imscrúdú freisin. Mar shampla, admhaíonn Shenghua go n-ailíníonn sé a n-oibríochtaí gnó le doiciméid phleanála lárnaigh agus le príomhbheartais Stáit, mar a thuairiscítear ina gcuspóirí corparáideacha: "*Gach iarracht a dhéanamh tionscadail amhail cailciam miotail ardíonachta, sileacan tionsclaíoch ar ghrád ceimiceach, agus línte táirgthe miotalóireachta micreathonnacha agus tionscadail eile a thógáil agus a chur chun feidhme faoi dheireadh an '13th Five-Year Plan' [an 13ú Plean Cúig Bliana].* Maíonn an chuideachta freisin go mbíonn sí *'ag dul in oiriúint go gníomhach ar normáltacht nua na forbartha eacnamaíche náisiúnta, go dtuigeann sí i gceart treoir nua na mbeartas athchóirithe ar thaobh an tsoláthair, go gcuireann sí freagracht na táirgeachta sábháilte agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun feidhme go dúthrachtach, agus, ar bhonn na ceannaireachta cobhsaí a chuireann sí i bhfeidhm sa tionscal cóimhiotal sileacain chailciam, go mbíonn sí ag brath ar bhainistíocht, ar bhuanna, agus ar thaighde eolaíoch Shaanxi Nonferrous Group*" ([35]).

(57) I dteannta a luaitear thuas, is tairbhithe d'fhoirmeacha éagsúla tacaíochta ón Stát iad táirgeoirí sileacain chailciam, rud a chuireann leas na n-údarás san earnáil seo in iúl. Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gur thairbhigh Ningxia Shun Tai Smelting de thacaíocht i ngeall ar a bhunaíocht in Zhongwei Industrial Park (féach aithris 44), ach gur aithníodh an chuideachta Ketong mar " 2020 Autonomous Region Enterprise Technology Center" [Lárionad Teicneolaíochta Fiontraíochta i Réigiún Féinrialaithe 2020]. I ndáil leis sin, thuairiscigh na meáin áitiúla an méid seo a leanas: "*De réir na rialachán ábhartha, gheobhaidh an lárionad teicneolaíochta fiontraíochta ar leibhéal an réigiúin fhéinrialaithe, atá aitheanta amhlaidh den chéad uair, tacaíocht airgeadais de RMB 1 mhilliún.*" ([36]) Dheimhnigh tuairiscí ó mheáin áitiúla eile tacaíocht an chúige i leith na cuideachta: "*Chuir an duine ábhartha atá i gceannas ag Roinn Tionsclaíochta agus Teicneolaíochta Faisnéise an Réigiúin Fhéinrialaithe in iúl go bhfuil claochlú struchtúrach, claochlú glas, claochlú cliste agus claochlú teicneolaíoch na bhfiontar tionsclaíochta á gcur chun cinn go fonnmhar ag ár gceantar, tríd an slabhra tionsclaíochta a leathnú, a mheastar a bheith ina thosaíocht, agus tríd an gclaochlú glas, claochlú cliste agus claochlú teicneolaíoch freisin, claochluithe a mheastar a bheith ina bpríomh-uirlisí, agus go bhfuil an coigeartú struchtúrach agus na huasghrádaithe táirge sa tionscal amhábhair á gcur chun cinn aige freisin. […] Maidir le hábhair chóimhiotail speisialta, tacaíonn ár réigiún le forbairt cóimhiotal ardteochta, cóimhiotal frithchreimneach, cóimhiotal ultra-ardnirt agus ábhar eile a bhfuil airíonna speisialta agus feidhmeanna speisialta acu. Ag brath ar fhiontair amhail Shengyan Industrial, Ketong New Materials, agus Jun Magnetic New Materials, déanfar dul chun cinn i bpríomhtheicneolaíochtaí chun ábhair chóimhiotail a bhfuil saincheanglais acu a fhorbairt amhail ardfhriotaíocht in aghaidh teochta, ábhair ardnirt agus ardfhriotaíocht in aghaidh creimeadh, a úsáidtear go forleathan i réimse na cruach dosmálta agus na cruach speisialta*" ([37]).

---

([31]) Fógra 338 (2021). www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202104/t20210429_1278643.html (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).

([32]) Féach tuairisc ar shuíomh gréasáin Nasdaq (buntuairisc le Reuters Beijing Newsroom). *Ceadaíonn an tSín síntí trialacha 1 bhliain amháin ag 15 mhianach guail chun an t-aschur a mhéadú.* an 4 Lúnasa 2021. https://www.nasdaq.com/articles/china-grants-one-year-trial-extensions-at-15-coal-mines-to-boost-output-2021-08-04.

([33]) Tuarascáil – Roinn 12.3.1.1. Léirítear aolchloch agus grianchloichít go háirithe in Aguisín 4 den Phlean maidir le caighdeáin dearaidh le haghaidh an íos-scála mianadóireachta de phríomh-mhianraí.

([34]) Le fáil ag: https://qdd.oecd.org/subject.aspx?Subject=ExportRestrictions_IndustrialRawMaterials

([35]) Suíomh gréasáin na cuideachta. http://www.sxshyh.com/html/guanyuwomen/

([36]) Féach tuairisc in Ningxia News: *Cruthaíonn an Réigiún Féinrialaithe Ningxia 5 lárionad teicneolaíochta fiontraíochta eile.* an 27 Deireadh Fómhair 2020. http://www.nxnews.net/sz/nxdj/202010/t20201027_6904926.html (arna rochtain an 6 Lúnasa 2021).

([37]) Féach tuairisc in Ningxia Daily: *Déanann Ningxia an slabhra soláthair a neartú, a leathnú agus a fhorbairt chun tionscal amhábhair uasghrádaithe a chruthú.* an 11 Meán Fómhair 2020. http://nx.cnr.cn/xwdd/20200911/t20200911_525250053.shtml (arna rochtain an 5 Lúnasa 2021)

(58) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh le cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear sileacan cailciam a mhonarú chomh maith leis na príomh-amhábhair a úsáidtear i monaraíocht an táirge sin. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(59) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, san earnáil sileacain chailciam dá dtagraítear thuas in aithris (41), níor léirigh an t-imscrúdú aon fhianaise nach ndéanfadh an méid sin difear do mhonaróirí an táirge faoi imscrúdú.

(60) Tá tionchar freisin ag saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (41) freisin ar an earnáil sileacain chailciam. Déanann an saobhadh sin difear go díreach don earnáil (nuair a bhíonn an táirge atá faoi imscrúdú nó na príomh-amhábhair a úsáidtear lena tháirgeadh á ndéanamh), agus go hindíreach (nuair atá rochtain acu ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

(61) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha a thabharfadh le fios go mbeadh an earnáil sileacain chailciam díolmhaithe ó idirghabháil ón rialtas san earnáil airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (41) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(62) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí sileacain chailciam na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(63) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí na praghsanna díola intíre de shileacan cailciam le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(64) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin. Chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin Ketong agus Shenghua roinnt mhaith barúlacha isteach, áfach.

(65) D'áitigh Ketong nach luíonn an mhodheolaíocht a fhorordaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a bhunú le Prótacal maidir le hAontachas na Síne leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), le Comhaontú Frithdhumpála EDT, agus leis an rialú ó Chomhlacht Réiteach Díospóide EDT, agus nár cheart iad a chur chun feidhme, dá bhrí sin.

(66) Sa chéad dul síos, mheabhraigh Ketong gur cheadaigh Roinn 15 den Phrótacal maidir le hAontachas na Síne le EDT maoluithe ón modheolaíocht chaighdeánach maidir le gnáthluach agus inchomparáideacht praghsanna a chinneadh faoi Airteagal VI de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaiffí agus Trádáil (GATT 1994) agus den Chomhaontú Frithdhumpála, ach bhí teorainn ama leis na maoluithe sin, toisc go ndeachaigh siad in éag ar an 11 Nollaig 2016. De réir Ketong, ón 12 Nollaig 2016 ar aghaidh, níor cheart don Aontas imeacht ón modheolaíocht chaighdeánach maidir le gnáthluach tháirgeoirí na tíre is onnmhaireoir a bhunú, ná imeacht ó phraghsanna agus costais náisiúnta na tíre is onnmhaireoir amháin a úsáid, seachas forálacha eile de chuid chomhaontuithe EDT lena n-áirítear cead faoin gComhaontú Frithdhumpála. Mhaígh Ketong go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcoinne ghealltanas an Aontais faoi chomhaontuithe EDT, go háirithe a ghealltanas faoi Roinn 15 den Phrótacal maidir le hAontachas na Síne le EDT, a mhéid a cheadaíonn sé an tAontas sonraí tíre ionadaíche iomchuí a úsáid.

(67) D'áitigh Ketong freisin nach gceadaítear le hAirteagal 2 den Chomhaontú Frithdhumpála faisnéis a úsáid seachas an fhaisnéis sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a shuí. I gcásanna eisceachtúla, nuair atá gá leis an ngnáthluach a ríomh, ní mór na sonraí a bhaineann le costas táirgthe agus le costais SGA agus le brabúis a fháil ó fhoinsí sa tír is onnmhaireoir. De réir Ketong, ní ann do thuairim an tsaofa shuntasaigh sa Chomhaontú Frithdhumpála fiú.

(68) Sa dara dul síos, mheabhraigh Ketong go ndearna Buanchomhlacht Achomhairc EDT san *Aontas Eorpach – Bearta frithdhumpála maidir le bithdhíosal ón Airgintín* ([38]) amach gur ghníomhaigh an tAontas go neamhréireach le hAirteagal 2.2.1.1 den Chomhaontú Frithdhumpála ós rud é nár úsáid sé na taifid arna gcoimeád ag na táirgeoirí faoi imscrúdú mar bhonn chun costas táirgeachta an táirge faoi imscrúdú a ríomh. Luaigh Ketong go sonrach i bhfianaise an rialaithe sin, nach raibh saobhadh san Airgintín a bhí ina chúis le difríocht idir praghsanna intíre agus praghsanna idirnáisiúnta phríomhamhábhar an táirge lena mbaineann ina bhunús leordhóthanach ann féin faoi Airteagal 2.2.1.1 chun a chinneadh nár léirigh taifid táirgeora costais an amhábhair a bhain le táirgeadh agus díol an táirge lena mbaineann, ná chun neamhaird a dhéanamh ar na costais sin agus gnáthluach an táirge lena mbaineann á ríomh.

(69) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Shenghua nach bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le dlí EDT.

(70) Ar an gcéad dul síos, mhaígh Shenghua nach sainaithnítear sa Chomhaontú Frithdhumpála coincheap an tsaofa shuntasaigh in Airteagal 2.2, airteagal faoina gceadaítear ríomh an ghnáthluacha sa chás nach bhfuil aon díolachán i ngnáthchúrsa na trádála agus sa chás sin amháin. Thug Shenghua faoi deara nach bhfuil aon airteagal sa Chomhaontú Frithdhumpála lena gceadaítear sonraí ó thríú tír nach féidir a léiriú leo leibhéal praghsanna nó costais na tíre is onnmhaireoir atá le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Dá bhrí sin leis an gComhaontú Frithdhumpála, ceanglaítear go ndéantar an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó costas díolacháin lena léirítear an praghas nó an leibhéal costais sa tír thionscnaimh. Dá réir sin, ní féidir leis an bpraghas ríofa, atá bunaithe ar phraghsanna sa tír ionadaíoch, an praghas agus an leibhéal costais sa tír is onnmhaireoir a léiriú.

(71) Ar an dara dul síos, mhaígh Shenghua gur ghá an gnáthluach ríofa a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2.2.1.1 den Chomhaontú Frithdhumpála agus le léirmhíniú Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT in *An tAontas – Bithdhíosal* (DS473), fiú dá mbeadh coincheap an tsaofa shuntasaigh i gcomhréir le dlí EDT. Maidir le saobhadh suntasach sa tír is onnmhaireoir, ní mór dóibh teacht faoi shainmhíniú ceachtar de dhíolacháin nach mbaineann le "gnáthchúrsa trádála" nó díolacháin nach mbaineann le "staid margaidh ar leith." D'áitigh Shenghua, cé nach bhfuil coincheap "ghnáthchúrsa na trádála" sainithe go sainráite sa Chomhaontú Frithdhumpála, de réir Airteagal 2.2.1 nach féidir caitheamh le díolacháin táirge mar dhíolacháin nach bhfuil de réir ghnáthchúrsa na trádála agus nach féidir neamhaird a thabhairt orthu "*ach amháin […] más rud é go ndéantar na díolacháin sin laistigh de thréimhse ama sínithe agus i gcainníochtaí substaintiúla agus ar phraghsanna nach nach bhforálann maidir leis na costais uile a aisghabháil […]*". I bhfianaise an mhéid sin, mhaígh Shenghua nár chruthaigh an Gearánach go dtagann an saobhadh suntasach líomhnaithe faoi cheachtar den chatagóir díolacháin "nach bhfuil i ngnáthchúrsa trádála" nó faoi "staid margaidh ar leith."

(72) Mheas an Coimisiún go bhfuil forálacha Airteagal 2(6a) go hiomlán comhsheasmhach le hoibleagáidí EDT an Aontais agus leis an dlí-eolaíocht a luann Ketong agus Shenghua araon. Maidir leis na gealltanais faoi Roinn 15 de Phrótacal maidir le hAontachas na Síne le EDT, meabhraíonn an Coimisiún maidir le himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le táirgí ón tSín, go bhfuil feidhm fós ag na codanna de Roinn 15 den Phrótacal nach bhfuil imithe in éag agus an gnáthluach á chinneadh, a mhéid a bhaineann le caighdeán an gheilleagair margaidh agus i ndáil le húsáid modheolaíochta nach bhfuil bunaithe ar chomparáid dhocht le costais nó praghsanna sa tSín araon.

(73) Maidir le cás *an Aontais – an Bhithdhíosail*, ní raibh baint ag an rialú ábhartha le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le foráil shonrach d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Is é tuairim an Choimisiúin go gceadaítear le dlí ETD arna léirmhíniú ag Painéal agus Buanchomhlacht Achomhairc EDT in *An tAontas – Bithdhíosal* sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú mar is cuí nuair is gá leis an gcoigeartú sin agus nuair atá bonn cirt leis. Más ann do shaobhadh suntasach, ní iomchuí úsáid a bhaint as costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, beartaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhaireoir.

(74) Maidir leis an maíomh i ndáil le fianaise neamhdhóthanach ón nGearánach, bhain an bunús dlí agus an fhianaise bhunúsach sa ghearán le coinníollacha chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mar a shonraítear i bPointe 3 den Fhógra tionscnaimh, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar shaobhadh suntasach mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán chun an t-imscrúdú a thionscnamh. Níl aon cheanglas fianaiseach breise den chineál a líomhain an páirtí seo in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(75) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh Ketong agus Shenghua.

(76) D'áitigh Ketong nár cheart a ghnéithe costais nó praghais, nár chruthaigh an Coimisiún go ndearnadh saobhadh orthu, a choigeartú nó a shuí ar bhonn difriúil.

([38]) *An tAontas Eorpach – Bearta frithdhumpála maidir le Bithdhíosal ón Airgintín*, Tuarascáil ó Appellate Body, WT/DS473/AB/R, §6.23.

(77) D'áitigh Ketong, dá gcinnfeadh an Coimisiún Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, bheadh sé míréasúnta na tosca costas uile a ionadú le sonraí ó fhoinsí eile mar, de réir fhoclaíocht na forála sin, ní dhéanfar praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa a chur in ionad aon rud seachas na costais táirgthe agus na díolacháin sin a cruthaíodh go ndearna saobhadh orthu. Go sonrach, dúirt Shenghua gur theip ar an ngearánach a chruthú go ndearnadh saobhadh ar na costais saothair i dtionscal sileacain chailciam na Síne, dá bhrí sin, bhí sé de cheart don Choimisiún na costais saothair éifeachtacha arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin a úsáid. Dúirt Shenghua go raibh sé míréasúnta na costais saothair a ionadú leis na cinn ó thríú tír toisc go raibh siad faoi thionchar roinnt tosca amhail caidreamh idir an soláthar agus an t-éileamh sa mhargadh lena mbaineann, a mhéid a úsáideadh an t-uathoibriú sa phróiseas táirgeachta, agus leibhéal phraghas an tráchtearra sa cheantar ina raibh na táirgeoirí lonnaithe. Dúirt Shenghua freisin go n-athraíonn na costais saothair ní hamháin de réir tíre ach de réir táirgeoirí éagsúla de chuid na Síne chomh maith. Dúirt Shenghua gurb amhlaidh an cás maidir le fuinneamh, costais SGA agus brabúis freisin.

(78) Mar fhreagra ar an maíomh a bhaineann leis an easpa fianaise ar shaobhadh i gcostais saothair ag céim an tionscnaimh, tagraíonn an Coimisiún dá réasúnaíocht in aithrisí (41) agus (63). Ní tharlaíonn an cinneadh maidir le láithreacht an tsaofa shuntasaigh agus an úsáid ina dhiaidh sin as an modheolaíocht a shonraítear le hAirteagal 2(6a)(a) ach tráth an nochta shealadaigh agus/nó chinntithigh. Sa chás sin, mheas an Coimisiún gur leordhóthanach an fhianaise a thíolaic an gearánach ar an saobhadh suntasach chun an t-imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin. Cé go n-aithníonn an Coimisiún gur féidir le costais tuarastail a bheith éagsúil ó thír go tír nó fiú idir earnálacha, shuigh an Coimisiún, de thoradh a imscrúdaithe, go raibh tionchar ag saobhadh ar an margadh an tsaothair i nDaon-Phoblacht na Síne ar feadh na tíre ar fad. Tá iarmhairt shaobhach ar chruthú pá i nDaon-Phoblacht na Síne le haghaidh gach oibreoir eacnamaíoch ag na saincheisteanna a bhaineann go dlúth le margadh saothair sa tSín, lena n-áirítear easpa ceardchumann atá neamhspleách ar an rialtas agus na srianta soghluaisteachta atá ar an lucht saothair mar gheall ar an gcóras clárúcháin teaghlaigh. Ní athraítear an toradh sin toisc go bhféadfadh costais phá a bheith difriúil i dtíortha eile nó go bhféadfadh sé a bheith éagsúil laistigh de Dhaon-Phoblacht na Síne.

(79) Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún tuilleadh, mar a thugtar tuairisc mhionsonraithe air in aithrisí (51) go (55), go raibh margaí le haghaidh ionchuir a d'úsáid táirgeoirí sileacain chailciam i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir go leor saobhadh suntasach, ní hamháin saobhadh sonrach ach saobhadh de chineál trasearnála freisin. Bhí an cás mar an gcéanna maidir le táirgeoirí ionchur níos bunúsaí a úsáidtear chun sileacan cailciam agus a amhábhair a mhonarú. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh na costais uile a bhaineann le hionchuir a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear fuinneamh, saofa i nDaon-Phoblacht na Síne. Ó tharla, mar a mhaígh Shenghua, go bhfuil difríochtaí sna costais fuinnimh idir tíortha éagsúla, ní athraítear measúnú an Choimisiúin maidir leis na praghsanna fuinnimh a ndéantar saobhadh orthu i nDaon-Phoblacht na Síne.

(80) I ndáil leis sin, cé go gceadaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán úsáid a bhaint as costais intíre, lena n-áirítear costais soláthair nó fuinnimh, más rud é go suitear go cinnte nach bhfuil siad saofa, níl aon fhianaise ar an gcomhad lena suitear nach bhfuil an saobhadh ar fud na tíre infheidhme maidir le táirgeoirí sileacain chailciam. Dá réir sin, ní fhéadfaí costais intíre den sórt sin a úsáid chun an gnáthluach a ríomh.

(81) Maidir le costais SGA agus brabúis, thug an Coimisiún dá aire gur ón uair a chinntear nach iomchuí praghsanna agus costais sa tír is onnmhaireoir a úsáid de bharr saobhadh suntasach a bheith ann don tír is onnmhaireoir de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch iomchuí chun an gnáthluach a ríomh le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a). Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go gceanglaítear leis an Airteagal deiridh go sonrach freisin go n-áirítear leis an ngnáthluach ríofa suim réasúnta de chostais neamhshaofa riaracháin, costais díola agus ghinearálta, agus de bhrabúis. Má chruthaíonn an Coimisiún, le linn a imscrúdaithe bunaithe ar an bhfianaise ar fad atá sa chomhad, gurb ann do shaobhadh suntasach lena ndéantar difear don táirge lena mbaineann sa tír is onnmhaireoir, is intuigthe dá thoradh sin go ndéanann an saobhadh sin difear do chostais SGA na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin freisin.

(82) Diúltaíodh maímh Ketong agus Shenghua, dá bhrí sin.

(83) Mhaígh Shenghua freisin, fiú dá n-úsáidfí sonraí ó fhoinsí eile, bheadh sé míréasúnta sonraí ó thríú tír a úsáid mar an praghas neamhshaofa. Thagair Shenghua do rún an Choimisiúin tagairt do bhunachar sonraí Global Trade Atlas [Atlas Trádála Domhanda] (GTA) le haghaidh praghsanna allmhairiúcháin na tíre ionadaíche agus mheas sé gur cheannaigh sé gach amhábhar chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh laistigh den tír le linn na tréimhse

imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún foinse sonraí níos iontaofa agus níos réasúnta a úsáid agus, cibé foinse sonraí a úsáidtear, ba cheart coigeartuithe iomchuí (amhail le haghaidh costas seachadta) a dhéanamh chun a áirithiú go socrófar an praghas neamhshaofa líomhnaithe faoi na téarmaí ceannaigh céanna le hamhábhair a cheannaigh Shenghua.

(84) A mhéid a bhaineann leis an argóint sin, thug an Coimisiún dá aire, ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (41) go (63), go gcuireann sé Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i bhfeidhm san imscrúdú reatha. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún faoi cheangal costais neamhshaofa a úsáid i dtír ionadaíoch iomchuí chun a áirithiú nach bhfuil tionchar ag saobhadh ar an gcostas atá i bhfeidhm agus go bhfuil siad bunaithe ar shonraí atá ar fáil go héasca, amhail na sonraí allmhairiúcháin atá i mbunachar sonraí GTA. In éagmais sonraí ó Shenghua chun a mhaíomh maidir le coigeartuithe iomchuí (amhail le haghaidh costas seachadta níos airde) a chruthú, meastar go gcomhlíonann luachanna allmhairiúcháin na tíre ionadaíche critéir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus go soláthraíonn siad meastachán réasúnta ar an bpraghas sa tír ionadaíoch lena n-áirítear na costais seachadta. Ina theannta sin, toisc go mbíonn na hionchuir allmhairiúcháin san iomaíocht i margadh intíre na tíre ionadaíche ó thaobh praghsanna de, mheas an Coimisiún gur ionadach iontaofa iad. Dá mba rud é nach gcuirfí na costais seachadta ar fad i gcás allmhairiúcháin san áireamh, ní léireodh an praghas a bheadh ann dá thoradh sin an praghas neamhshaofa ar mhargadh na tíre ionadaíche. Bheadh sé sin contrártha d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh sin.

(85) I bhfianaise an mhéid thuas, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar shaor-idirghníomhaíocht fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

### 3.3. **Tír ionadaíoch**

#### 3.3.1. *Barúlacha ginearálta*

(86) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([39]);

— Táirgeadh an táirge lena mbaineann sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(87) Mar a mhínítear in aithrisí (35) agus (36), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i ndáil leis an gcomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara Nóta faoi thosca táirgeachta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Bhrasaíl; a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([39]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

3.3.2. *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne*

(88) Sa Chéad Nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún an Airgintín, an Bhrasaíl, an Chasacstáin, an Mhalaeisia, agus Meicsiceo mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad go léir mar thíortha "ard-mheánioncaim" ar bhonn ollioncam náisiúnta.

(89) Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcosúlacht idir Daon-Phoblacht na Síne agus leibhéal forbartha eacnamaíche na dtíortha a shainaithin an Coimisiún.

(90) Thug Ketong dá aire gur aicmigh an Banc Domhanda an Rúis mar "thír ard-mheánioncaim" freisin, cosúil le Daon-Phoblacht na Síne agus d'iarr sé ar an gCoimisiún an tír sin a mheas mar thír ionadaíoch fhéideartha freisin. Níor aimsigh an Coimisiún, áfach, aon táirgeoir sileacain chailciam sa Rúis a raibh a fhaisnéis airgeadais ar fáil go poiblí agus a bhí ionadaíoch chun críche gnáthluach an táirge faoi imscrúdú a ríomh agus, dá bhrí sin, ní dhearna sé measúnú breise ar an tír sin.

3.3.3. *Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch*

(91) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl agus an Airgintín mar thíortha ina bhfuil a fhios ag an gCoimisiún gur monaraíodh sileacan cailciam iontu. Sa nóta sin, shainaithin an Coimisiún an Chasacstáin, an Mhalaeisia agus Meicsiceo tuilleadh mar thíortha a tháirgeann fearó-chóimhiotail, tionscal ar mó is cosúil leis an tionscal sileacain chailciam i dtéarmaí an phróisis táirgthe agus tosca táirgeachta, a d'fhéadfadh sé a úsáid sa chás go bhfuil easpa sonraí iomchuí ann ó na tíortha a tháirgeann sileacan cailciam. Fuarthas barúlacha ó Ketong, ó Shenghua agus ón ngearánach.

(92) Shainaithin an Coimisiún dhá tháirgeoir sileacain chailciam sa Bhrasaíl agus táirgeoir amháin san Airgintín a raibh a bhfaisnéis airgeadais ar fáil go poiblí. Mar sin féin, ní raibh sonraí airgeadais le déanaí (i.e. 2019) ar fáil ach don táirgeoir ón Airgintín agus do cheann amháin den dá tháirgeoir ón mBrasaíl (Rima Industrial S.A.).

(93) Thug an gearánach dá aire gur ceann de na tíortha ionadaíocha féideartha í an Bhrasaíl fós agus thacaigh sé lena roghnú féideartha mar thír ionadaíoch mar a bhí molta aige sa ghearán ag an tús.

(94) Mhaígh Shenghua agus Ketong araon ina mbarúlacha faoin Chéad Nóta nach féidir leis an mBrasaíl a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí toisc go raibh méideanna allmhairiúcháin roinnt mhaith amhábhar (amhail taos leictreoide agus carraig shilice/grianchloichít) íseal agus, dá bhrí sin, nach raibh siad ionadaíoch.

(95) Maidir le taos leictreoide, áfach, cumhdaíodh 10 % ar a laghad den ídiú tuairiscithe sa tSín leis na hallmhairí a tháinig isteach sa Bhrasaíl agus meastar, dá bhrí sin, go bhfuil siad ionadaíoch. Maidir le grianchloichít, mheas an Coimisiún nach raibh méid íseal na n-allmhairí a tháinig isteach sa Bhrasaíl ionadaíoch agus d'fhill sé ar an meánphraghas ceannaithe a d'íoc táirgeoirí ón Aontas mar thagarmharc iomchuí.

(96) Mhaígh Shenghua go raibh praghas an leictreachais sa Bhrasaíl ró-ard agus d'iarr sé ar an gCoimisiún diúltú don Bhrasaíl mar thír ionadaíoch ar an bhforas sin.

(97) Thug an Coimisiún dá aire nach luaitear in aon áit sna critéir a leagtar amach sa bhun-Rialachán chun tír ionadaíoch a roghnú, nach mór praghsanna na bhfóntas a bheith laistigh de raon ar leith. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an argóint sin.

(98) Ina bharúlacha ar an gCéad Nóta, mhaígh Ketong go ndearnadh saobhadh ar mhargadh an leictreachais sa Bhrasaíl toisc (1) gurbh é rialtas na Brasaíle an scairshealbhóir is mó sa táirgeoir leictreachais Electrobras, agus toisc (2) gur rialaigh rialtas na Brasaíle praghas an leictreachais tríd an ngníomhaireacht rialála Agência Nacional de Energia Elétrica [An tÚdarás Náisiúnta um Fhuinneamh Leictrigh] ("ANEEL"). Dá bhrí sin, níor bheadh an Bhrasaíl iomchuí mar thír ionadaíoch ar an gcúis sin.

(99) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair Ketong aon fhianaise, de dheasca úinéireacht rialtais ar Electrobrás, gur saobhadh margadh an leictreachais sa Bhrasaíl, agus go háirithe, go raibh tionchar ag an úinéireacht sin ar tháirgeoirí sileacain chailciam maidir leis an bpraghas a d'íoc siad as leictreachas le linn thréimhse an imscrúdaithe. Mar shampla, cé go bhfuil 52 % de scaireanna Electrobras faoi úinéireacht rialtais, déantar fuílleach na scaireanna a thrádáil go poiblí. Déantar an tsaincheist a bhreithniú a thuilleadh in aithris (133) thíos bunaithe ar fhianaise bhreise a fuair páirtithe leasmhara, agus in aithris (152).

(100) Mhaígh Shenghua gur mhargadh an-chosantach í an Bhrasaíl agus gur thír í a ndeachaigh i muinín "líon ard beart a d'fhéadfadh srianta a chur ar thrádáil", rud a dheimhnigh an Coimisiún ina mheastóireacht ar shrianta allmhairiúcháin na Brasaíle ([40]).

(101) Sa Chéad Nóta, d'áitigh an Coimisiún nár shainaithin sé aon saobhadh trádála sa Bhrasaíl a rinne difear do na príomh-ionchuir le haghaidh monaraíocht sileacain chailciam. Níor léirigh Shenghua fianaise gurbh ann don saobhadh sin i ndáil le sileacan cailciam agus/nó le príomhthosca táirgeachta. Measadh go raibh an maíomh gan chruthú agus, dá bhrí sin, diúltaíodh dó.

(102) Mhaígh Ketong tuilleadh go raibh na táirgeoirí ón mBrasaíl a shainaithin an Coimisiún gníomhach i raon éagsúil gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus, dá bhrí sin, níor léirigh a gcostais, a n-ioncaim agus a mbrabúis siúd a bhíonn ag táirgeoir sileacain chailciam.

(103) D'admhaigh an Coimisiún sa Chéad Nóta go raibh gníomhaíochtaí seachas monarú agus díol sileacain chailciam ag na táirgeoirí ón mBrasaíl agus nár fhág a dtuairisciú airgeadais go bhféadfaí na torthaí airgeadais a leithdháileadh ar bhonn táirge ar tháirge. Shoiléirigh an Coimisiún nach ndearna é sin dochar *per se* d'ionadaíocht na gcuideachtaí agus go bhféadfadh sé, mar sin, na torthaí airgeadais a úsáid ar leibhéal na gcuideachtaí chun na tagarmharcanna do chostais SGA agus do bhrabús a shuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh.

(104) Mhaígh Shenghua nach raibh costais SGA agus brabús aon chuideachta amháin iontaofa nó ionadaíoch chun críche an gnáthluach a ríomh.

(105) Thug an Coimisiún dá aire nár chruthaigh Shenghua cén fáth nach mbeadh costais SGA agus brabús aon chuideachta amháin iontaofa nó ionadaíoch chun críche an gnáthluach a ríomh. Thairis sin, níor shainaithin Shenghua táirgeoirí eile sa Bhrasaíl a bhfuil a bhfaisnéis airgeadais ar fáil go poiblí agus go héasca agus ar féidir a chur leis an tacar sonraí. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh.

(106) Mhaígh Ketong tuilleadh nach raibh sé oiriúnach sonraí airgeadais ó Dun & Bradstreet a úsáid mar ní raibh siad sonraithe ar bhealach atá leordhóthanach chun an fhaisnéis is gá a thabhairt chun an corrlach dumpála a ríomh go cruinn.

(107) Thug an Coimisiún dá aire gurb é bunachar sonraí Global Financials ó Dun & Bradstreet an uirlis a úsáideann sé chun ráitis agus cóimheasa airgeadais a bhaineann go sonrach le cuideachta a fháil ó chuideachtaí i dtíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch. Maidir leis sin, shoiléirigh an Coimisiún go dtagraíonn na téarmaí "costais dhíreacha" agus "costais indíreacha" a úsáidtear i mbunachar sonraí Dun & Bradstreet do "Chostais Earraí Díolta" ("COGS") agus do "chaiteachas oibriúcháin" faoi seach. Murab ionann agus an méid a mhaígh Ketong, tá sonraí ag an gCoimisiún atá mionsonraithe go leor chun cur ar a chumas an fhaisnéis ábhartha a aimsiú chun an gnáthluach a ríomh de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh.

(108) Mhaígh Shenghua agus Ketong araon nár thír ionadaíoch iomchuí í an Airgintín mar gheall ar shaobhadh trádála maidir le leathchóc, ceann de na tosca táirgeachta is tábhachtaí, a luaigh an Coimisiún cheana féin sa Chéad Nóta.

(109) D'aontaigh an Coimisiún go bhféadfaidh an saobhadh trádála (ceadúnú agus cáin onnmhairiúcháin sa chás sin) an méid íseal allmhairí leathchóic isteach san Airgintín a mhíniú agus, dá dheasca sin, bheadh sé mí-oiriúnach an costas allmhairiúcháin a úsáid mar phraghas tagarmhairc.

(110) Mhaígh Ketong tuilleadh, dá dtiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid go ndearnadh saobhadh ar an margadh le haghaidh go leor de na hionchuir sa tSín, nach mór dó glacadh leis go ndearnadh saobhadh ar mhargadh na hAirgintíne freisin, toisc go bhfuil go leor de na príomh-ionchuir san Airgintín de thionscnamh na Síne.

([40]) https://ec.europa.eu/trade/policy/countries-and-regions/countries/brazil/

(111) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin mar, murab ionann agus an méid a d'áitigh Ketong, rinneadh formhór mór na n-ionchur, ach amháin leathchóc, a allmhairiú isteach san Airgintín ó thíortha seachas an tSín. Sa Chéad Nóta, mhaígh an Coimisiún nach raibh ach allmhairí leathchóic an-teoranta isteach san Airgintín nach ndearnadh iad a allmhairiú ón tSín. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún ag an gcéim sin nach raibh méid na n-allmhairí leathchóic isteach san Airgintín ionadaíoch. Déanann leathchóc thart ar 10 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann.

(112) Mhaígh an gearánach tuilleadh nach bhféadfadh an Airgintín na critéir le haghaidh an roghnaithe a chomhlíonadh mar thír ionadaíoch ag an gcéim sin, agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí don t-aon táirgeoir den táirge lena mbaineann sa tír sin á cur san áireamh, rud a léirigh staid neamhbhrabúsach.

(113) D'aontaigh an Coimisiún nach bhféadfaí an t-aon táirgeoir CaSi san Airgintín a bhfuil a sonraí airgeadais ar fáil go poiblí a úsáid mar thagarmharc do chorrlach brabúis toisc go raibh an chuideachta neamhbhrabúsach in 2019. I gcás ina mbeidh na sonraí airgeadais le haghaidh 2020 ar fáil ag céim níos déanaí, féadfaidh an Coimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an Airgintín a mheas mar thír ionadaíoch.

(114) D'iarr Ketong ar an gCoimisiún an Rúis a úsáid mar thír ionadaíoch toisc gur aicmigh an Banc Domhanda í mar "thír ard-mheánioncaim", cosúil le Daon-Phoblacht na Síne, bhí táirgeacht sileacain chailciam aici agus táirgeoir amháin ar a laghad, Kluchevsky Ferroalloy Plant PJSC.

(115) Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh ó Ketong maidir leis an Rúis a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí. Rinne sé scrúdú ar na sonraí airgeadais is déanaí arna gcuireadh isteach ag Ketong i leith an táirgeora fearó-chóimhiotal sa Rúis, Kluchevsky Ferroalloy Plant PJSC, a tháirgeann sileacan cailciam freisin, de réir a shuímh gréasáin. Bhain na sonraí leis an mbliain roimh an tréimhse imscrúdaithe. Toisc gur léirigh na sonraí seo nach ndearnadh aon bhrabús a bheag ó a mhór chomh maith le costais SGA an-íseal, mheas an Coimisiún nach raibh na sonraí sin ionadaíoch chun críche gnáthluach an táirge faoi imscrúdú a ríomh de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(116) Toisc nach raibh an Coimisiún in ann sonraí airgeadais ionadaíocha a aimsiú le haghaidh táirgeoirí féideartha eile sileacain chailciam sa Rúis agus toisc nár sholáthair Ketong sonraí den sórt sin ach an oiread, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár thír ionadaíoch iomchuí í an Rúis ag an gcéim sin.

(117) Mhaígh Shenghua agus Ketong nach tíortha ionadaíocha iomchuí iad an Bhrasaíl ná an Airgintín mar gheall ar na cúiseanna a luaitear in aithrisí (94), (96), (98), (100), (102), (104), (106), (108), (110) agus (112) agus mhol siad, toisc go bhfuil táirgeacht dhomhanda sileacain chailciam teoranta, gur cheart don Choimisiún sonraí ó mhonaróirí fearó-chóimhiotal agus/nó ó tháirgeoirí miotail shileacain a úsáid ina n-ionad, toisc go bhfuil na struchtúr costais atá ag na táirgí sin atá cosúil le sileacan cailciam. Mhol siad an Chasacstáin a úsáid, toisc gurb í ceann de na táirgeoirí fearó-chóimhiotal is mó a bhfuil roinnt mhaith monaróirí aici ar féidir a sonraí SGA agus brabúis a úsáid.

(118) Thug an Coimisiún dá aire, ós rud é gurb ann do thíortha a ndearnadh sileacan cailciam a tháirgeadh iontu, ag an gcéim sin níor measadh gur tír ionadaíoch iomchuí í an Chasacstáin de réir na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, toisc nach táirgeoir sileacain chailciam inti agus toisc nach bhfuil sonraí poiblí ábhartha ar fáil.

(119) Mhaígh Ketong tuilleadh go bhfuil cáilíocht agus iomláine na sonraí GTA maidir leis an gCasacstáin agus an Rúis níos ísle ná sonraí an Lárionaid Trádála Idirnáisiúnta (ITC) agus mhol sé iad a úsáid in ionad GTA. Toisc nach mbeartaíonn an Coimisiún aon cheann de na tíortha sin a úsáid mar thír ionadaíoch, ní dhearnadh tuilleadh scrúdaithe ar an maíomh sin ag an gcéim sin.

(120) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an Dara Nóta go raibh sé beartaithe aige an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí mar aon le sonraí airgeadais de chuid Rima Industrial S.A., i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú chun gnáthluach a ríomh.

(121) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Brasaíle mar thír ionadaíoch agus ar Rima Industrial S.A. mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch. Fuarthas barúlacha ó Ketong, ó Shenghua agus ón ngearánach.

(122) Thacaigh an gearánach le rogha na Brasaíle mar thír ionadaíoch, agus an Chasacstáin, an Airgintín agus an Rúis á ndíbhe ina háit mar thíortha ionadaíocha míchuí. In éineacht lena bharúlacha, thíolaic an gearánach na sonraí airgeadais is déanaí atá ar fáil de chuid na beirte táirgeoirí CaSi aitheanta de chuid na Brasaíle, mar a foilsíodh in Iris Oifigiúil Minas Gerais ([41]) ([42]). Mhaígh an gearánach thairis sin maidir le cuideachta Kluchevsky Ferroalloy Plant PJSC de chuid na Rúise, fiú más amhlaidh go maítear, de réir a shuímh ghréasáin, go dtáirgtear sileacan cailciam ann, nár tháirg an chuideachta CaSi le 6 bliana anuas lena n-áirítear an tréimhse imscrúdaithe agus nach raibh aon phlean acu CaSi a tháirgeadh sa ghar-thodhchaí.

(123) Mhaígh Shenghua arís eile go raibh praghsanna leictreachais na Brasaíle ró-ard agus nár cheart an Bhrasaíl a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí dá bhrí sin. Mhaígh Shenghua maidir le ráiteas an Choimisiúin, nár luadh in aon áit sna critéir roghnúcháin a leagtar amach sa bhun-Rialachán nach mór praghsanna na bhfóntas a bheith laistigh de raon ar leith go roghnófaí tír mar thír ionadaíoch mar a luaitear in aithris (97) agus nach raibh sé sin i gcomhréir leis an mbun-Rialachán ná le Comhaontú Frithdhumpála EDT, lena gceanglaítear, fiú i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gan praghsanna díola nó costais na gcuideachtaí sa tír thionscnaimh a úsáid, gur cheart dó sonraí athsholáthair réasúnacha a úsáid chun gnáthluach a shuí.

(124) Mar a luaitear in aithris (86), chun tír ionadaíoch a roghnú, úsáideann an Coimisiún na sonraí ábhartha de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Chomhlíon an Bhrasaíl na critéir sin ar fad. Ní fhágann an fíoras gurb airde praghsanna leictreachais sa Bhrasaíl ná praghsanna i dtíortha eile go mbeidh an Bhrasaíl dícháilithe mar thír ionadaíoch iomchuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh.

(125) Mhaígh Keton gurbh é go raibh corrlach brabúis agus caiteachais SGA neamhionadaíoch (i.e. ró-íseal) ag Kluchevsky Ferroalloy Plant in 2019 an t-aon chúis amháin gur dhiúltaigh an Coimisiún don Rúis mar thír ionadaíoch. Thairis sin, mhaígh Ketong nach raibh an corrlach brabúis ina chuid den tástáil faoi Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán maidir le roghnú tíre ionadaíche agus nárbh éigean ach sonraí a bheith ar fáil go héasca. De réir Ketong, níorbh fhéidir aon "tástáil ionadaíoch" bhreise a eachtarshuí ón bhforáil dlí, agus dá bhrí sin, ní raibh sé ina critéar chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht tíre ionadaíche. Thairis sin, d'áitigh Ketong, fiú dá mba rud é go raibh corrlach brabúis ina chuid den tástáil, níor shoiléir an chúis gurbh fhearr Rima Industrial S.A., gan de chorrlach brabúis ach 3 % aige, ná an corrlach brabúis de chuid Kluchevsky Ferroalloy Plant, a bhí íseal, ach fós dearfach.

(126) Dhiúltaigh an Coimisiún an t-éileamh. De bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair SGA agus i gcomhair brabús. Ní mheasann an Coimisiún corrlach brabúis, ar nialas nach mór atá i gceist leis, a bheith ina "mhéid réasúnach", de réir bhrí na míre deireanaí d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(127) Thairis sin, thug Ketong ar aird go raibh sonraí níos fearr ar cháilíocht ag an Rúis ná mar a bhí ag an mBrasaíl ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, tá gníomhaíochtaí níos éagsúlaithe ag Rima Industrial ná mar atá ag Kluchevsky Ferroalloy Plant, atá dírithe ar fhearó-chóimhiotail. Ar an dara dul síos, mhaígh Ketong nár thug an Coimisiún bunús lena ráiteas gur chomhfhreagair costais dhíreacha Rima Industrial, a thuairiscítear i mbunachar sonraí Dun&Bradstreet, do chostas na n-earraí a díoladh ("COGS") agus gur caiteachas oibriúcháin iad costais indíreacha. I gcodarsnacht leis sin, d'fhág na sonraí de chuid Kluchevsky Ferroalloy Plant go rabhthas in ann breithmheas a thabhairt ar a raibh san áireamh sna catagóirí costais difriúla. Ar an tríú dul síos, bhí caiteachais SGA níos mionsonraithe ag Kluchevsky Ferroalloy Plant.

(128) Mar a mhínítear in aithris (122), tháinig sonraí airgeadais níos déanaí chun bheith ar fáil, a bhain leis an dá tháirgeoir de chuid na Brasaíle, arna sainaithint ag an gCoimisiún. De réir na sonraí sin, bhí caillteanais ag Rima Industrial S.A. in 2020. I gcodarsnacht leis sin, rinne Bozel Brasil S.A. brabúis in 2020. Mar a réamh-mheasadh sa Chéad Nóta, bhain an Coimisiún úsáid as sonraí 2020, tráth a tháinig siad ar fáil. Dá thoradh siúd, agus é á chur san áireamh, ar thaobh amháin, nach ionadaíoch í cuideachta, nach bhfuil brabúsach, ar staid an mhargaidh intíre agus, ar an taobh eile, gurb é sileacan cailciam amháin a tháirgeann Bozel Brasil S.A. a bheag nó a mhór, ba iad sonraí de chuid Bozel Brasil a d'úsáid an Coimisiún. Dá bhrí sin, diúltaíodh na héilimh sin.

(129) Thairis sin, d'athdhearbhaigh Keton an méid a maíodh, gurbh fhéidir nach ionadaíoch iad na hallmhairí grianchloichíte de chuid na Brasaíle, ach gur thagarmharc iontaofa ar phraghas na grianchloichíte le haghaidh úsáid thionsclaíoch iad na staitisticí allmhairiúcháin de chuid na Rúise ó ITC.

(130) Mar a mhínítear in aithrisí (90) agus (115), níor bhreithnigh an Coimisiún an Rúis mar thír ionadaíoch iomchuí. A mhéid a bhaineann leis an tagarmharc le haghaidh na grianchloichíte, in éagmais méideanna allmhairí ionadaíocha sa Bhrasaíl, d'fhill an Coimisiún ar phraghas na grianchloichíte ar mhargadh an Aontais, mar a mhínítear in aithris (95). Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh.

([41]) https://www.jornalminasgerais.mg.gov.br/?dataJornal=2021-03-25#caderno-jornal
([42]) https://www.jornalminasgerais.mg.gov.br/?dataJornal=2021-03-13#caderno-jornal

(131) Ina theannta sin, mhaígh Ketong, má roghnaíonn an Coimisiún an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch, nach mór dó an costas leictreachais is cruinne agus is neamhshaofa a roghnú i gcomhair na Brasaíle. Go háirithe, d'áitigh Ketong go raibh leictreachas na Brasaíle tráchtálaithe in dhá thimpeallacht chonarthacha dhifriúla: an margadh rialáilte ("ACR") agus an saormhargadh ("ACL"). Mhaígh Ketong, toisc gurb i margadh ACL go príomha a cheannódh ceannaitheoirí tionsclaíocha leictreachas, gurbh é margadh ACL seachas margadh ACR foinse cheart an phraghais ionadaíoch le haghaidh tomhaltóirí tionsclaíocha leictreachais. B"amhlaidh sin go háirithe le haghaidh tomhaltóirí móra tionsclaíocha leictreachais lena n-áirítear táirgeoirí sileacain chailciam. Dar le Ketong, bheadh sé réasúnach, i gcás táirgeoir sileacain chailciam ag a bhfuil éileamh ar leictreachais atá i bhfad níos mó ná 3 MW (toisc gur mó ná 20 MW é ráta cumhachta aon fhoirnéise amháin), go gceannódh an táirgeoir sin leictreachas ón ngineadóir cumhachta go díreach ar phraghas fabhrach ar mhargadh ACL. Thairis sin, mhaígh Ketong gur léiríodh, le praghsanna leictreachais chuideachta EDP Brasil a d'úsáid an Coimisiún sa Dara Nóta, nach mbeadh an taraif leictreachais ar mhargadh ACR ionadaíoch ar phraghsanna leictreachais ar a gceannaíonn tomhaltóirí móra tionscail, cosúil le táirgeoirí CaSi, leictreachas. Mhaígh Ketong freisin gurbh é taraif leictreachais EDP Brasil an praghas teorainne arna rialáil ag Gníomhaireacht Rialála ANEEL agus nárbh é an praghas iarbhír ar ar díoladh leictreachas. Chun tacú leis an éileamh sin, thíolaic Ketong preaseisiúint lena luaitear gur fhormheas ANEEL an buaicphraghas le haghaidh na ceantála a bhí sceidealaithe i gcomhair Nollaig 2020. Thairis sin, thug Ketong ar aird gur léiríodh le sonraí oibriúcháin de chuid EDP Brasil go raibh an praghas iarbhír a d'íoc custaiméirí EDP Brasil, cibé acu i margadh ACR nó ACL, ní b'ísle ná an taraif agus dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún na sonraí sin a úsáid.

(132) Thug an Coimisiún dá aire go gcomhaontaítear na praghsanna leictreachais ar mhargadh ACL go déthaobhach agus nach gcuirtear iad ar fáil go poiblí ([43]). Thairis sin, nuair a cheannaíonn na tomhaltóirí leictreachas ar mhargadh ACL, ní mór dóibh dhá chonradh a shíniú: ceann leis an ngineadóir leictreachais atá freagrach as an leictreachas a tháirgeadh agus conradh eile leis an dáileoir chun an bonneagar (línte tarchuir) a úsáid ([44]). I gcoitinne, áirítear leis an taraif leictreachais costais maidir le giniúint, tarchur, dáileacháin, muirir earnála agus cánacha. Ní áirítear leis na praghsanna leictreachais, a léirigh Ketong, i dtuarascáil bhliantúil EDP Brasil ach praghas an leictreachais chun an leictreachas a ghiniúint (hidrileictreach agus teirmeach), nach é sin an praghas deiridh a íocann an tomhaltóir agus dá bhrí sin, ní féidir é a úsáid mar thagarmharc.

(133) Tugann an Coimisiún dá aire thairis sin nár sholáthair Ketong aon fhianaise seachas a thoimhde féin go soláthraítear leictreachas do tháirgeoirí sileacain chailciam trí mhargadh ACL seachas trí mhargadh ACR. Thairis sin, níl aon fhianaise ann gur praghasteorainn i ndáiríre iad na taraifí a úsáideann an Coimisiún ó shuíomh gréasáin EDP Brasil, ar cuideachta phríobháideach í, mar a thug Ketong le fios, agus nach iad na taraifí mar a íocann tomhaltóirí iad. Ní thacaíonn an fhianaise a thíolaic Ketong maidir leis sin leis an líomhain sin. Ní luaitear sa phreaseisiúint sin a tíolacadh ach go bhfuil an phraghasteorainn ardaithe ag ANEEL. Go deimhin, thug an Coimisiún dá aire gurbh é 391 R$/MWh an mheántaraif a úsáideadh le haghaidh leictreachais i gcomhair úsáideoirí tionsclaíocha le linn na tréimhse imscrúdaithe, ach go luaitear i dtuarascáil bhliantúil EDP a thíolaic Ketong gurbh é 508 R$/MWh an taraif leictreachais i gcomhair úsáideoirí tionsclaíocha i ráithe deiridh 2020, taraif a bhí i bhfad níos airde dá bhrí sin ná an taraif a d'úsáid an Coimisiún chun an tagarmharc a ríomh. In éagmais aon sonra malartach iomchuí faoin gcomhad, rinne an Coimisiún cinneadh sealadach na praghsanna taraife a d'fhoilsigh EDP a úsáid. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh.

(134) Thug Ketong ar aird, má chinneann an Coimisiún sonraí airgeadais de chuid Rima Industrial ó Dun&Bradstreet a úsáid agus mar gheall gur cuireadh na sonraí sin i láthair ar bhealach neamhbheacht agus ginearálta, nár fhág go mbeifí in ann na caiteachais a áiríodh sna "costais indíreacha" a shainaithint, nach mbeadh aon choigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin de réir na gcaiteachas díolaag teastáil, toisc go n-áireofaí na caiteachais chéanna sa ghnáthluach ríofa.

(135) Mar a luaitear in aithris (128), úsáidfidh an Coimisiún na ráitis airgeadais de chuid Bozel Brasil S.A. Dá bhrí sin, níl an t-éileamh sin ábhartha a thuilleadh.

(136) Mhaigh Shenghua arís eile gur cheart an Chasacstáin a roghnú mar thír ionadaíoch iomchuí. Go deimhin, ba cheart don Choimisiún dul i muinín a bheith ag breithniú tíortha a tháirgeann fearó-chóimhiotail, ós rud é nach bhfuil táirgeadh sileacain chailciam lonnaithe ach san Airgintín agus sa Bhrasaíl amháin, agus gur eisiaigh an Coimisiún an chéad tír, agus nár bhreithnigh Shenghua gurbh oiriúnach í an tír dheiridh mar gheall ar ardrátaí leictreachais mar a luaitear in aithris (123).

(137) Toisc go bhfuil táirgeoirí sa Bhrasaíl dá bhfuil faisnéis airgeadais ar fáil go poiblí, níl aon ghá ann tíortha ina dtáirgtear fearó-chóimhiotail, amhail an Chasacstáin, a bhreithniú. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh.

([43]) https://www.agora-energiewende.de/fileadmin/Projekte/2019/Brazil_Country_Profile/155_CountryProf_Brazil_EN_WEB.pdf (leathanach 31).

([44]) ACR e ACL: as diferenças entre os ambientes de contratação (esferaenergia.com.br)

3.3.4. *Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(138) Tar éis a dheimhniú gurbh í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch iomchuí ag an gcéim shealadach sin den imscrúdú, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.5. *Conclúid*

(139) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Bhrasaíl na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, le go measfar í ina tír ionadaíoch iomchuí.

3.4. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí**

(140) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(141) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé sonraí GTA chun an costas neamhshaofa a dhéanamh amach maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, mar a mhínítear thairis sin in aithrisí (151) agus (152), luaigh an Coimisiún go mbainfeadh sé úsáid as staitisticí EIS agus as foinsí atá ar fáil go héasca maidir le costais saothair sa Bhrasaíl chun costais saothair neamhshaofa a shuí, agus as foinsí atá ar fáil go héasca le haghaidh taraifí dáileacháin tionsclaíocha a d'fhoilsigh soláthraí leictreachais chun costais leictreachais neamhshaofa a shuí.

3.5. **Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna**

3.5.1. *Tosca táirgeachta*

(142) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gCros-Seiceálacha Cianda, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

*Tábla 1*

**Tosca táirgeachta sileacain chailciam**

| Toisc tháirgeachta | Cód an Tráchtearra sa Bhrasaíl | Luach neamhshaofa in CNY | Aonad tomhais |
|---|---|---|---|
| **Amhábhair** | | | |
| Cosc ainhidriúil/Cré chanóna ainhidriúil | 3816 00 11<br>3816 00 12<br>3816 00 19<br>3816 00 21<br>3816 00 29<br>3816 00 90 | 9,8157 | kg |
| Gual biotúmanach | 2701 12 00 | 0,6423 | kg |
| Gual | 2701 19 00 | 0,6423 [1] | kg |
| Cóc/leathchóc | 2704 00 11<br>2704 00 12<br>2704 00 90 | 1,6856 | kg |
| Taos leictreoide | 3801 30 10<br>3801 30 90 | 5,9464 | kg |
| Bríce graifíte | 3801 90 00 | 46,3942 | kg |
| Aolchloch | 2521 00 00 | 0,0858 | kg |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Grianchloichít/carraig shilice | 2506 20 00 | 0,2705 ([2]) | kg |
| Táirgí cruach (barraí eile agus slata eile iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail) | 7215 50 00 | 11,5350 | kg |
| **Lucht saothair** | | | |
| Costais saothair san earnáil monaraíochta | [N/BH] | 29,7989 | uair an chloig |
| **Fuinneamh** | | | |
| Leictreachas | [N/BH] | 0,5289 | kWh |
| **Seachtháirgí/dramhaíl** | | | |
| Slaig, luaith agus iarmhair | 2620 99 90 | 0,04 ([3]) | kg |
| Púdar mín deasctha silice cailciam | 7202 99 90 | 10,22 ([3]) | kg |

([1]) Mínítear suí an luacha neamhshaofa in aithris (145).
([2]) Mínítear suí an luacha neamhshaofa in aithris (146).
([3]) Mínítear suí an luacha neamhshaofa in aithris (148)

(143) Chuir an Coimisiún ar áireamh luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Mínítear an mhodheolaíocht chun an méid sin a shuí go hiomchuí in aithris (154).

3.5.1.1. Amhábhair agus fuíoll/seachtháirgí

(144) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí de ETD iad, a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (85) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis na hallmhairí isteach sa Bhrasaíl ón tSín agus ó thíortha, a bhfuil geilleagar neamh-mhargaidh iontu, a eisiamh, shuigh an Coimisiún go raibh allmhairí na bpríomh-amhearraí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós (agus iad comhionann le breis agus 98 % de líon iomlán na méideanna arna n-allmhairiú chuig an mBrasaíl). Le GTA, luaitear luachanna allmhairiúcháin le haghaidh na Brasaíle ar leibhéal SAB (Saor ar Bord). Chun teacht ar luachanna allmhairiúcháin CAL le haghaidh na Brasaíle, cuireadh 3,1 % le luachanna SAB, arb é sin an difríocht idir meánphraghsanna onnmhairiúcháin sileacain chailciam CAL agus meánphraghsanna allmhairiúcháin sileacain chailciam SAB i gcomhair na tréimhse imscrúdaithe mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ón tSín.

(145) Toisc nárbh ann d'aon sonra allmhairiúcháin sa Bhrasaíl agus in éagmais praghas neamhshaofa iomchuí idirnáisiúnta le haghaidh guail, bhreithnigh an Coimisiún go raibh an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe le haghaidh gual biotúmanach ina thagarmharc oiriúnach.

(146) Toisc gurbh íseal méideanna allmhairí na grianchloichíte isteach sa Bhrasaíl agus gur breithníodh, dá bhrí sin, nárbh ionadaíoch iad, agus in éagmais praghas neamhshaofa iomchuí idirnáisiúnta ar an ngrianchloichít, bhreithnigh an Coimisiún go raibh an meánphraghas ceannaigh a d'íoc táirgeoirí de chuid an Aontais ina thagarmharc oiriúnach.

(147) Thuairiscigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin gaineamh grianchloiche mar thoisc tháirgeachta freisin. I gcás na toisce táirgeachta amháin sin, b'ionann an costas iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus sciar diomaibhseach den chostas monaraíochta iomlán sa tréimhse imscrúdaithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin. Ríomh an Coimisiún céatadán na dtomhaltán mar chodán de chostas foriomlán na n-amhábhar agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar le linn dó a bheith ag úsáid na bpraghsanna neamhshaofa suite.

([45]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

(148) Maidir leis na seachtháirgí micrishilice (a aicmítear sa Chóras Comhchuibhithe mar shlaig) agus púdar mín deasctha silice cailciam, dramhaíl a aicmítear faoin gcód céanna den Chóras Comhchuibhithe mar shileacan cailciam, is níos lú ná 1 % den chostas monaraíochta iomlán gach ceann díobh. Toisc nárbh aon d'aon allmhairí slaige isteach sa Bhrasaíl i dtréimhse an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún an praghas tagarmhairc le haghaidh an tseachtháirge sin ar bhonn an chóimheasa idir luach díola intíre i nDaon-Phoblacht na Síne agus an costas ábhartha iomlán, agus chuir sé an cóimheas sin i bhfeidhm ar an gcostas ábhartha neamhshaofa iomlán a ríomhadh. Rinneadh an méid a fuarthas dá thoradh sin a roinnt ansin ar an gcainníocht iarbhír a díoladh chun teacht ar an bpraghas neamhshaofa in aghaidh an aonaid mar a luaitear i dTábla 1 in aithris (142). Le haghaidh an tseachtháirge eile, dramhaíl sileacain chailciam, rinne an Coimisiún an praghas tagarmhairc a choigeartú tríd an gcóimheas idir praghas díola an tseachtháirge i nDaon-Phoblacht na Síne agus praghas díola intíre an tsileacain chailciam a chur i bhfeidhm ar an bpraghas tagarmhairc ar an sileacan cailciam ón tír ionadaíoch. Luaitear an tagarmharc coigeartaithe a fuarthas dá thoradh sin i dTábla 1.

(149) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha na tíre ionadaíche i bhfeidhm.

(150) Shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.5.1.2. Lucht saothair

(151) Toisc tháirgeachta thábhachtach is ea saothar, arb ionann é agus idir thart faoi 5 go 10 % den chostas monaraíochta iomlán. D'úsáid an Coimisiún staitisticí EIS chun an pá sa Bhrasaíl a chinneadh. Soláthraíonn staitisticí EIS ([46]) faisnéis ar phá míosúil oibrithe in earnáil na monaraíochta agus ar mheánuaireanta seachtainiúla a oibríodh sa Bhrasaíl in 2020. Ríomh an Coimisiún costais saothair ag fostóir sa Bhrasaíl agus foinsí a bhí ar fáil go poiblí ([47]) maidir leis na costais saothair sa Bhrasaíl á n-úsáid aige.

3.5.1.3. Leictreachas

(152) D'úsáid an Coimisiún an praghas leictreachais ba dhéanaí a bhí ar fáil go héasca (amhail mí Lúnasa 2021) mar a ghearrann EDP Brasil ([48]). Coigeartaíodh an praghas sin don bhoilsciú chun praghas ab infheidhme i gcomhair 2020 a fháil. Leis an bhfaisnéis atá ar fáil, is féidir praghas an leictreachais a shainaithint mar aon leis an bpraghas a íocann úsáideoirí tionsclaíocha chun an córas dáileacháin (*modalidade tarifaria azul*) a úsáid. Tugann an fhaisnéis tuilleadh mionsonraí fiú maidir leis na praghsanna a íocann úsáideoirí tionsclaíocha a roghnaigh rátaí difreáilte bunaithe ar an am den lá a ídítear leictreachas (modalidade tarifaria verde). Ba cheart a lua, sa Bhrasaíl, go gcuireann an t-údarás rialála ANEEL ([49]) oibleagáid ar na soláthróirí leictreachais ó am go ham a dtaraifí a ardú faoi chéatadán áirithe chun ídiú an leictreachais sa tír a rialáil. Úsáideann ANEEL córas bratach ([50]) (glas, buí, leibhéal dearg 1, leibhéal dearg 2) chun comhartha a thabhairt cibé acu ar cheart don phraghas leictreachais fanacht mar a bheartaíonn an soláthróir (glas) nó é a mhéadú faoi 0,01343 BRL/kWh (buí), 0,04169 BRL/kWh (leibhéal dearg 1) nó 0,06243 BRL/kWh (leibhéal dearg 2) (sonraí 2020). Foilsíonn ANEEL na bratacha ar bhonn míosúil agus tá siad ar fáil go héasca ar shuíomh gréasáin EDP Brasaíl ([51]) ar feadh na tréimhse imscrúdaithe. Ba ghlas ba mhó a bhí an córas bratach le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ní raibh bratach bhuí i gceist ach i mí Eanáir 2020 agus leibhéal dearg 2 i mí na Nollag 2020, agus b'éigean na taraifí leictreachais a ardú de bheagán dá bhrí sin. Ní raibh ach tionchar beag ag an méadú sin ar an taraif.

3.5.1.4. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(153) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "*ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta*". Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

([46]) https://www.ilo.org/ilostat/faces/oracle/webcenter/portalapp/pagehierarchy/Page21.jspx?_afrLoop=2007202804813928&_afrWindowMode=0&_afrWindowId=ejmgka3iz_63#!%40%40%3F_afrWindowId%3Dejmgka3iz_63%26_afrLoop%3D2007202804813928%26_afrWindowMode%3D0%26_adf.ctrl-state%3Dejmgka3iz_119

([47]) https://www.jornalcontabil.com.br/quanto-custa-um-funcionario-aprenda-a-calcular/ or https://establishbrazil.com/articles/whats-real-cost-employee.

([48]) http://www.edp.com.br/distribuicao-es/saiba-mais/informativos/tarifas-aplicadas-a-clientes-atendidos-em-alta-e-media-tensao-(grupo-a)

([49]) http://www.aneel.gov.br/a-aneel

([50]) http://www.aneel.gov.br/bandeiras-tarifarias

([51]) http://www.edp.com.br/distribuicao-es/saiba-mais/informativos/bandeira-tarifaria

(154) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta agus an dímheas arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú go hiarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(155) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí i gcomhair SGA agus brabús, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2020 i ndáil le Bozel Brasil S.A. de réir na faisnéise a baineadh as Iris Minas Gerais ([52]).

3.5.2. *Ríomh an ghnáthluacha*

(156) Bunaithe ar na praghsanna agus ar na tagarmharcanna neamhshaofa a thuairiscítear thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(157) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa bunaithe ar na tosca táirgeachta arna gceannach ag gach ceann de na cuideachtaí. Chuir sé na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid i bhfeidhm ansin maidir le hídiú iarbhír thosca táirgeachta aonair gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. D'fhíoraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin, a sholáthair an t-iarratasóir le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a chonacthas sa tír ionadaíoch mar a thuairiscítear i dTábla 1. Laghdaigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta de réir chostais neamhshaofa na seachtháirgí.

(158) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta agus dímheas, mar a mhínítear in aithris (154), leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(159) Maidir leis an gcostas táirgthe a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe, chuir an Coimisiún caiteachas SGA agus brabús Bozel Brasil S.A. i bhfeidhm, agus caiteachas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de na Costais Earraí Díolta ("COGS") agus arna chur i bhfeidhm ar an gcostas táirgthe neamhshaofa, arbh é 11,98 %. Ba é 18,96 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de COGS agus arna chur i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa táirgthe.

(160) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.6. **An praghas onnmhairiúcháin**

(161) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachta ghaolmhar a bhí lonnaithe lasmuigh den Aontas.

(162) Ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den Bhunrialachán.

3.7. **Comparáid**

(163) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.

(164) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe i leith costais iompair, árachais, láimhseála, lódála agus choimhdeacha, costais phacála, costais chreidmheasa, marcálacha suas an trádálaí, agus muirir bhainc.

3.8. **Corrlaigh dhumpála**

(165) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

([52]) https://www.jornalminasgerais.mg.gov.br/?dataJornal=2021-03-13#caderno-jornal

(166) Ar an mbonn sin, seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála shealadacha ualaithe arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas ag an teorainn ó thaobh chostas, árachas agus last-táille (CAL) an Aontais de, agus an dleacht neamhíoctha:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| Ningxia Ketong New Material Technology Co. Ltd. | 73,4 % |
| Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. | 132,8 % |
| Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co. Ltd. | 85,9 % |

(167) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i nDaon-Phoblacht na Síne, bhunaigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is é an leibhéal comhair an méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe a bunaíodh ar bhonn Eurostat.

(168) Sa chás sin, bhí onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha cothrom le tuairim agus 57,5 % d'iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar a bhonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála iarmhair a shuí ar leibhéal an chorrlaigh dumpála aonair ab airde a suíodh le haghaidh cineál táirge ionadaíoch i gcomhair táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin.

(169) Is mar a leanas atá na corrlaigh dumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| Ningxia Ketong New Material Technology Co. Ltd. | 73,4 % |
| Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. | 132,8 % |
| Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co. Ltd. | 85,9 % |
| Gach cuideachta eile | 142,3 % |

## 4. **DÍOBHÁIL**

### 4.1. **Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(170) Rinne dhá táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is ionann na táirgeoirí sin agus an "tionscal de chuid an Aontais" de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(171) Toisc nár díorthaíodh na sonraí a bhain leis an measúnú díobhála ach ó dhá tháirgeoir ón Aontas go príomha, is i raonta a thugtar na figiúirí le haghaidh na hanailíse díobhála, ar chúiseanna rúndachta. Is ar na fíorshonraí a bhíonn na hinnéacsanna bunaithe, áfach, agus ní ar na raonta.

(172) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe, suíodh é ag thart ar 1 313 – 1 590 tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil a bhain leis an tionscal de chuid an Aontais, agus go háirithe ó na freagraí a thug na táirgeoirí comhoibríocha ón Aontas ar na ceistneoirí frithdhumpála. Mar a léirítear in aithris (15), is ón dhá tháirgeoir chomhoibríocha ón Aontas a tháinig 100 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

### 4.2. **Cinneadh an mhargaidh ábhartha de chuid an Aontais**

(173) Chun a shuíomh cibé acu a bhain nó nár bhain díobháil don tionscal de chuid an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid an tionscail de chuid an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún an úsáid iartheachtach a baineadh as táirgeacht an tionscail de chuid an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil i gcomhthéacs tháirgeoirí comhtháite ón Aontais

(174) Chun léargas a bhí chomh hiomlán agus arbh féidir a sholáthar ar an tionscal de chuid an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh na gníomhaíochta iomláine maidir le sileacan cailciam agus chinn sé an raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing nó ar an saormhargadh. Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí, a bhfuil sé beartaithe úsáid faoi chuig a bhaint astu, d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeadh a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(175) Shuigh an Coimisiún go raibh tuairim agus 7,6 % de thomhaltas iomlán an Aontais le húsáid faoi chuing le linn na tréimhse imscrúdaithe, mar a léirítear i dTábla 2 thíos. Bhí an úsáid faoi chuing, mar chodán den tomhaltas iomlán, réasúnta cobhsaí i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, gan ach 3 % de mhéadú ag teacht air. Maidir leis sin, bhí an táirgeoir lena mbaineann ag úsáid an tsileacain chailciam chun feara-chóimhiotail iartheachtacha a tháirgeadh agus níor tharla aon díolachán sonrasctha iarbhír dá bhrí sin.

(176) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann leis an tionscal de chuid an Aontais ar bhonn sonraí le haghaidh an tsaormhargaidh. Is iad seo na táscairí: méid na ndíolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; sciar den mhargadh; an fás; méid na ndíolachán agus praghsanna allmhairiúcháin; brabúsacht; an toradh ar infheistíocht; agus an sreabhadh airgid.

(177) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing an tionscail de chuid an Aontais. Seo iad: táirgeadh; an acmhainneacht, an úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; an táirgiúlacht; na tuarastail; agus an cumas caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, cibé acu atá an táirgeacht faoi chuing nó a dhíoltar ar an saormhargadh í.

### 4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(178) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí dhíolacháin na dtáirgeoirí ón Aontas ar mhargadh an Aontais a chur leis na hallmhairí sileacain chailciam isteach. Fuarthas díolacháin an Aontais ó na freagraí a fuarthas ó na táirgeoirí ón Aontas ar an gceistneoir frithdhumpála. Fuarthas na figiúirí allmhairiúcháin ó údaráis náisiúnta chustaim na mBallstát ar a dtugtar tuairisc in Roinn 4.4.1. thíos.

(179) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar seo a leanas:

*Tábla 2*

**Tomhaltas an Aontais (tonaí)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas iomlán an Aontais | [25 836 – 31 275] | [22 248 – 26 931] | [17 053 – 20 643] | [12 814 – 15 512] |
| *Innéacs* | *100* | *86* | *66* | *50* |
| Margadh faoi chuing | [1 030 – 1 247] | [1 479 – 1 790] | [1 582 – 1 916] | [1 059 – 1 281] |
| *Innéacs* | *100* | *144* | *154* | *103* |
| An saormhargadh | [24 806 – 30 028] | [20 769 – 25 141] | [15 470 – 18 727] | [11 756 – 14 231] |
| *Innéacs* | *100* | *84* | *62* | *47* |

Foinse: Sonraí custaim náisiúnta na mBallstát agus freagraí ó na táirgeoirí ón Aontas ar an gceistneoir

(180) Tháinig laghdú de réir a chéile ar thomhaltas iomlán an Aontais agus ar an tomhaltas sa saormharghadh i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, agus sroicheadh thart faoi leathchuid a leibhéil tosaigh le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tharla an laghdú ar an tomhaltas de thoradh allmhairí a bheith ag dul i laghad thart faoi 25 % agus díolacháin intíre an Aontais a bheith ag dul i laghad thart faoi 75 % i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú mar a luaitear i dTáblaí 6 agus 12 faoi seach. Ceann de na príomhchúiseanna leis an laghdú substaintiúil ar an tomhaltas ab ea an cor chun donais ar tháirgeadh amhchruach toisc gurb ionchur sa phróiseas déanta cruach é an sileacan cailciam agus gurb é déantúsaíocht cruach an margadh is mó ar fad le haghaidh sileacan cailciam agus go raibh níos lú sileacain chailciam á cheannach ag an tionscal cruach, go méid áirithe, toisc go raibh a chuid stoc de shileacan cailciam á ídiú aige.

## 4.4. **Allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne**

### 4.4.1. *Méid na n-allmhairí ón tSín agus a sciar den mhargadh*

(181) Sa ghearán, fuarthas staitisticí allmhairiúcháin ó Eurostat faoi Chóid AN 7202 99 80 agus 2850 00 60 agus coigeartaíodh iad bunaithe ar phraghas na n-allmhairí chun táirgí nach iad an táirge faoi imscrúdú a bhaint amach. Cháin Eurofer cáilíocht na sonraí allmhairiúcháin (i dtéarmaí mhéid na n-allmhairí agus na bpraghsanna allmhairiúcháin) a úsáideadh ag an gcéim sin ina aighneacht ar thionscnaimh an imscrúdaithe. Ba í sin an fhianaise sin ab iontaofa a bhí ar fáil ag an gcéim sin, áfach. Mar sin féin, le linn an imscrúdaithe atá i bhfeidhm faoi láthair, bhíothas in ann sonraí allmhairiúcháin ní ba chruinne a fháil lenar tugadh tuairisc ar an táirge a allmhairíodh i dtaca le gach dearbhú allmhaire a rinneadh le húdaráis náisiúnta chustaim na mBallstát. D'iarr an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe ar allmhairí atá faoi Chóid AN 7202 99 80 agus 2850 00 60 ón bhFrainc, ón Iodáil, ón tSlóivéin agus ón Spáinn, na ceithre Bhallstát ag a bhfuil an méid allmhairí is mó sa ghearán. Shuigh an Coimisiún méideanna na n-allmhairí agus praghsanna an tsileacain chailciam le haghaidh trí cinn de na Ballstáit sin ansin (an Fhrainc, an tSlóivéin agus an Spáinn) bunaithe ar anailís ar an tuairisc ar an táirge a taifeadadh san fhaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit sin. I gcás na hIodáile, an ceathrú Ballstát i dtéarmaí mhéid na n-allmhairí, ní raibh an fhaisnéis a soláthraíodh san fhormáid a cheanglaítear agus dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na sonraí sa ghearán ag an gcéim shealadach. Léiríodh leis an ngearán an céatadán a bhí i gceist i gcás na gceithre Bhallstát sin i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. D'úsáid an Coimisiún na céatadáin sin chun méid na n-allmhairí a ríomh.

(182) Suíodh an sciar den mhargadh ar bhonn na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne i gcomparáid le méid thomhaltas an tsaormhargaidh mar a léirítear i dTábla 2.

(183) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne:

*Tábla 3*

**Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ([53]) | [10 009 – 12 116] | [10 657 – 12 900] | [9 433 – 11 419] | [7 789 – 9 428] |
| *Innéacs* | *100* | *106* | *94* | *78* |
| An sciar den mhargadh (%) | 38,7 | 47,9 | 55,3 | 60,8 |
| *Innéacs* | *100* | *124* | *143* | *157* |

Foinse: Sonraí custaim na mBallstát

(184) Tar éis méadú beag 6 % ar allmhairí idir 2017 agus 2018, tháinig laghdú 27 % de réir a chéile ar allmhairí ón tSín idir 2018 agus an tréimhse imscrúdaithe. Tháinig méadú 57 % de réir a chéile ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí sin idir 2017 agus 2020, áfach. Mar sin, cé gur tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín, ní raibh an laghdú sin chomh suntasach ar chor ar bith i gcomparáid leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais.

([53]) Rinneadh na figiúirí maidir le méid na n-allmhairí a luaitear anseo i dTábla 3 a eachtarshuí. B"ionann na 4 Bhallstát agus 82,6 % in 2017, 72,7 %, in 2018, 95,2 % in 2019 agus 94,8 % i dtréimhse an imscrúdaithe.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus sladghearradh praghsanna*

(185) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna ualaithe na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na sonraí náisiúnta custaim lena léirítear allmhairí sileacain chailciam ó Dhaon-Phoblacht na Síne mar a shuitear i gcomhréir le haithris (181) thuas. Bhí na praghsanna sin ar leibhéal Costais, Árachais, agus Lasta ("CAL").

(186) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne:

*Tábla 4*

**Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | 1 297 | 1 377 | 1 458 | 1 232 |
| *Innéacs* | *100* | *106* | *112* | *95* |

Foinse: Sonraí custaim náisiúnta na mBallstát

(187) Tháinig méadú 6 % ar phraghsanna allmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne idir 2017 agus 2018 agus arís idir 2018 agus 2019, ach tháinig laghdú géar 15,5 % orthu idir 2019 agus an tréimhse imscrúdaithe, agus sroicheadh praghas a bhí 5 % ní b'ísle ná an praghas in 2017. Bhí praghsanna allmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi bhun praghas díola de chuid an Aontais mar a thuairiscítear i dTábla 8, agus difríocht idir 15 % - 30 % eatarthu le linn thréimhse an imscrúdaithe.

(188) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

— na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge an dá tháirgeoir ón Aontas, rud a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha; agus

— meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge ó na trí tháirgeoir chomhoibríocha Shíneacha chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna leagan síos ar chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(189) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir an chineáil i leith idirbhearta ar aon leibhéal amháin trádála, arna gcoigeartú go cuí le haghaidh lascainí agus coimisiún i gcás inar gá. Leis an anailís sin de réir an chineáil, cuireadh san áireamh cibé acu a rinneadh díolacháin ina mbulc nó ina sreang chroíleacánach, rud ar ar tharraing Eurofar aird ina bharúlacha ar thionscnamh an imscrúdaithe ar a dtugtar tuairisc in aithris (9). Sloinneadh toradh na comparáide ina chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil tháirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ba é 10,6 % an meán ualaithe sladghearrtha a fuarthas. Ag cur san áireamh gur tráchtearra é an táirge faoi imscrúdú, measadh gur chorrlach sladghearrtha suntasach é sin. Fuarthas go raibh sladghearradh i gceist le gach cineál táirge ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Léiríodh thart ar 57 % de na hallmhairí iomlána leis na hallmhairí sin.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(190) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(191) Maidir leis an gcinneadh faoin díobháil, bhí na táscairí uile bunaithe ar an dá tháirgeoir chomhoibríocha ón Aontas, arbh iad an tionscal de chuid an Aontais ina iomláine iad mar a luaitear in aithris (15).

4.5.2. *Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta*

(192) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh mar a leanas:

*Tábla 5*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid táirgeachta (tonaí) | [15 011 – 18 172] | [14 853 – 17 980] | [13 105 – 15 863] | [1 313 – 1 590] |
| *Innéacs* | *100* | *99* | *87* | *9* |
| An acmhainneacht táirgeachta (tonaí) | [24 634 – 29 820] | [24 634 – 29 820] | [24 634 – 29 820] | [25 350 – 30 687] |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *100* | *103* |
| Úsáid acmhainneachta (%) | 60,9 | 60,3 | 53,2 | 5,2 |
| *Innéacs* | *100* | *99* | *87* | *9* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(193) Tháinig laghdú mór 91 % idir 2017 agus 2020 ar tháirgeacht an tionscail de chuid an Aontais agus tháinig méadú 3 % ar an acmhainneacht, rud a d'fhág laghdú 91 % ar an úsáid acmhainneachta.

(194) Táirgeann an tionscal de chuid an Aontais sileacan cailciam ar fhoirnéisí, ar féidir iad a úsáid chun fearó-chóimhiotail eile a tháirgeadh freisin. Sna himthosca sin, ní raibh táirgeadh sileacain chailciam an Aontais leanúnach i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú toisc gur féidir le táirgeoirí ón Aontas brabúis a bharrfheabhsú nó caillteanais a íoslaghdú tríd an táirge is tairbhí a tháirgeadh ar na foirnéisí céanna.

(195) Sainaithníodh cúiseanna eile ar an gcur isteach ar an táirgeadh, amhail saincheisteanna teicniúla le trealamh táirgthe agus cothabháil fhíor-riachtanach. Chun táirgí a sholáthar dá phríomhcustaiméirí le linn tréimhsí nach raibh aon táirgeadh ar siúl, sholáthair an tionscal de chuid an Aontais ó stoic agus ó cheannacháin uaireanta.

(196) Bhí an táirgeacht íseal le linn 2019 agus iontach íseal le linn thréimhse an imscrúdaithe, nuair a bhí brú ar phraghsanna roimh tháirgeoirí de dheasca méideanna substaintiúla d'allmhairí sileacain chailciam ar phraghas íseal, ó Dhaon-Phoblacht na Síne go príomha, d'ainneoin éileamh níos ísle san Aontas mar gheall ar an laghdú ar tháirgeadh cruach agus ar phaindéim COVID-19.

(197) Ina theannta sin, bhí praghsanna fuinnimh, atá mar sciar suntasach de na costais mhonaraíochta, ard. Toisc go raibh stoic sileacain chailciam carntha ag Ferropem in 2018 agus in 2019, rinne siad an cinneadh laghdú suntasach a dhéanamh ar an táirgeacht in 2020.

(198) Tá clár athstruchtúraithe suntasach á chur i gcrích ag Ferropam maidir lena chuid gníomhaíochtaí faoi láthair. Maidir le sileacan cailciam, thug Ferroglobe (máthairghnóthas Ferropem) le fios go bhfuil rún daingean aige leanúint de tháirgeadh an táirge lena mbaineann san Aontas agus go bhfuil dhá thionscadal aige faoi láthair chun é sin a dhéanamh.

(199) Thug an táirgeoir eile ón Aontas (OFZ) le fios go bhfuil acmhainneacht bhreise shubstaintiúil aige a d'fhéadfaí a úsáid chun táirgeacht an Aontais a mhéadú ar choinníoll go mbeidh dálaí córa iomaíochta i réim ar an margadh.

(200) Tá an acmhainneacht táirgeachta a tugadh le fios le haghaidh an tionscail de chuid an Aontais bunaithe ar acmhainneacht na bhfoirnéisí, a úsáideadh chun sileacan cailciam a tháirgeadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a luaigh Eurofer agus an German Steel Federation ina n-aighneacht ar thionscnamh an imscrúdaithe, áfach, ba cheart a shoiléiriú go n-úsáidtear na foirnéisí sin chun táirgí eile a tháirgeadh freisin agus dá bhrí sin, go raibh na rátaí úsáide acmhainneachta a léirítear i dTábla 5 (nach mbreithnítear ann ach sileacan cailciam) íseal i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, d'fhéadfaí an acmhainneacht a tugadh le fios san Aontas a mhéadú go substaintiúil gan mórán fógra roimhe trí shileacan cailciam a tháirgeadh ar na foirnéisí eile, a raibh fearó-chóimhiotail eile á dtáirgeadh acu sa tréimhse faoi bhreathnú. Is de thoradh feabhsuithe ar an éifeachtúlacht a tharla an méadú beag ar an acmhainneacht táirgeachta i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú.

(201) Dá bhrí sin, ba é conclúid an imscrúdaithe gur táscaire í acmhainneacht an tionscail de chuid an Aontais a léirítear i dTábla 5 ar na dálaí a bhí i réim le linn na tréimhse a breithníodh, ach gur féidir an acmhainneacht sin a mhéadú go substaintiúil sa ghearrthéarma.

4.5.3. *An méid díolachán agus an sciar den mhargadh*

(202) Le linn na tréimhse a breithníodh tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

*Tábla 6*

**Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Díolacháin ar an saormhargadh | [13 036 – 15 780] | [8 574 – 10 379] | [5 034 – 6 094] | [3 214 – 3 891] |
| *Innéacs* | *100* | *66* | *39* | *25* |
| An sciar den mhargadh de dhíolacháin ar an saormhargadh (%) | 50,5 | 38,5 | 29,5 | 25,1 |
| *Innéacs* | *100* | *76* | *59* | *50* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(203) Léirítear sa tábla thuas méid na ndíolachán a bhí ag na táirgeoirí ón Aontas a tháirg a dtáirgí féin. Tháinig laghdú 75 % ar mhéid na ndíolachán saormhargaidh ar mhargadh an Aontais idir 2017 agus deireadh na tréimhse imscrúdaithe. Lean méid laghdaithe na ndíolachán an géarlaghdú ar an táirgeacht a léirítear thuas i dTábla 5.

(204) Chaill an tionscal de chuid an Aontais thart faoi leathchuid dá sciar den mhargadh idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe. Ní raibh an laghdú ar an sciar den mhargadh chomh mór leis an laghdú ar mhéideanna na ndíolachán, ach tharla sé mar gheall gur leanadh de mhéideanna substaintiúla allmhairí, go háirithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

4.5.4. *Fás*

(205) I gcomhthéacs tomhaltas a bheith ag dul i laghad, ní hamháin gur chaill an tionscal de chuid an Aontais méideanna díolacháin substaintiúla i margadh an Aontais, ach chaill an tionscal sciar den mhargadh freisin. Dá bhrí sin, is léir gur crapadh seasamh an tionscail de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí ábhartha araon.

4.5.5. *An fhostaíocht agus an táirgiúlacht*

(206) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse a breithníodh mar a leanas:

*Tábla 7*

**An fhostaíocht agus an táirgiúlacht**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe (FTE) | [51 – 62] | [46 – 55] | [51 – 61] | [14 – 16] |
| *Innéacs* | *100* | *89* | *99* | *27* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Táirgiúlacht (tona/FTE) | [279 – 338] | [309 – 375] | [246 – 297] | [92 – 111] |
| *Innéacs* | *100* | *111* | *88* | *33* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(207) Bhí líon na bhfostaithe éagsúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud lena léirítear athdháileadh fostaithe áirithe chuig táirgí difriúla le linn tréimhsí ina raibh an táirgeacht luaineach. Mar sin, tháinig laghdú 73 % ar an líon fostaithe FTE a bhí ag obair ar shileacan cailciam le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(208) Tháinig méadú 11 % ar an táirgiúlacht idir 2017 agus 2018 agus laghdú 21 % uirthi ansin idir 2018 agus 2019 agus tháinig laghdú substaintiúil 63 % uirthi idir 2019 agus an tréimhse faoi bhreathnú. Agus luaineacht na leibhéal fostaíochta a léirítear i dTábla 7 á gcur san áireamh, ba é treocht na táirgeachta ba mhó a bhí á leanúint ag an treocht sin, táirgeacht a chuaigh i laghad go substaintiúil i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.6. *Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin*

(209) Bhí na corrlaigh dhumpála uile i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar an tionscal de chuid an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(210) Is é seo an t-aon imscrúdú frithdhumpála amháin atá ann maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonra ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na dumpála a d'fhéadfadh a bheith ann san am a chuaigh thart.

4.5.7. *Praghsanna agus fachtóirí lena ndéantar difear do phraghsanna*

(211) Forbraíodh meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí ón Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse a breithníodh mar a leanas:

*Tábla 8*

**Praghsanna díola san Aontas(EUR/tona)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh le custaiméirí neamhghaolmhara | [1 367 – 1 654] | [1 559 – 1 887] | [1 564 – 1 894] | [1 435 – 1 737] |
| *Innéacs* | *100* | *114* | *114* | *105* |
| Costas táirgthe in aghaidh an aonaid | [1 213 – 1 468] | [1 390 – 1 683] | [1 543 – 1 868] | [1 836 – 2 223] |
| *Innéacs* | *100* | *115* | *127* | *151* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(212) Tháinig méadú 14 % ar mheánphraghsanna díola aonaid ar shaormhargadh an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara idir 2017 agus 2018 agus d'fhan na praghsanna ag an leibhéal sin ar feadh 2019 sular thit siad 8 % i dtréimhse an imscrúdaithe. Bhí praghsanna sa tréimhse imscrúdaithe 5 % ní b'airde ná mar a bhí in 2017. In 2018 agus 2019, bhí an méadú a bhí ag teacht ar phraghsanna díola comhsheasmhach leis an méadú a bhí ag teacht ar chostais. De réir mar a tháinig laghdú substaintiúil ar mhéideanna na ndíolachán, bhí praghsanna díola ar mhargadh an Aontais marbhánta in 2019 agus chuaigh siad i laghad go suntasach in 2020. Bhí tionchar diúltach ag allmhairí leanúnacha ón tSín a bhí ar phraghsanna cuid mhaith níos ísle ar phraghsanna na dtáirgeoirí ón Aontas, rud a d'fhág gur coinníodh praghsanna íseal i margadh an Aontais.

(213) Tháinig méadú 50 % de réir a chéile ar na costas táirgthe in aghaidh an aonaid idir 2017 agus 2020. Maidir leis na méaduithe sin ar chostais, is de thoradh an laghdaithe shubstaintiúil ar tháirgeacht i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú a tharla cuid mhaith díobh, agus tháinig an laghdú sin de thoradh na gcúiseanna a leagtar amach in aithrisí (193) go (197). Go háirithe, d'fhág leibhéil ísle na táirgeachta in 2019 agus 2020 nár mhór costais sheasta (e.g. dímheas) a aisghabháil as méideanna táirgeachta níos ísle, as ar eascair costais táirgthe níos airde in aghaidh an aonaid. Ina theannta sin, tháinig méaduithe ar chostais táirgthe áirithe amhail fuinneamh.

4.5.8. *Costais saothair*

(214) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

*Tábla 9*

**Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí(EUR/FTE)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí | [55 032 – 66 618] | [67 345 – 81 523] | [57 342 – 69 415] | [49 188 – 59 543] |
| *Innéacs* | *100* | *122* | *104* | *89* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(215) Tháinig méadú 22 % ar na costais saothair in aghaidh an fhostaí idir 2017 agus 2018 agus laghdú 27 % ansin idir 2018 agus an tréimhse faoi bhreathnú. Is de thoradh difríochtaí suntasacha ó thaobh na cainníochta táirgthe de agus i rátaí saothair an dá tháirgeoir ón Aontas a tharla an luaineacht sin.

4.5.9. *Fardail*

(216) Forbraíodh leibhéil stoic na dtáirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 10*

**Fardail**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh (tonaí) | [1 550 – 1 877] | [3 850 – 4 660] | [6 604 – 7 995] | [1 889 – 2 287] |
| *Innéacs* | *100* | *248* | *426* | *122* |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%) | 10,3 | 25,9 | 50,4 | 143,8 |
| *Innéacs* | *100* | *251* | *488* | *1 393* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(217) Tháinig méadú ar na leibhéil stoc deiridh de réir a chéile idir 2017 agus 2019 sular tháinig laghdú substaintiúil orthu idir 2019 agus deireadh na tréimhse imscrúdaithe. Ní raibh na tairgeoirí de chuid an Aontais ag táirgeadh an tráth uile le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach rinne siad cinntí maidir leis an táirgeacht ag brath ar staid an mhargaidh le haghaidh sileacan cailciam agus fearó-chóimhiotal eile agus ar leibhéil an tsileacain chailciam a bhí sa stoc. Mar sin, is gnáth do leibhéil an stoic a bheith níos airde tar éis tréimhsí táirgthe agus dul i laghad ansin le linn tréimhsí nuair a dhéanann táirgeoirí cinneadh earraí ó stoic a dhíol.

(218) Tháinig méadú ar na stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú go háirithe mar gheall ar an laghdú substaintiúil ar an táirgeacht a léirítear i dTábla 4.

4.5.10. *Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú*

(219) Forbraíodh an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 11*

**An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 9,7 % go 11,7 % | 10,3 % go 12,5 % | 0,9 % go 2,7 % | - 25,2 % go - 36,3 % |
| *Innéacs* | *100* | *106* | *16* | *- 296* |
| An sreabhadh airgid (EUR) | 2 680 005 go 3 244 217 | - 834 797 go - 1 010 543 | - 3 507 642 go - 4 246 094 | 3 562 317 go 4 312 279 |
| *Innéacs* | *100* | *- 31* | *- 131* | *133* |
| Infheistíochtaí (EUR) | [17 832 – 21 586] | [559 138 – 676 851] | [1 588 224 – 1 922 586] | [6 509 – 7 879] |
| *Innéacs* | *100* | *3 136* | *8 907* | *36* |
| Toradh ar infheistíochtaí (%) | 48 go 58 | 40 go 48 | 1 go 2 | - 43 go - 52 |
| *Innéacs* | *100* | *83* | *3* | *- 89* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(220) Shuigh an Coimisiún brabúsacht díolachán táirgeachta féin na dtáirgeoirí ón Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. In 2018, coinníodh an bhrabúsacht ar bun ar leibhéal a bhí cosúil le leibhéal 2017, toisc go raibh méaduithe ar chostais ag teacht le praghsanna díola níos airde, agus dá bhrí sin, bhain an tionscal de chuid an Aontais leibhéil bhrabúsachta idir 9,7 % agus 12,5 % amach ar an láimhdeachas. Mar sin féin, de bharr méideanna díolachán a bheith ní b'ísle, praghsanna an mhargaidh a bheith marbhánta agus méideanna breise ar chostais, chonacthas go ndeachaigh an bhrabúsacht i laghad chuig leibhéil idir 0,9 % agus 2,7 % in 2019. In 2020, agus méideanna táirgeachta agus na ndíolachán ag dul i laghad a thuilleadh, chuaigh praghsanna an mhargaidh i laghad agus costais i méid arís, rud a d'fhág gur tharla caillteanais an-mhór. D'úsáid Eurofer tuarascálacha bliantúla de chuid Ferrogloba chun dúshlán a thabhairt do na corrlaigh bhrabúis a luaitear sa ghearán. Baineann na corrlaigh bhrabúis thuas le díolacháin na n-eintiteas táirgthe (Ferropem agus OFZ), áfach, agus is le sileacan cailciam amháin a bhaineann siad, agus maidir leis na tuarascálacha a luaitear, tugann siad brabúsacht na dtáirgí uile a mhonaraíonn Ferroglobe.

(221) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an sreabhadh airgid dearfach go mór in 2017 agus sa tréimhse imscrúdaithe agus diúltach go mór in 2018 agus 2019. Bhí an treocht sin i gcomhréir le hathruithe ar leibhéil stoc deiridh a bheag nó a mhór. Cé gur tháinig laghdú ar leibhéil stoc deiridh sa tréimhse imscrúdaithe, bhí an sreabhadh airgid dearfach toisc go ndearnadh díolacháin as stoc, ach laghdaíodh an sreabhadh airgid de thoradh díolachán in 2018 agus 2019 nuair a chuaigh leibhéil stoc deiridh i méid.

(222) Bhí na meán-infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú íseal, níos ísle ná EUR 600 000 in aghaidh na bliana. Tá an infheistíocht, a bhí níos airde in 2019, comhsheasmhach leis an méadú beag ar an acmhainneacht in 2020.

(223) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Cé gur tháinig méadú beag ar an nglanluach infheistíochtaí i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, is é an laghdú substaintiúil ar an mbrabúsacht in 2019 agus 2020 príomhchúis an ghéarlaghdaithe ar an toradh ar infheistíocht sna blianta sin.

(224) Cé nár beartaíodh aon infheistíocht mhór le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bheadh cumas na dtáirgeoirí ón Aontas le caipiteal a thiomsú dulta chun donais i gcaitheamh na tréimhse sin de réir mar a chuaigh a leibhéal brabúsachta i laghad.

4.5.11. *Conclúid faoi dhíobháil*

(225) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chuaigh allmhairí ón tír lena mbaineann i laghad 22 % ach bhí méadú nach beag ar an sciar den mhargadh a fuair siad agus an tomhaltas ag titim 50 %. Maidir le hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne méadaíodh a sciar den mhargadh go substaintiúil (ó 38,7 % go 60,8 %). Bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne íseal ar bhonn comhsheasmhach agus bhí siad go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rinne praghsanna allmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha praghsanna an tionscail de chuid an Aontais a shladghearradh faoi 10,6 % ar an meán. Mar sin, ní raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann praghsanna a ardú chomh hard céanna toisc go raibh costais ag méadú mar gheall ar an mbrú anuas ar phraghsanna arbh iad allmhairí ón tSín ba chúis leis.

(226) Ba é meascán d'éifeachtaí, ó thaobh méide agus praghais de, a bhí i gceist leis an díobháil a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais. Léiríodh le go leor táscairí ó thaobh méide de go raibh treocht dhiúltach shuntasach ann i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú: thit an táirgeacht 91 %, thit an úsáid acmhainneachta 91 %, thit méid na ndíolachán i margadh an Aontais 75 % agus thit a sciar den mhargadh 25 phointe céatadáin. Ina theannta sin, thit an fhostaíocht 73 %, thit meánchostais saothair 11 % agus thit an táirgiúlacht 67 %.

(227) Níor tháinig méadú ach 5 % ar mheánphraghsanna an tionscail de chuid an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig ardú 51 % ar a chostais. Chuaigh sé sin i bhfeidhm go mór ar an mbrabúsacht agus ar an toradh ar infheistíocht, a thit ó leibhéil réasúnta in 2017 agus 2018 go staid inar tharla caillteanas substaintiúil i dtréimhse an imscrúdaithe. Bhí infheistíochtaí íseal i gcaitheamh na tréimhse ar fad.

(228) Ba thearc aon táscaire lenar léiríodh forbairt dhearfach. Ó thaobh na hacmhainneachta de, léiríodh treocht a bhí beagán dearfach mar gheall ar fheabhsuithe ar éifeachtúlacht an táirgthe. Is as stoc de ghnáth a dhíoltar sileacan cailciam, agus ba léir go raibh dlúthnasc idir forbairt an tsreafa airgid agus stoc. De réir mar a carnadh stoic in 2018 agus 2019, ba dhiúltach an sreabhadh airgid a bhí ann, ach in 2020 ansin, nuair ab ísle an táirgeacht agus nuair a díoladh méideanna ní ba mhó ón stoc, tháinig feabhas ar an sreabhadh airgid agus tháinig sé chun bheith dearfach. Tháinig méadú 3 % i gcaitheamh na tréimhse ar an úsáid faoi chuing sin a bhí réasúnta beag, ach ní raibh ach tionchar beag ag an bhforbairt sin ar staid fhoriomlán an tionscail.

(229) Mar achoimre, bhí an tomhaltas ar mhargadh an Aontais ag titim go mear, ach ní raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann a sciar den mhargadh a choinneáil ar bun. Ba shubstaintiúil iad na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú ar fad, ar phraghsanna a bhí ní b'ísle ná mar a bhí praghsanna an tionscail de chuid an Aontais. Ag deireadh 2019 agus in 2020, bhí an tionscal de chuid an Aontais ag díol ar phraghsanna a d'fhág nár cumhdaíodh a chuid costas a thuilleadh agus dá dheasca sin, laghdaigh an tionscal a chuid táirgeachta agus leibhéal díolachán go substaintiúil. Laghdaigh an táirgeoir is mó san Aontas an táirgeacht go suntasach in 2020, agus is as stoc go príomha a rinneadh díolacháin i dtréimhse an imscrúdaithe. Níor staid inbhuanaithe é siúd agus forbraíodh plean athstruchtúraithe, a raibh plean chun an láithreán, a úsáidtear chun sileacan cailciam a tháirgeadh, a dhúnadh b'fhéidir mar chuid de.

(230) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin go ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

## 5. **CÚISÍOCHT**

(231) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearnadh díobháil don tionscal de chuid an Aontais de dheasca tosca aitheanta eile ag an tráth chéanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na fachtóirí sin: tionchar na titime ar an tomhaltas mar gheall ar chrapadh an éilimh ón tionscal cruach, allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais, costais táirgeachta mhéadaithe san Aontas, tionchar na n-allmhairí chun freastal ar an éileamh agus úsáid faoi chuing.

### 5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(232) Tháinig laghdú 22 % ar mhéid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (mar a léirítear i dTábla 3) ó 2017 go dtí tréimhse an imscrúdaithe. Tháinig méadú 57 % ar sciar margaidh na Síne áfach, i.e. ó 38,7 % go 60,8 %. Ba é an tionscal de chuid an Aontais a bhí thíos leis sin. Go deimhin, le linn na tréimhse céanna (mar a léirítear i dTábla 6), tháinig laghdú 75 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar an saormhargadh agus thit a sciar den mhargadh ar an saormhargadh ó 50,5 % go 25,1 %, titim 50 %.

(233) Tháinig laghdú 5 % ar phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse faoi bhreathnú (mar a léirítear i dTábla 4) I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 6 % ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais ar an saormhargadh le linn na tréimhse céanna. Maidir leis na hallmhairí ón tSín, ar fhairsinge ná riamh iad i margadh an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, rinneadh ar phraghsanna iad lenar sladghearradh praghsanna an tionscail de chuid an Aontais go leanúnach.

(234) D'fhág an brú ó na hallmhairí dumpáilte gur cuireadh praghsanna faoi chois, arbh fhianaise air sin an fíoras nach raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann praghsanna a ardú ar an ráta céanna le costais. Go deimhin, mar a léirítear i dTábla 8, le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhí na costais táirgthe breis agus 20 % níos airde ná praghsanna díola an tionscail de chuid an Aontais. Faoin 2019, d'fhág an cosc sin ar mhéaduithe ar an bpraghas gur thit brabúsacht an tionscail de chuid an Aontais faoi bhun 3 %, rud ar léir gur leibhéal neamh-inbhuanaithe atá ann. I gcaitheamh na tréimhse idir 2017 agus 2019, níor tháinig ach laghdú 6 % ar mhéid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ach tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 38,7 % go 55,3 %, agus thit an sciar den mhargadh a bhí ag an tionscal de chuid an Aontais ó 50,5 % go 29,5 %. Go deimhin, d'ainneoin laghdú 34 % ar an tomhaltas idir 2017 agus 2019, lean allmhairí de chuid na Síne lena sciar den mhargadh a ghnóthú ón tionscal de chuid an Aontais. Sa tréimhse chéanna, tháinig méadú 12 % ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tSín (Tábla 4), agus cé gur tháinig méadú ní ba mhó ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais, méadú 14 %, bhí an méadú sin i bhfad ní ba lú ná an costas táirgthe, ar ar tháinig méadú 27 %. Mar sin, faoi 2019 cheana féin, bhí an tionscal de chuid an Aontais thíos le díobháil ábhartha arbh iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis léi.

(235) In 2020, tháinig laghdú eile 16 % ar phraghsanna na Síne i gcomparáid le 2019 agus chuaigh sciar an mhargaidh d'allmhairí Síneacha i méid ó 55 % go dtí 61 %, méadú 10 %. Le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú 8,2 % ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais, tháinig méadú 19 % ar a chostas táirgthe, agus thit a sciar den mhargadh 15 %, ag dul ó 29,5 % go 25,1 %. Chuaigh sé sin i bhfeidhm go substaintiúil ar thionscal an Aontais, agus d'fhág gur brabúsacht iontach diúltach a tháinig chun bheith ann le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(236) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar chonclúid shealadach go ndearna na hallmhairí ón tSín díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

### 5.2. **Éifeachtaí fachtóirí eile**

#### 5.2.1. *An titim ar an tomhaltas*

(237) Bhreithnigh Eurofer agus an German Steel Federation gurbh é forbairt an tomhaltais a léirítear i dTábla 2 príomhchúis na díobhála sna haighneachtaí uathu ar thionscnamh an imscrúdaithe. Tháinig laghdú 50 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Leis an bhforbairt sin, léiríodh éileamh ní ba lú ón bpríomhearnáil úsáide (an tionscal cruach). Laghdaigh an tionscal cruach a gceannacháin sileacain chailciam trí fhardail sileacain chailciam dá chuid a úsáid agus chuaigh an táirgeacht amhchruach i laghad 18 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(238) In 2018 chuaigh tomhaltas an tsileacain chailciam i laghad 14 % i gcomparáid le 2017 agus bhí an tionscal de chuid an Aontais fós in ann a ghnó a choigeartú de réir na titime sin, sa chaoi gur coinníodh brabúsacht na ndíolachán sileacain chailciam ar leibhéal os cionn 10 %. Mar sin féin, in 2019, ní raibh an staid inbhuanaithe a thuilleadh le haghaidh an tionscail de chuid an Aontais, toisc gur fhág leathadh allmhairí na Síne gur thit táirgeacht agus díolacháin an tionscail de chuid an Aontais chuig leibhéil a d'fhág nach raibh sé in ann an t-ardú a bhí ag teacht ar a chuid costas in aghaidh an aonaid a chumhdach. In 2020, an bhliain inar thosaigh Paindéim COVID-19, chuaigh an tomhaltas i laghad 25 % eile.

(239) D'áitigh idir Eurofer agus an German Steel Federation gurbh é an laghdú ar tháirgeadh an amhchruach an phríomhchúis leis an díobháil a rinneadh don tionscal sileacain chailciam seachas allmhairí na Síne.

(240) I gcomhthéacs an laghdaithe sin ar an tomhaltas, áfach, tháinig méadú 57 % ar sciar margaidh Dhaon-Phoblacht na Síne, i.e. ó 38,7 % go 60,8 % ach léiríodh laghduithe níos mó ná an laghdú ar an tomhaltas i gcás na titime ar tháirgeacht, ar mhéid na ndíolachán, ar an sciar den mhargadh, ar bhrabúsacht, ar fhostaíocht agus ar an toradh ar infheistíocht don tionscal de chuid an Aontais. Is amhlaidh sin toisc go raibh leathadh allmhairí na Síne ar phraghsanna ísle sa mhargadh ina chúis le damáiste shubstaintiúil do na táscairí díobhála sin.

(241) Dá bhrí sin, maidir leis an titim ar an tomhaltas, ní bhristear an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus an díobháil ábhartha a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais. Thairis sin, rud ar tharraing Eurofer aird air, thosaigh tionchar phaindéim COVID-19 in 2020 cé go raibh staid dhíobhálach cruthaithe cheana féin faoi 2019. Dá bhrí sin, ba cheart breathnú ar phaindéim COVID-19 mar thoisc lenar géaraíodh an díobháil in 2020.

5.2.2. *Méaduithe ar an gcostas táirgthe*

(242) Tháinig méadú ar chostas táirgthe an tionscail de chuid an Aontais mar gheall ar dhá phríomhchúis. Ar an gcéad dul síos, tháinig méadú de bhreis agus 30 % ar na costais leictreachais a úsáidtear chun sileacan cailciam a tháirgeadh le haghaidh an táirgeora ba mhó san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus b'ionann na costais sin agus sciar suntasach de na costais táirgthe (suas le 40 % sa tréimhse faoi bhreathnú).

(243) Ar an dara dul síos, tháinig méadú substaintiúil ar an gcostas táirgthe in aghaidh an aonaid de thoradh cainníochtaí táirgeachta agus díolachán níos ísle a bhain leis an tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhág sé sin gur aisghabhadh costais sheasta as méideanna táirgeachta agus díolachán níos ísle, rud lenar méadaíodh eilimint an chostais sheasta in aghaidh an aonaid sna costais táirgthe in aghaidh an aonaid.

(244) Mhaígh Eurofer gur tugadh le fios leis an Athbhreithniú Gnó ó Ferroglobe le haghaidh an dara ráithe de 2020 gur tharla feabhsuithe ó thaobh costas de a bhí inchurtha i leith laghduithe ar phraghsanna fuinnimh. Baineann an Athbhreithniú Gnó sin le Ferrogloba, áfach, a fheidhmíonn i roinnt tíortha, agus ní bhaineann sé le Ferropem amháin ag a láithreán a úsáidtear chun sileacan cailciam a tháirgeadh. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh leis an argóint.

(245) In 2018, bhí an tionscal de chuid an Aontais in ann a leibhéil bhrabúis a choinneáil ar bun os cionn 10 % d'ainneoin méaduithe ar chostais leictreachais, toisc go raibh sé in ann na méaduithe sin ar chostas a thabhairt ar aghaidh dá chustaiméirí. In 2019, áfach, ní raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann praghsanna a mhéadú a thuilleadh mar gheall ar an mbrú praghsanna ó allmhairí na Síne a bhí, faoi 2019, ag dul i gceannas ar an margadh (agus 55 % de sciar den mhargadh acu) agus ag gníomhú mar lucht socraithe phraghsanna an mhargaidh. Ní raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann praghsanna allmhairiúcháin chomh híseal sin a leanúint in 2019. Rannchuidigh sé sin le cinneadh Ferropem an táirgeacht a laghdú go suntasach in 2020.

(246) Dá bhrí sin, ba cheart an chonclúid a dhéanamh nár chúis díobhála iad na méaduithe ar an gcostas táirgthe. Ba iad na hallmhairí ón tSín ar phraghas íseal a mhéadaigh a sciar ar mhargadh an Aontais ba chúis leis an díobháil, fiú i gcás inar thit an tomhaltas, rud a chuaigh chun dochair don tionscal de chuid an Aontais agus a d'fhág nach raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú chuig leibhéil bhrabúsacha.

5.2.3. *Ceannacháin sileacain chailciam ag dul in ionad a tháirgeachta féin*

(247) Rinne an tionscal de chuid an Aontais ceannacháin sileacain chailciam ó thíortha lasmuigh den Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú (ón Airgintín go príomha). Scrúdaigh an Coimisiún dá bhrí sin cibé acu a raibh an cinneadh chun sileacan cailciam a allmhairiú ina chúis díobhála do thionscal an Aontais i ngeall ar a thionchar ar leibhéil táirgeachta agus díolachán agus, dá bhrí sin, ar an mbrabúsacht. I gcoitinne, rinneadh na hallmhairí sin, a bhí luaineach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus arbh iad 15 % de dhíolacháin iomlána le linn na tréimhse sin, tráth a bhain saincheisteanna teicniúla lena saoráidí táirgthe san Aontas chun orduithe ó chustaiméirí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, d'fhág na hallmhairí sin go raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann freastal ar an éileamh agus mar gheall air sin, ní féidir a bhreithniú gur rannchuidigh siad leis an díobháil a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais. Ina theannta sin, ní raibh na ceannacháin sin á ndéanamh le linn na tréimhse imscrúdaithe nuair a bhí an díobháil ba shubstaintiúla roimh an tionscal de chuid an Aontais.

5.2.4. *Táirgeadh táirgí eile in ionad sileacan cailciam a tháirgeadh*

(248) Tharraing Eurofer aird air, toisc gur tháirg an tionscal de chuid an Aontais sileacan cailciam leis an trealamh céanna agus a tháirgtear táirgí eile, dá n-aistreofaí chuig táirgí eile, go gcoiscfí táirgeadh an tsileacain chailciam.

(249) Nochtadh leis an imscrúdú, áfach, go raibh acmhainneacht bhreise ag na táirgeoirí ón Aontas i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, fiú agus na fearó-chóimhiotail eile sin á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, is léir nach raibh táirgeadh táirgí eile ina bhacainn roimh tháirgeadh an tsileacain chailciam ná ina chúis neamhdhíreach le díobháil le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.2.5. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(250) Tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

*Tábla 12*

**Allmhairí ó thríú tíortha**

| Tír | | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bhrasaíl | Méid (tonaí) | [1 130 – 1 368] | [614 – 743] | [1 157 – 1 401] | [1 470 – 1 779] |
| | *Innéacs* | *100* | *54* | *102* | *130* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 4,4 | 2,8 | 6,8 | 11,5 |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 341 | 1 439 | 1 420 | 1 108 |
| | *Innéacs* | *100* | *107* | *106* | *83* |
| An Téalainn | Méid (tonaí) | [157 – 190] | [545 – 660] | [288 – 348] | [245 – 297] |
| | *Innéacs* | *100* | *347* | *183* | *156* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 0,6 | 2,5 | 1,7 | 1,9 |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 210 | 1 313 | 1 417 | 1 112 |
| | *Innéacs* | *100* | *109* | *117* | *92* |
| An Airgintín | Méid (tonaí) | [1 505 – 1 822] | [1 828 – 2 212] | [1 123 – 1 360] | [96 – 116] |
| | *Innéacs* | *100* | *121* | *75* | *6* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 5,8 | 8,2 | 6,6 | 0,7 |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 587 | 1 535 | 1 538 | 1 248 |
| | *Innéacs* | *100* | *97* | *97* | *79* |
| Tríú tíortha eile | Méid (tonaí) | 0 | [29 – 36] | [17 – 21] | [0 – 2] |
| | Innéacs | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | An sciar den mhargadh (%) | 0,0 | 0,1 | 0,1 | 0,0 |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 0 | 1 554 | 2 469 | 2 254 |
| | Innéacs | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann | Méid (tonaí) | [2 792 – 3 380] | [3 017 – 3 652] | [2 585 – 3 129] | [1 812 – 2 193] |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | *Innéacs* | *100* | *108* | *93* | *65* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 10,8 | 13,6 | 15,2 | 14,1 |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 466 | 1 476 | 1 478 | 1 117 |
| | *Innéacs* | *100* | *101* | *101* | *76* |

Foinse: Sonraí custaim na mBallstát

(251) Tháinig méadú 30 % ar allmhairí ón mBrasaíl le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Méadaíodh a sciar den mhargadh ó 4,4 % go 11,5 % sa tréimhse sin. Bhí na hallmhairí sin ar phraghsanna cosúil leo siúd ón tSín sa tréimhse idir 2017 agus 2019, ach rinne siad sladghearradh 10 % ar phraghsanna na Síne in 2020. Ba cheart allmhairí ón mBrasaíl a bhreithniú ina dtoisc rannpháirteach dá bhrí sin, a chuir leis an díobháil a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais go háirithe in 2020. Tharraing Eurofer agus an German Steel Federation an tsaincheist sin anuas freisin i gcomhthéacs na mbarúlacha faoin nGearán.

(252) Toisc go raibh méid na n-allmhairí sin i gcónaí 5 oiread ar a laghad ní b'ísle ná méid na n-allmhairí ón tSín, áfach, is léir gur thoisc chúisíochta ní ba thábhachtaí iad na hallmhairí ón tSín.

(253) Is ón Airgintín go príomha a tháinig allmhairí ó thríú tíortha eile, lena n-áirítear ceannacháin a rinneadh ceann de na táirgeoirí ón Aontas ó chuideachta ghaolmhar, ach ní dhearnadh méideanna na n-allmhairí sin ná ní raibh siad ar phraghsanna a bhí ina gcúis díobhála i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú agus, mar a mhínítear in aithris (247), d'fhág siad go raibh an tionscal de chuid an Aontais in ann freastal ar éilimh tráthanna a raibh fíor-shaincheisteanna teicniúla i gceist.

(254) Dá bhrí sin, cé gurbh ann do chainníochtaí suntasacha allmhairí agus ar phraghsanna ísle ón mBrasaíl, níor shuntasach go leor iad chun an nasc cúisíoch a mhaolú idir cainníochtaí substaintiúla allmhairí sileacain chailciam ón tSín ar phraghsanna ísle agus an díobháil a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais.

5.2.6. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais*

(255) Seo a leanas mar forbraíodh méid na n-onnmhairí ó na táirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 13*

**Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid onnmhairí (tonaí) | [2 931 – 3 548] | [2 696 – 3 264] | [2 119 – 2 565] | [1 581 – 1 914] |
| *Innéacs* | *100* | *92* | *72* | *54* |
| Meánphraghas (EUR/tona) | [1 196 – 1 448] | [1 490 – 1 804] | [1 492 – 1 806] | [1 369 – 1 657] |
| *Innéacs* | *100* | *125* | *125* | *114* |

Foinse: Ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí ón Aontas

(256) Tháinig laghdú 46 % ar onnmhairí an tionscail de chuid an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, rud a bhí cuid mhaith ní b'ísle ná an laghdú 75 % a tháinig ar mhéid na ndíolachán a bhí ag táirgeoirí ón Aontas ar mhargadh an Aontais i gcaitheamh na tréimhse céanna.

(257) Tháinig méadú 25 % in 2018 ar mheánphraghas na n-onnmhairí sin i dtosach báire. Coinníodh an leibhéal sin ar bun in 2019 sular tháinig laghdú air chuig leibhéal a bhí fós cuid mhaith os cionn leibhéal 2017 i dtréimhse an imscrúdaithe (+ 14 %). Bhí meánphraghas na n-onnmhairí sin beagán ní b'ísle ná an praghas a d'fhéadfadh an tionscal de chuid an Aontais a bhaint amach ar mhargadh an Aontais in 2017, ach d'fhan leibhéal praghsanna onnmhairiúcháin agus díola intíre ar leibhéil chomhchosúla ar feadh a raibh fágtha den tréimhse faoi bhreathnú.

(258) I bhfianaise leibhéil mhéideanna agus phraghsanna onnmhairí an tionscail de chuid an Aontais chuig tríú tíortha, agus de bharr nach ndeachaigh díolacháin na n-onnmhairí chun donais a mhéid agus a chuaigh na díolacháin ar mhargadh an Aontais (a léirítear i dTábla 6), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nár chuir an fheidhmíocht onnmhairiúcháin ach fíorbheagán leis an díobháil ábhartha a bhain don tionscal de chuid an Aontais.

5.2.7. *Úsáid faoi chuing*

(259) D'úsáid an tionscal de chuid an Aontais an táirge lena mbaineann faoi chuing chun fearó-chóimhiotail iartheachtacha eile a tháirgeadh. Mar a léirítear i dTábla 2, tháinig méadú ar an úsáid faoi chuing in 2018 agus 2019 ach níor tháinig ach 3 % de mhéadú ar an úsáid sin i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, b'ionann an margadh faoi chuing agus méid ní ba lú ná 10 % den mhargadh iomlán i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú.

(260) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go sealadach nach raibh aon tionchar ábhartha ag forbairtí sa mhargadh faoi chuing ar an tionscal de chuid an Aontais.

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(261) De dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tSín bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais in 2019 agus 2020 mar gheall ar an leathadh ollmhór sa mhargadh a baineadh amach, agus an tionscal de chuid an Aontais thíos leis. Ó thaobh praghsanna de, mar gheall ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ag dul i méid, lena ndearnadh sladghearradh go leanúnach ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais, cruthaíodh brú praghsanna substaintiúil agus coisceadh na méaduithe ar phraghas an mhargaidh ba ghá chun go mbainfeadh an tionscal de chuid an Aontais leibhéil bhrabúis réasúnacha amach.

(262) Chuaigh tosca eile i bhfeidhm ar an tionscal de chuid an Aontais freisin. Ba í an toisc ba thábhachtaí díobh sin an titim ar an tomhaltas mar gheall ar éileamh níos laige ón tionscal cruach. Mar sin féin, agus é á choinneáil ar aigne, ó thaobh an tionscail de chuid an Aontais de, go bhfuil titim tar éis teacht ar an táirgeacht, ar mhéid na ndíolachán, ar an sciar den mhargadh agus ar an mbrabúsacht, a bhí i bhfad níos mó ná an titim a tháinig ar an tomhaltas (50 %), agus laghdú ag teacht ar an tomhaltas sa chúlra, gur tháinig méadú 57 % ar sciar margaidh na Síne, i.e. ó 38,7 % go 60,8 %, táthar tagtha ar an gconclúid nach raibh sa titim ar an tomhaltas ach toisc rannpháirteach amháin. Ba iad príomhchúis na díobhála allmhairí na Síne, a leathadh go suntasach ar feadh mhargadh an Aontais ar praghsanna ísle i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú.

(263) Ina theannta sin, chuaigh allmhairí ón mBrasaíl, agus feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais, i bhfeidhm ar staid an tionscail de chuid an Aontais. Ní raibh ach tionchar an-teoranta ag na tosca sin, áfach, ar an tionscal, toisc go raibh allmhairí ón mBrasaíl ar phraghsanna a bhí cosúil le hallmhairí na Síne ach méideanna i bhfad ní b'ísle i gceist leo. Is é méid ollmhór na n-allmhairí ón tSín ar phraghsanna a bhí i bhfad ní b'ísle ná praghsanna an tionscail de chuid an Aontais an phríomhchúis gur chaill an tionscal de chuid an Aontais díolacháin agus nárbh fhéidir leis a phraghsanna a ardú i gcomhréir lena chostas táirgthe, rud a d'fhág caillteanais a bhí iontach mór.

(264) Dá bhrí sin, dhealaigh agus scar an Coimisiún éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid an tionscail de chuid an Aontais ó éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte.

(265) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin, go ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha. Is léir an díobháil maidir le treocht na táirgeachta, úsáid na hacmhainneachta méid na ndíolachán i margadh an Aontais, an sciar den mhargadh, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, an costas táirgthe, an bhrabúsacht agus an toradh ar infheistíochtaí.

## 6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(266) Sa chás reatha, mhaígh na gearánaigh gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar an leibhéal beart iomchuí, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais in éagmais saofa faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ní b'airde ná a gcorrlach gearrdhíola (féach aithrisí (275) go (281) thíos).

### 6.1. **Corrlach gearrdhíola**

(267) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh an tionscal de chuid an Aontais in ann spriocbhrabús a fháil trí dhíolacháin ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(268) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart corrlach brabúis den sórt sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(269) Mar chéad chéim, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús lena gcumhdaítear na costais iomlána faoi na gnáthdhálaí iomaíochta. In 2017 agus 2018, sula ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais, bhí meánráta brabúsachta ualaithe an tionscail de chuid an Aontais idir 9,7 % agus 12,5 % ar láimhdeachas mar a léirítear i dTábla 11. Measadh gur corrlach brabúis den sórt sin an bunbhrabús lena gcumhdaítear na costais iomlána faoi ghnáthdhálaí iomaíochta san imscrúdú sin.

(270) Toisc nár tháirg ceann de na táirgeoirí de chuid an Aontais cainníochtaí suntasacha sileacain chailciam le linn na tréimhse imscrúdaithe, níor breithníodh go raibh a chostais iontaofa agus iomchuí chun an spriocphraghas a shuí. Toisc gur ó stoic a táirgeadh in 2019 a rinneadh díolacháin an táirgeora sin den chuid ba mhó, breithníodh gurbh iomchuí costas táirgthe na bliana sin le haghaidh an imscrúdaithe sin.

(271) Ar an mbonn sin, tá an praghas neamhdhíobhálach idir EUR 1 650 agus EUR 1 750 in aghaidh an tona, a fuarthas de thoradh an corrlach brabúis thuasluaite idir 9,7 % agus 12,5 % a chur i bhfeidhm ar mheánchostas táirgthe ualaithe na dtáirgeoirí ón Aontas.

(272) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascraíonn as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus na Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, go dtabhóidh an tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil ag an gcéim shealadach, shuigh an Coimisiún nach raibh feidhm ag aon chostas breise maidir leis an tionscal de chuid an Aontais ina leith sin.

(273) Chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh ghearrdhíola agus comparáid á déanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí comhoibríocha onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann, faoi mar atá leagtha síos do na praghsanna a dhéanann na ríomhanna a shladghearradh, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí ón Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Rinneadh aon difríocht a d'eascair as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach allmhairiúcháin ualaithe maidir le CAL.

(274) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh "cuideachtaí comhoibríocha eile" agus le haghaidh "gach cuideachta eile" ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithris (168)).

| Cuideachta | Corrlach dumpála (%) | Corrlach gearrdhíola (%) |
|---|---|---|
| Ningxia Ketong New Material Technology Co. Ltd. | 73,4 | 31,5 |
| Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. | 132,8 | 43,3 |
| Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co. Ltd. | 85,9 | 32,8 |
| Gach cuideachta eile | 142,3 | 50,6 |

(275) Toisc go raibh an corrlach gearrdhíola mar a ríomhadh é ní b'ísle ná an corrlach dumpála, rinne an Coimisiún an scrúdú a cheanglaítear faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

### 6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach leordhóthanach chun an díobháil a bhain don tionscal de chuid an Aontais a bhaint**

#### 6.2.1. *Saobhadh amhábhar*

(276) Sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i nDaon-Phoblacht na Síne i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, bíonn leictreachas, arb é 20 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann, faoi réir scéim praghsála déiche i nDaon-Phoblacht na Síne. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san Fhógra tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, le himscrúdú an Choimisiúin, cumhdaíodh an scrúdú ar an saobhadh líomhnaithe agus ar aon saobhadh eile a chumhdaítear le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i nDaon-Phoblacht na Síne.

(277) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair ar dtús, lena n-áirítear fuinneamh, a úsáidtear chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh de réir gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Mar phríomh-amhábhair, breithníodh na hamhábhair sin ar dócha gurbh ionann iad agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann. Shuigh an Coimisiún gurb é an leictreachas an t-aon amhábhar arb ionann é agus breis is 17 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann.

(278) Scrúdaigh an Coimisiún ansin cibé acu a dhéantar leictreachas a shaobhadh le scéim praghsála déiche nó le haon cheann eile de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis sa ghearán mar aon leis an bhfaisnéis a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Mar a mhínítear in aithris (21), sheol an Coimisiún ceistneoir breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne. Níor fhreagair Rialtas na Síne an ceistneoir sin. Dá éis sin, chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas le litir dar dáta an 31 Mí an Mhárta 2021 go mb'fhéidir nár mhór dó na fíorais a bhí ar fáil maidir leis sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Níor fhreagair Rialtas na Síne an litir sin ach oiread.

(279) Sa ghearán, líomhain an gearánaí go ndéantar praghas an leictreachais sna cúigí i dTuaisceart Dhaon-Phoblacht na Síne a shaobhadh le scéim praghsála déiche. Chun tacú leis an líomhain, bhí comparáid sa ghearán idir praghsanna leictreachais sna cúigí i dTuaisceart Dhaon-Phoblacht na Síne, mar a bhfuil na príomh-allmhaireoirí CaSi lonnaithe, agus praghas onnmhairiúcháin an leictreachais a onnmhairítear ó na cúigí céanna, rud lena léirítear go mbíonn an praghas deiridh cuid mhaith níos airde.

(280) Níor suíodh aon fhianaise leis an imscrúdú ar scéim praghsála déiche ná ar aon cheann eile de na bearta a luaitear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i nDaon-Phoblacht na Síne. Thairis sin, níl ceann ar bith de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lonnaithe i réigiúin an Tuaiscirt a shainaithnítear sa ghearán. Luaigh dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha gur cheannaigh siad leictreachas ar ráta an mhargaidh ina gcúige; sholáthair ceann amháin díobh fianaise go bhfuil na rátaí leictreachais i bhfad níos airde ina réigiún ná na rátaí a shainaithnítear sa ghearán.

(281) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfianaise ar taifead ag an gcéim sin den imscrúdú agus ar thosca sonracha an cháis sin, nach raibh an leictreachas faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

### 6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(282) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

| Cuideachta | Dleacht frithdhumpála shealadach |
|---|---|
| Ningxia Ketong New Material Technology Co. Ltd. | 31,5 % |
| Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. | 43,3 % |
| Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co. Ltd. | 32,8 % |
| Gach cuideachta eile | 50,6 % |

## 7. **LEAS AN AONTAIS**

(283) Tar éis cinneadh a dhéanamh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé teacht ar chonclúid shoiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás sin, d'ainneoin chinneadh na dumpála díobhála, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leas an tionscail de chuid an Aontais, leas allmhaireoirí agus úsáideoirí amhail monaróirí sreinge croíleacánaí agus an tionscal cruach.

### 7.1. **Leas an tionscail de chuid an Aontais**

(284) Is ionann an tionscal de chuid an Aontais agus 100 % de tháirgeacht an Aontais san imscrúdú seo. Is de dheasca meascán tosca, lena n-áirítear méadú ar leathadh allmhairí na Síne ar phraghsanna ísle, a cruthaíodh dálaí deacra sa mhargadh in 2019, agus rinneadh an staid sin ní ba mheasa in 2020 le leathadh breise i gcás na n-allmhairí agus le laghdú ar an tomhaltas arbh é paindéim COVID-19 cuid den chúis leis. Bhain laghduithe substaintiúla don tionscal de chuid an Aontais maidir le táirgeacht, méid na ndíolachán, fostaíocht agus brabúsacht.

(285) Bhí ar Ferropem, an táirgeoir is mó ón Aontas, tús a chur le plean athstruchtúraithe a chur chun feidhme, a raibh dúnadh féideartha an phríomhláithreáin sileacain chailciam ag Chateau Feuillet i gceist leis. Dá bhforchuirfí bearta ar allmhairí na Síne, chumasófaí do Ferropem tosú ar tháirgeadh sileacain chailciam an athuair ag láithreán eile san Aontas. Bhí thart faoi 250 FTE i gceist leis an bhfostaíocht ag láithreán Chateau Feuillet, ar bhain sciar suntasach díobh le sileacan cailciam i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú.

(286) Chuirfeadh bearta feabhas ar dhálaí an mhargaidh le haghaidh an dá tháirgeoir ón Aontas, toisc go gcuideoidís leo sciar den mhargadh a chaill siad a aisghabháil agus bhainfí den bhrú praghsanna dá mbeadh praghsanna allmhairiúcháin na Síne níos airde mar gheall ar na dleachtanna frithdhumpála. D'éascódh na bearta le Ferropem a phlean athstruchtúraithe a chur chun feidhme freisin.

(287) Dá mba rud é nach bhforchuirfí bearta, chuirfí an tionscal de chuid an Aontais i mbaol toisc go mbeadh táirgeadh an tsileacain chailciam san Aontais faoi bhagairt amach anseo dá leanfaí d'aon chuid den staid neamh-inbhuanaithe a bhí sa mhargadh in 2019 agus 2020.

(288) Thairis sin, bheadh an bhrabúsacht, a bheadh i gceist le fearó-chóimhiotail eile a tháirgeadh, faoi bhagairt, agus bheadh táirgeadh an táirge i mbaol báis ar fad fiú dá n-úsáidfí na saoráidí céanna le haghaidh táirgí den sórt sin agus a úsáidtear le haghaidh sileacan cailciam. Is amhlaidh sin toisc go mbraitheann láithreáin fearó-chóimhiotail ar chostais sheasta a chomhroinnt chun costais táirgthe in aghaidh an aonaid a ísliú chun go mbeidh láithreáin brabúsach.

(289) Is léir gur chun leas thionscal an tsileacain chailciam, agus na hearnála fearó-chóimhiotail níos leithne araon, a bheadh sé bearta a fhorchur.

### 7.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus monaróirí neamhghaolmhara sreinge croíleacánaí**

(290) Léiríodh leis an imscrúdú gur i bpúdar nó ina gcnapanna a bhí formhór mór na n-allmhairí ó na tíortha uile agus gur trasfhoirmíodh iad ina dtáirgí sreinge croíleacánaí san Aontas de ghnáth sular díoladh iad leis an tionscal is úsáideoir deiridh is mó, an tionscal cruach. Dá bhrí sin, déantar leas na monaróirí sreinge croíleacánaí a bhreithniú anseo mar aon leis na hallmhaireoirí.

(291) Mar a luaitear thuas, thíolaic dhá allmhaireoir freagraí ar an gceistneoir tar éis an chinnidh gan sampláil a chur i bhfeidhm. Ba iad sin Affival SAS san Fhrainc agus Coftech G.m.b.H. sa Ghearmáin. Chomhoibrigh monaróir sreinge croíleacánaí eile, Filo D.o.o. sa tSlóivéin, agus thíolaic ceistneoir úsáideora toisc nach mbíonn siad ag allmhairiú go díreach iad féin.

(292) Léiríodh leis an imscrúdú go monaraíonn na táirgeoirí sreinge croíleacánaí táirgí sreinge croíleacánaí eile. I gcás na gcomhoibritheoirí a luaitear thuas, bhí láimhdeachas na dtáirgí ina raibh sileacan cailciam i gcomparáid leis an láimhdeachas iomlán idir méid faoi bhun 10 % go dtí beagnach 50 %.

(293) Foinsíonn na táirgeoirí sreinge croíleacánaí sileacan cailciam ón tír lena mbaineann, ó thríú tíortha eile agus ón tionscal de chuid an Aontais. Ba é an príomhrud a bhí ina údar imní dóibh go gcuirfeadh bearta i leith allmhairí na Síne isteach ar an margadh sileacain chailciam san Aontas agus go bhféadfaí allmhairí ó cheann dá bpríomhfhoinsí soláthair a theorannú dá dheasca sin.

(294) Tugtar chun cuimhne, áfach, gurb ann d’fhoinsí soláthair eile timpeall an domhain, agus gurb iad an Bhrasaíl agus an Airgintín na príomhchinn sa tréimhse atá faoi bhreathnú agus go bhfuil na bearta beartaithe chun iomaíocht chóir ar mhargadh an Aontais a athchóiriú ar mhaithe leis na himreoirí uile ar an margadh sin. Mura bhforchuirtear bearta, d’fhéadfadh sin soláthar an tsileacain chailciam ón dá tháirgeoir ón Aontas a chur i mbaol, rud a rachadh chun aimhleas na rannpháirtithe uile i slabhra soláthair an tsileacain chailciam.

### 7.3. **Leas na n-úsáideoirí deiridh**

(295) Léiríonn faisnéis sa ghearán gurb é an earnáil cruach an príomhthionscal is úsáideoir. Úsáidtear sileacan cailciam i dteilgcheártaí agus in earnáil na gceimiceán freisin, áfach.

(296) Níor chomhlánaigh ach aon táirgeoir cruach amháin ceistneoir, AFV Acciaierie Beltrame S.p.A. Ina theannta sin, rinne Eurofer agus an German Steel Federation (Wirtschaftsvereinigung Stahl) aighneachtaí ab ábhartha don imscrúdú.

(297) D’áitigh Eurofer agus German Steel Federation nach chun leas an Aontais é dleachtanna frithdhumpála a fhorchur agus nach raibh aon údar cuí ann ó thaobh na heacnamaíochta de le bearta frithdhumpála a fhorchur. Bhain an príomhimní le hinfhaighteacht an tsoláthair chuig an earnáil cruach. Maíodh nár sholáthair an tionscal de chuid an Aontais níos mó ná 42 % de thomhaltas dealraitheach an Aontais riamh.

(298) Ina theannta sin, maíodh nár tugadh le fios ach méid theoranta d’acmhainneacht bhreise leis na figiúirí acmhainneachta a d’fhoilsigh ceann de na táirgeoirí de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, bheadh sé ina údar amhrais mhóir an mbeadh an tionscal de chuid an Aontais in ann a raibh uathu a sholáthar do na húsáideoirí dá gcuirfí dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí na Síne.

(299) Thairis sin, d’áitigh siad nárbh ann d’aon fhoinse mhalartach eile a d’fhéadfadh dul in ionad mhéideanna na Síne agus go ngearrtar dleachtanna cheana féin san Aontas mar dhleachtanna custaim ar allmhairí ón tSín.

(300) Maidir leis sin, thug an tionscal de chuid an Aontais ar aird nach raibh aon cheist aige gur cheart spás a bheith ann le haghaidh foinsí soláthair difriúla, ar choinníoll go ndéanfaí allmhairí den sórt sin ar phraghsanna córa. Mar sin féin, tarlaíonn allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar leibhéil dhíobhálacha lena gcuirtear táirgeacht an Aontais i mbaol.

(301) I dtéarmaí foinsí soláthair, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb ann do roinnt foinsí soláthair faoi láthair lena n-áirítear táirgeoirí de chuid an Aontais, ag a raibh acmhainneacht bhreise go leor, mar aon le hallmhairí ón tSín, ón mBrasaíl, agus ón Airgintín. Mar sin féin, ní chun leas an Aontais é leanúint de bheith ag ligean d’allmhairí dumpáilte na Síne a bheith ag cur chumas thionscal sileacain chailciam an Aontais a bheith ann ar chor ar bith, i mbaol, tionscal a sholáthair sciar mór de mhargadh an Aontais go traidisiúnta. In éagmais beart, is léir go gcruthófaí fadhbanna soláthair le haghaidh thionscadal cruach de chuid an Aontais toisc go mb’fhéidir nach mbeadh táirgeadh san Aontas indéanta a thuilleadh.

(302) Scrúdaigh an Coimisiún an tionchar airgeadais is dócha a bheadh ag bearta ar an tionscal cruach dá bhforchuirfí bearta. De réir an ghearánaí, ní bheadh costas míréireach le haghaidh an tionscail iartheachtaigh i gceist le dálaí córa an mhargaidh a athchóiriú. Léiríodh leis an bhfaisnéis i bhfreagairt AFV Acciaierie Beltrame S.p.A. gurb ionann ceannacháin sileacain chailciam agus céatadán an-íseal dá chostais (níos lú ná 0,5 %). Is beag an tionchar airgeadais a bheidh ar an tionscal má fhorchuirtear bearta ar an tionscal cruach dá bhrí sin.

### 7.4. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(303) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis fíor-láidir ann le breithniú nárbh é leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí sileacain chailciam de thionscnamh na tíre lena mbaineann ag an gcéim sin den imscrúdú.

## 8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(304) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht agus le leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála don tionscal de chuid an Aontais leis na hallmhairí dumpáilte.

(305) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí táirgí sileacain chailciam de thionscnamh na tíre lena mbaineann, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh ghearrdhíola agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile mar a luaitear in aithris (275) thuas. Socraíodh méid na ndleachtanna ar leibhéal an chorrlaigh is ísle de na corrlaigh dhumpála agus ghearrdhíola.

(306) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na rátaí sealadacha maidir le dleacht frithdhumpála, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

| Tír | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála shealadach |
|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | Ningxia Ketong New Material Technology Co. Ltd. | 31,5 % |
| Daon-Phoblacht na Síne | Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd. | 43,3 % |
| Daon-Phoblacht na Síne | Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co. Ltd. | 32,8 % |
| Daon-Phoblacht na Síne | Gach cuideachta eile | 50,6 % |

(307) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(308) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach freisin maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe.

(309) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(310) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(311) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhunrialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

### 9. **FAISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(312) I gcomhréir le Airteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe dleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh trí lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(313) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

### 10. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(314) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, tabharfaidh an Coimisiún cuireadh do na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(315) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sileacain chailciam, atá faoi Chóid AN ex 7202 99 80 agus ex 2850 00 60 (cóid TARIC 7202 99 80 30, agus 2850 00 60 91), faoi láthair agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí sealadacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

| Tír | Cuideachta | Dleacht frithdhum-pála shealadach | Cód breise TARIC |
|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | Ningxia Ketong New Material Technology Co. Ltd., Hongguozi Crios Tionsclaíoch, Ceantar Huinong, Cathair Shizuishan, Cúige Ningxia | 31,5 % | C721 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Ningxia Shun Tai Smelting Co., Ltd., Zhongwei Industrial Park, Cathair Zhongwei, Cúige Ningxia | 43,3 % | C722 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Shaanxi Shenghua Metallurgy-Chemical Co. Ltd., Yangxian Eco-Industrial Park, Cathair Hanzhong, Cúige Shaanxi | 32,8 % | C723 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Gach cuideachta eile | 50,6 % | C999 |

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "*Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) méid (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart*." Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Beidh scaoileadh an táirge, dá dtagraítear i mír 1, i saorchúrsaíocht san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí a sholáthar.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

*Airteagal 2*

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn faoin Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, iarrtar orthu é sin a dhéanamh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Scrúdóidh an tOifigeach Éisteachta iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1812 ÓN gCOIMISIÚN

**an 14 Deireadh Fómhair 2021**

**lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ("an bun-Rialachán") ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## 1. NÓS IMEACHTA

### 1.1. Tionscnamh

(1) An 17 Feabhra 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("PRC", "an tSín" nó "an tír lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne Graphite Cova GmbH, Showa Denko Carbon Holding GmbH agus Tokai Erftcarbon GmbH ("na gearánaigh") an 4 Eanáir 2021. Rinne tionscal de chuid an Aontais an gearán faoi chórais leictreoidí graifíte áirithe de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. An fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi, ba leor an fhianaise í chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

### 1.2. Clárú

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin má tá a dhóthain fianaise aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi Airteagal 10(4), pointe (c) nó pointe (d).

(4) Ceanglas amháin díobh sin, mar a léirítear in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, is ea ardú suntasach breise ar allmhairí a bheith ann i dteannta leibhéal na n-allmhairí a bhí ina gcúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdaithe. Léirigh allmhairí leictreoidí graifíte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne go raibh laghdú 59,1 % ann sna 4 mhí tar éis an tionscnaimh (1 Márta go dtí 30 Meitheamh 2021) i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdaithe (1 Eanáir go 31 Nollaig 2020). Cuireadh na sonraí tar éis an tionscnaimh i gcomparáid leis na meán-allmhairí míosúla ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is iad an bunachar sonraí Comext (Eurostat) agus an bunachar sonraí Surveillance foinsí na sonraí. Rinneadh coigeartú a bhfuil sé d'aidhm aige na táirgí sin nach dtagann faoi raon feidhme an táirge a rianú (féach aithris (187)).

(5) Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún aon allmhairiú den táirge lena mbaineann faoi réir a chláraithe faoi Airteagal 14 (5ú) den bhun-Rialachán, mar níor comhlíonadh an coinníoll in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, ar ardú suntasach breise in allmhairí é.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 57, 17.2.2021, lch. 3).

### 1.3. **Páirtithe leasmhara**

(6) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, thug an Coimisiún fógra go sonrach do na gearánaigh, do tháirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, d'allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, agus do thrádálaithe chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

### 1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(7) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

(8) D'iarr Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha (CCCME), Eurofer, Misano, Sangraf, Trasteel agus na gearánaigh éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin. Rinne siad na hiarrataí sin laistigh de na spriocdhátaí sonraithe agus tugadh deis dóibh éisteacht a fháil.

(9) Thug roinnt páirtithe leasmhara barúlacha uatha maidir le tionscnamh. Bhain na barúlacha go háirithe leis an raon táirge, leis an uimhir rialaithe táirgí, le díobháil thionscal de chuid an Aontais, le cúisíocht agus le leas an Aontais. Maidir le leas an Aontais, ní critéar ábhartha é chun measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil údar maith le himeacht frithdhumpála a thionscnamh faoi Airteagal 5 den bhun-Rialachán mar gheall ar ghearán. Dá bhrí sin, níor breithníodh na barúlacha sin maidir le maímh a bhaineann le tionscnamh na n-imeachtaí. Ina theannta sin, níor breithníodh ag an gcéim seo tuairimí a fuarthas tar éis an sprioc-ama le haghaidh barúlacha a leagtar síos san Fhógra Tionscnaimh agus tabharfar aghaidh orthu ag an gcéim chinntitheach. Tugadh aghaidh ar mhaímh maidir leis an raon táirge agus iarrataí ar eisiamh táirgí i roinn 2.3 den Rialachán seo.

(10) Maidir le maímh ar dhíobháil agus ar chúisíocht, léirigh gearánaigh, bunaithe ar shonraí TARIC, an méadú ar allmhairí ón tSín agus an laghdú ar phraghas na n-allmhairí sin. Léirigh siad go ndéanann praghsanna na n-allmhairí sin praghsanna thionscal de chuid an Aontais a shladghearradh go substaintiúil. D'áitigh siad freisin go raibh ar thionscal an Aontais a phraghas a laghdú faoi bhun chostas an táirgthe mar gheall ar phraghas laghdaithe na n-allmhairí ón tSín. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar dhíolacháin agus ar bhrabúsacht, rud a chuireann an tionscal i staid díobhála. Bunaithe ar fhigiúirí an tionscail, léirigh siad freisin gur laghdaigh táirgeoirí an Aontais a dtáirgeadh, a n-úsáid acmhainneachta, a ndíolacháin, chomh maith le praghsanna agus brabúis go suntasach ó lár na bliana 2019.

(11) Luaigh roinnt páirtithe leasmhara nach raibh táirgeoirí na Síne thar a bheith gníomhach ar mhargadh leictreoidí de ghrád UHP. Líomhnaítear go raibh an tSín gníomhach ar mhargadh na ngrád HP/SHP den chuid is mó, áit nach raibh tionscal de chuid an Aontais ag táirgeadh i gcainníochtaí leordhóthanacha. Líomhnaítear gur briseadh an nasc cúisíoch dá bhrí sin. Mar sin féin, chuir na gearánaigh dóthain fianaise ar fáil go raibh méadú ag teacht ar na gráid UHP in allmhairí ón tSín freisin, rud a dhearbhaíodh san imscrúdú. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

### 1.5. **Sampláil**

(12) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

#### 1.5.1. *Sampláil táirgeoirí de chuid an Aontais*

(13) Ina Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla bunaithe ar mhéid táirgeachta agus díolacháin an Aontais den táirge atá faoi imscrúdú, agus suíomh geografach tháirgeoirí an Aontais á chur san áireamh freisin. Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sin, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Bhí na táirgeoirí de chuid an Aontais a sampláladh freagrach as breis agus 55 % de mhéid iomlán na táirgeachta measta agus as níos mó ná 65 % de dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoin sampla a roghnaíodh go sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

1.5.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(15) Sholáthair deich allmhaireoir neamhghaolmhara an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí allmhaireoir neamhghaolmhara bunaithe ar an méid is mó díolachán den táirge atá faoi imscrúdú san Aontas. B'ionann an sampla agus 64 % de mhéid iomlán na ndíolachán a thuairiscigh na hallmhaireoirí comhoibritheacha maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú agus 34,7 % de mhéid allmhairí iomlán measta an táirge ó Dhaon-Phoblacht na Síne atá faoi imscrúdú. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

1.5.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne*

(16) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(17) Sholáthair sé tháirgeoir onnmhairiúcháin is tríocha sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den am a bhí ar fáil. Ina theannta sin, dhíol na cuideachtaí a roghnaíodh cainníochtaí suntasacha den táirge faoi imscrúdú ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne. Chumhdaigh an sampla seo 33 % den mhéid onnmhairí iomlán measta chuig an Aontas Eorpach ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe (féach aithris (24)). I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

1.6. **Scrúdú aonair**

(18) D'iarr dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin déag sa tír lena mbaineann scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear na trí tháirgeoir a sampláladh a luaitear thuas. Mar sin féin, níor chuir aon táirgeoir onnmhairiúcháin, seachas na cinn sin a sampláladh, ceistneoir comhlánaithe isteach laistigh den spriocdháta a leagadh síos. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon iarraidh ar scrúdú aonair a bhreithniú.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(19) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(20) Ina theannta sin, chuir na gearánaigh fianaise leordhóthanach ar fáil maidir le saobhadh amhábhair i nDaon-Phoblacht na Síne maidir leis an táirge atá i gceist. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san Fhógra Tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhair sin chun a chinneadh an gcuirfear forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ar an gcúis sin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir leis sin.

(21) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín a sampláladh/grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, chuig na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a sampláladh agus chuig na trí allmhaireoir neamhghaolmhara a sampláladh. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([3]) an lá a tionscnaíodh iad.

([3]) https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2515.

(22) Fuair an Coimisiún freagra ar cheistneoirí ó thrí tháirgeoir de chuid an Aontais a sampláladh, trí allmhaireoir neamhghaolmhara, ocht n-úsáideoir agus trí tháirgeoir onnmhairiúcháin. Chuir Sangraf Italy ceistneoir úsáideora ar fáil ar dtús. Faoi dheireadh, measadh gur tháirgeoir ab ea Sangraf Italy agus cuid de thionscal an Aontais dá bhrí sin (féach aithrisí (183) agus (184)).

(23) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na mbeart gaibhniúcháin a chuir Ballstáit éagsúla chomh maith le tríú tíortha éagsúla i bhfeidhm, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag an gcéim shealadach. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar an bhfaisnéis ar fad a mheastar a bheith riachtanach dá thorthaí sealadacha i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([4]). Rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar na cuideachtaí/páirtithe seo a leanas:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— GrafTech France S.N.C., an Fhrainc

— Showa Denko Carbon Spain S.A., an Spáinn

— Tokai Erftcarbon GmbH, an Ghearmáin

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

— Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd

— Fangda Carbon New Material Co., Ltd

— Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd

### 1.8. **Tréimhse an imscrúdaithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(24) Bhain an t-imscrúdú ar fhrithdhumpáil agus díobháil leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí 31 Nollaig 2020 ("an tréimhse imscrúdaithe"). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe ("an tréimhse faoi bhreathnú").

## 2. AN TÁIRGE I dTRÁCHT AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. **An táirge i dtrácht**

(25) Tráth an tionscnaimh, is é an sainmhíniú a tugadh ar an táirge lena mbaineann leictreoidí graifíte de chineál a úsáidtear le haghaidh foirnéisí leictreacha ag a bhfuil dlús dealraitheach 1,5 g/cm$^3$ nó níos mó agus friotaíocht leictreach 7,0 μ.Ω.m nó níos lú, agus siní a úsáidtear le haghaidh leictreoidí den sórt sin, bíodh siad á n-allmhairiú le chéile nó ar leithligh, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 8545 11 00 agus ex 8545 90 90 (cóid TARIC 8545 11 00 10, 8545 11 00 15, 8545 90 90 10 agus 8545 90 90 15).

(26) Tar éis na hiarrata maidir le siní a eisiamh ón raon táirge (féach Roinn 2.3 thíos), rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an raon táirge agus shainigh sé an táirge lena mbaineann mar leictreoidí graifíte de chineál a úsáidtear le haghaidh foirnéisí leictreacha ag a bhfuil dlús dealraitheach 1,5 g/cm$^3$ nó níos mó agus friotaíocht leictreach 7,0 μ.Ω.m nó níos lú, bídís feistithe nó ná bídís le siní, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus a thagann faoi láthair faoi chód AC ex 8545 11 00 (cóid TARIC 8545 11 00 10 agus 8545 11 00 15).

(27) Is táirgí intomhalta iad leictreoidí graifíte a úsáidtear go príomha nuair a tháirgtear cruach i stuafhoirnéisí leictreacha. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de thionscal athchúrsála an domhain iad leictreoidí graifíte ós rud é gurb iad sin an t-aon táirge atá in ann an chumhacht a dhéanamh agus an teas is gá chun dramhaíl a leá a sheasamh. Dá bhrí sin, cuireann leictreoidí graifíte leis an maolú ar an athrú aeráide trí úsáid amhábhar a laghdú agus trí chainníocht na dramhaíola neamhchóireáilte a laghdú.

### 2.2. **An táirge comhchosúil**

(28) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge i dtrácht;

([4]) Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

— an táirge a dhéantar a tháirgeadh agus a dhíol ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus

— an táirge a dhéanann tionscal de chuid an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

(29) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

### 2.3. **Maímh maidir le raon táirge agus iarraidh ar eisiamh táirgí**

(30) Fuair táirgeoir de chuid an Aontais (Sangraf Italy), úsáideoir (NLMK Verona), allmhaireoir neamhghaolmhar (CTPS Srl) agus Comhlachas Tráchtála na Síne ("CCCME") ceithre mhaíomh maidir leis an raon táirge.

(31) D'iarr Sangraf Italy na siní (nó na bioráin chónaisc) a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe mar nach bhfuil siní á dtáirgeadh san Aontas a thuilleadh. Mhaígh Sangraf nach féidir leis siní a cheannach óna iomaitheoirí.

(32) Meabhraítear gur cuid lárnach agus riachtanach de chóras leictreoidí graifíte iad siní. Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil saintréithe éagsúla ag siní ná mar atá ag comhlachtaí leictreoidí graifíte. Thug an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil siní á dtáirgeadh san Aontas a thuilleadh agus nach bhfuil margadh iomaíoch ar leith ann le haghaidh siní. Díoltar siní leis an úsáideoir deiridh (na táirgeoirí cruach) i gceangal leis an leictreoid graifíte nó uaireanta díoltar iad mar pháirt bhreise leis an úsáideoir deiridh. Mar sin féin, baineann siní go sonrach le leictreoid graifíte ar leith agus ní dhíolann soláthróirí córas leictreoidí graifíte iad le soláthróirí eile den sórt sin.

(33) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur cheart an raon táirge a shainmhíniú mar leictreoidí graifíte, bídís feistithe nó ná bídís le siní, mar a thuairiscítear in aithris (26) thuas.

(34) D'iarr NLMK Verona, táirgeoir cruach, leictreoidí a bhfuil trastomhas 350 mm acu a eisiamh ón raon táirge. Maíonn NLMK nach gcuireann tionscal de chuid an Aontais soláthar seasta leictreoidí a bhfuil an trastomhas sin acu ar fáil, mar go bhfuil tionscal de chuid an Aontais ag díriú ar leictreoidí a bhfuil trastomhas níos mó acu, rud atá níos brabúsaí. Chuir COMAP SAS, allmhaireoir leictreoidí graifíte, argóintí den sórt sin chun tosaigh maidir le leictreoidí beaga (trastomhas idir 130 mm agus 250 mm). Ar an gcaoi chéanna, d'iarr CCCME leictreoidí a bhfuil trastomhas níos lú ná 450 mm acu a eisiamh.

(35) Mheas an Coimisiún go bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus/nó ceimiceacha céanna ag na leictreoidí graifíte sin, gan beann ar a méid. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(36) D'iarr CTPanna Srl, allmhaireoir neamhghaolmhar, leictreoidí HP ([5]) a eisiamh ón raon táirge. D'éiligh CTPanna Srl nach leor táirgeacht an Aontais de leictreoidí HP. Ina theannta sin, cuireann CTPS Srl in iúl go bhfuil difríocht idir leictreoidí HP agus leictreoidí UHP maidir lena n-amhábhair, lena dtréithe teicniúla agus lena n-úsáidí. D'fhorbair Misano S.p.A. argóintí den sórt sin ina aighneacht. Chuir CCCME maíomh den chineál céanna chun tosaigh agus d'iarr sé leictreoidí graifíte de ghrád neamh-UHP a eisiamh.

(37) Ar an taobh eile, mhaígh na gearánaigh nach bhfuil aon idirdhealú soiléir ann idir gráid na leictreoidí graifíte. Níl aon chaighdeán tionscail oifigiúil ann, rud a d'fhágfadh go mbeadh idirdhealú soiléir idir leictreoidí graifíte HP agus UHP. Ina theannta sin, d'éiligh siad gur féidir, i gcás roinnt méideanna, gráid éagsúla leictreoidí a úsáid go hidirmhalartach.

(38) Mheas an Coimisiún go bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus/nó ceimiceacha céanna ag na leictreoidí sin agus go bhfuil leibhéal áirithe forluí ann maidir le gráid éagsúla a úsáid, agus go bhfuil an tuairisc ar an méid sin bunaithe den chuid is mó ar fhéindearbhú a dhéanann táirgeoir, ós rud é nach bhfuil aon chaighdeán tionscail ann a aithnítear go coitianta maidir le grádú. Dá bhrí sin, dá gcuirfí aon cheann de na cineálacha sin as an áireamh, bhainfí an bonn d'éifeachtacht aon bhirt frithdhumpála agus d'éascófaí aon imchéimniú a d'fhéadfadh a bheith ann. Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na hiarrataí chun gráid HP agus gráid neamh-UHP a eisiamh.

([5]) De ghnáth tagraítear do leictreoidí graifíte i ngráid éagsúla: cumhacht rialta nó gnáthchumhacht ("RP"), ardchumhacht ("HP"), agus cumhacht an-ard ("UHP"). Is leictreoidí graifíte ar chaighdeán íseal iad leictreoidí graifíte RP a úsáidtear den chuid is mó le haghaidh foirnéisí cumhachta rialta ach leictreoidí graifíte HP agus UHP a úsáidtear den chuid is mó nuair a tháirgtear cruach i stuafhoirnéisí leictreacha le dlús srutha níos airde.

## 3. DUMPÁIL

### 3.1. Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(39) De réir na fianaise a bhí ar fáil tráth thionscnamh an imscrúdaithe, is cosúil go raibh saobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an t-imscrúdú a thionscnamh ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(40) D'fhonn na sonraí is gá a bhailiú ionas go bhféadfaí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa tír lena mbaineann faisnéis a chur ar fáil maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun leictreoidí graifíte a tháirgeadh. Chuir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin is tríocha an fhaisnéis ábhartha isteach.

(41) Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(42) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go bhféadfaí Meicsiceo, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an gcéim sin, a bheith ina thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(43) An 22 Márta 2021, d'eisigh an Coimisiún an Chéad Nóta maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ("An Chéad Nóta" ([6])) lenar chuir sé in iúl do pháirtithe leasmhara maidir leis na foinsí ábhartha a raibh sé beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun leictreoidí graifíte a tháirgeadh. Rinneadh anailís ar thrí thír ionadaíocha fhéideartha: Meicsiceo, an Mhalaeisia agus Cónaidhm na Rúise. Bunaithe ar na critéir a threoraíonn an rogha praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, d'aithin an Coimisiún gur tír ionadaíoch iomchuí é Meicsiceo. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gCéad Nóta ó Fangda Carbon New Material Co., LTD., Liaoning Dantan Technology Group Co., LTD., ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha ina ionadaí dóibh, agus ó Chumann Carbóin agus Graifíte na hEorpa.

(44) An 17 Meitheamh 2021, agus tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas, d'eisigh an Coimisiún an Dara nóta maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ("an Dara Nóta" ([7])) (dá dtagraítear an Chéad Nóta agus an Dara Nóta le chéile mar na "Nótaí"). Sa Dara Nóta, nuashonraigh an Coimisiún an liosta tosca táirgeachta agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch faoi Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin (costais SGA) agus na brabúis bunaithe ar ráitis airgeadais ó tháirgeoir atá gníomhach i ngnó teasfhulangach neamh-cré i Meicsiceo, ar ráitis airgeadais iad atá ar fáil go héasca. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ina leith sin. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an Dara Nóta ó Fangda Carbon New Material Co., LTD., Liaoning Dantan Technology Group Co., LTD., ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh CCCME ina ionadaí dóibh, agus ó Chumann Carbóin agus Graifíte na hEorpa.

(45) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas faoin Dara Nóta, tháinig an Coimisiún ar chonclúid shealadach gur rogha iomchuí í Meicsiceo mar thír ionadaíoch óna bhféadfaí praghsanna agus costais neamhshaofa a fháil chun an gnáthluach a chinneadh. Tuairiscítear na bunchúiseanna ar bhonn níos mionsonraithe atá leis an rogha sin i Roinn 3.4, thíos.

### 3.2. Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

(46) Ar thionscnamh an imscrúdaithe ar bhonn Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún dhá cheistneoir amach maidir le saobhadh a bheith ann do Rialtas na Síne. Níor sholáthair Rialtas na Síne aon bharúil. Chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas le Note Verbale an 15 Meitheamh 2020 go raibh sé beartaithe aige leas a bhaint as foráil Airteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le saobhadh suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann ar

([6]) Cláraíodh doiciméad t21.002670.
([7]) Cláraíodh doiciméad t21.004605.

mhargadh intíre na Síne le haghaidh leictreoidí graifíte de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, agus saobhadh amhábhair a d'fhéadfadh a bheith ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne a bharúil a thíolacadh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18. Ní bhfuarthas aon bharúil.

### 3.3. **Gnáthluach**

(47) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(48) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa", agus "áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús" ("costais SGA" a thugtar anseo feasta ar "costais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta").

(49) Ina gcuid tuairimí ar na Nótaí, d'áitigh Fangda Carbon New Material Co, LTD., Liaoning Dantan Technology Group Co., LTD., agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh CCCME ina ionadaí dóibh:

(1) Go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar neamhréir le hAirteagal 2.2 agus 2.2.1.1 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ("ADA") agus le dlí-eolaíocht EDT;

(2) go bhfuil easpa fianaise ann maidir leis an "saobhadh suntasach" a líomhnaíodh i ndáil le tionscal leictreoidí graifíte na Síne. A mhalairt ar fad, tá tionscal leictreoidí graifíte na Síne ag feidhmiú faoi choinníollacha margadh-dhírithe.

(50) Go sonrach, maidir le comhoiriúnacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le EDT, chuir na páirtithe in iúl nach ann do choincheap an tsaofa shuntasaigh sa ADA. Thíolaic siad nach gceadaítear leis an modheolaíocht a leagtar síos in Airteagal 2 den ADA faisnéis a úsáid seachas an fhaisnéis sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a shuí agus nach bhfuil aon ní sa ADA a cheadódh neamhaird a dhéanamh ar chostais agus ar phraghsanna an táirgeora onnmhairiúcháin ná ar chostais agus ar phraghsanna atá sa tír is onnmhaireoir ná praghsanna nó tagarmharcanna a líomhnaítear a bheith saofa a chur ina n-ionad i dtír ionadaíoch iomchuí, mar a thugtar air. Rinne na páirtithe tagairt bhreise do dhíospóidí DS473 EDT, An tAontas Eorpach – Bearta frithdhumpála maidir le bithdhíosal ón Airgintín agus DS494, An tAontas Eorpach – Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas agus Bearta áirithe frithdhumpála ar allmhairí ón Rúis, agus iad ag meabhrú dóibh nach gceadaítear do na húdaráis imscrúdaithe, de réir na rialuithe sin, meastóireacht a dhéanamh ar na costais arna dtuairisciú sna taifid arna gcoinneáil ag an onnmhaireoir/táirgeoir de bhun tagarmhairc nach mbaineann leis na costais táirgthe sa tír thionscnaimh chun na costais a ríomh ar mhaithe le gnáthluach an táirge lena mbaineann a fháil nuair nach féidir úsáid a bhaint as an bpraghas intíre sa tír is onnmhaireoir.

(51) Maidir leis an easpa fianaise a líomhnaíodh ar "saobhadh suntasach", mheas na páirtithe ar dtús nach gcomhlíonann an tuarascáil tíre maidir le Daon-Phoblacht na Síne (dá ngairtear "an Tuarascáil" anseo feasta) [8] na caighdeáin a bhaineann le fianaise neamhchlaonta oibiachtúil agus fianaise a bhfuil luach fianaiseach leordhóthanach léi ós rud é gurbh é an Coimisiún d'ullmhaigh í, cuireadh in oiriúint í chun gur fusa gearáin a thaisceadh agus, dá bhrí sin, fágtar ar lár d'aon turas cúinsí, gnéithe agus conclúidí fíorasacha a bheadh contrártha don chuspóir sin nó a lagódh an cuspóir sin. Thairis sin, measann na páirtithe go bhfuil an Tuarascáil as dáta agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí in ann an saobhadh a líomhnaíodh le linn na tréimhse imscrúdaithe ná an táirge atá faoi imscrúdú a léiriú. Ina theannta sin, ní thugtar aghaidh go sonrach sa Tuarascáil ar earnáil na leictreoidí graifíte, rud a chaitheann amhras ar a ábharthacht atá sí maidir leis an imscrúdú reatha. Ar an dara dul síos, líomhnaigh na páirtithe go bhfuil earnáil na leictreoidí graifíte sa tSín an-dírithe ar an margadh, agus nach bhfuil ach láithreacht theoranta ag cuideachta faoi úinéireacht stáit san earnáil, agus go bhfuil sí ag feidhmiú ar bhonn phrionsabail an mhargaidh agus prionsabail tráchtála agus nár ghlac Rialtas na Síne aon rialachán nó beartas sonrach chun táirgeadh leictreoidí graifíte nó onnmhairí leictreoidí graifíte a "spreagadh".

(52) Dá bhrí sin, d'áitigh na páirtithe nár cheart don Choimisiún Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ach gur cheart dó glacadh leis na praghsanna agus na costais intíre a thuairiscítear i nDaon-Phoblacht na Síne ina ionad sin. Mar sin féin, i gcás ina gcuirfeadh an Coimisiún Airteagal 2(6a) i bhfeidhm, mheas na páirtithe gur cheart an measúnú ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin agus ar gach tosca táirgeachta a dhéanamh ar leithligh.

---

([8]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe maidir le Cosaint Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2).

(53) Tá an measúnú ón gCoimisiún maidir le saobhadh suntasach a bheith ann i Roinn 3.3.1 thíos. Tugtar aghaidh sa mheasúnú sin ar bharúlacha sonracha na bpáirtithe maidir leis an easpa fianaise a líomhnaíodh i ndáil le saobhadh suntasach in earnáil na leictreoidí graifíte sa tSín. Maidir leis an maíomh ginearálta gur tuarascáil chuspóirbhunaithe í an tuarascáil sin agus nach bhfuil sí neamhchlaonta ná oibiachtúil dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, gur doiciméad cuimsitheach í an tuarascáil atá bunaithe ar fhianaise oibiachtúil fhorleathan, lena n-áirítear reachtaíocht, rialacháin agus doiciméid bheartais oifigiúla eile ón tSín arna bhfoilsiú ag Rialtas na Síne, tuarascálacha tríú páirtí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, staidéir acadúla agus ailt le scoláirí, agus foinsí iontaofa neamhspleácha eile. Cuireadh an tuarascáil ar fáil go héasca ó mhí na Nollag 2017 ionas go mbeadh neart deiseanna ag aon pháirtí leasmhar i a fhrisnéis, a fhorlíonadh nó barúil a thabhairt uirthi agus ar an bhfianaise ar a bhfuil sí bunaithe. Ós rud é nach bhfuil aon fhrisnéis curtha chun cinn ag na páirtithe maidir leis an tsubstaint ná leis an bhfianaise atá sa Tuarascáil, cé is moite d'aird a tharraingt ar lochtanna teibí na Tuarascála i dtéarmaí a luacha fhianaisaigh, ní mór don Choimisiún diúltú don argóint. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir glacadh leis an argóint go bhfuil an Tuarascáil ró-as dáta agus ró-chineálach chun an saobhadh a líomhnaíodh a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdaithe nó an táirge atá faoi imscrúdú a léiriú. Reachtaíocht agus beartais a bhaineann le réimsí níos leithne de gheilleagar na Síne nó leis an tír ina hiomláine, ní féidir a mheas nach bhfuil siad ábhartha díreach toisc go bhféadfadh sé nach luaitear go sonrach iontu an táirge atá faoi imscrúdú. Ar an gcaoi chéanna, maidir le reachtaíocht is infheidhme agus le beartais rialtais, beidh siad ábhartha don imscrúdú reatha fad a fhanfaidh siad i bhfeidhm, is cuma cathain a achtaíodh iad nó a thagraítear dóibh sa Tuarascáil. Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil an anailís i roinn 3.3.1. ag brath ar roinnt foinsí, nach bhfuil sa Tuarascáil ach píosa amháin fianaise ina measc.

(54) Maidir le hargóintí na bpáirtithe a bhaineann le comhoiriúnacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le EDT, measann an Coimisiún go bhfuil forálacha Airteagal 2(6a) go hiomlán i gcomhréir le hoibleagáidí EDT an Aontais Eorpaigh agus leis an dlí-eolaíocht a luann CCCME. Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach raibh baint ag rialuithe EDT i ndíospóidí DS473 agus DS494 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le foráil shonrach d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. In aon chás, le dlí EDT de réir mar a léirmhínigh Painéal agus Buanchomhlacht Achomhairc EDT i gcás DS473, ceadaítear sonraí a úsáid ó thríú tír, arna gcoigeartú mar is cuí nuair is gá leis an gcoigeartú sin agus nuair atá sé réasúnaithe. Ó tharla gurb ann do shaobhadh suntasach, ní iomchuí úsáid a bhaint as costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, beartaítear le hAirteagal 2(6a) go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhaireoir. I ndáil le cás DS494, meabhraíonn an Coimisiún freisin go ndearna an tAontas agus Cónaidhm na Rúise araon achomharc i gcoinne thorthaí an Phainéil, ní críochnaitheach na torthaí sin agus dá bhrí sin, i gcomhréir le cásdlí EDT, níl stádas dlíthiúil acu i gcóras EDT, ó tharla nár formhuiníodh iad le cinntí ó Chomhaltaí EDT. In aon chás, measadh go sonrach san agóid sin i dTuarascáil an Phainéil go raibh na forálacha in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán lasmuigh de raon feidhme na díospóide.

(55) Maidir le maíomh na bpáirtithe gur cheart saobhadh a mheasúnú le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin agus gach fachtóra táirgthe ar bhonn aonair, meabhraíonn an Coimisiún gur ón uair a chinntear nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tír is onnmhaireoir a úsáid de bharr saobhadh suntasach a bheith ann sa tír is onnmhaireoir de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch iomchuí chun an gnáthluach a ríomh le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a). Faoi Airteagal 2(6a)(a), ceadaítear costais intíre a úsáid i gcás inar suíodh nach ndearnadh saobhadh orthu. Ní fhéadfaí aon chostas a bhaineann le táirgeadh agus díol an táirge atá faoi imscrúdú a shuí, áfach, mar chostais neamhshaofa i bhfianaise na fianaise atá ar fáil maidir le tosca táirgeachta táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(56) Ar na cúiseanna thuas, agus mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus mar gheall ar an easpa comhair a fuarthas ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

### 3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

#### 3.3.1.1. Réamhrá

(57) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i "saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna nó na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, *inter alia*, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair atá faoi úinéireacht údaráis na tíre is onnmhaireoir nó a oibríonn faoina smacht, faoina maoirseacht beartais nó faoina stiúir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí sa dóigh go gcumasaítear don stát cur isteach a dhéanamh i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile".

(58) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá aird a thabhairt ar na heilimintí uile chun a chinneadh gurb ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, is féidir féachaint ar na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gurb ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil. Agus measúnú foriomlán á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, féadfar aird a thabhairt ar an gcomhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir, go háirithe i gcás ina dtugtar cumhachtaí suntasacha don rialtas, trí eilimintí bunúsacha shocrúcháin eacnamaíocha agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir, tionchar a imirt ar an ngeilleagar sa tslí nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais sa tír sin.

(59) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán "i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta".

(60) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún an Tuarascáil, ina dtaispeántar gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Iarradh ar pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdúcháin tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh.

(61) Bhí faisnéis sa ghearán de bhreis ar thorthaí na Tuarascála. Luadh foinsí breise, lena n-áirítear Tuarascáil na Stát Aontaithe 2019 maidir le comhlíonadh EDT na Síne ([9]), rud a léiríonn saobhadh ar leibhéil éagsúla de gheilleagar na Síne. Chuir an gearán in iúl freisin go ndearna údaráis i dtíortha eile imscrúdú ar earnáil na leictreoidí graifíte, agus go bhfuarthas neamhrialtachtaí san earnáil ([10]). Ina theannta sin, tugadh le fios sa ghearán gur cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad cuid mhór de na príomh-mhonaróirí leictreoidí graifíte, lena n-áirítear na monaróirí seo a leanas: Sinosteel Engineering & Technology (Sinosteel Jilin Carbon roimhe seo), Shanxi Jinneng Group, Henan General Machinery, Jilin Songjiang Carbon agus Kaifeng Carbon. Cuireadh in iúl freisin go bhfuil tionscnaimh ann chun táirgeoirí móra leictreoidí graifíte sa tSín a chruthú, mar shampla d'oibrigh Shanghai Baosteel Chemical, fochuideachta de chuid Baosteel Group, leis an bpríomh-mhonaróir príobháideach leictreoidí graifíte, Fangda Carbon, chun Baofang Carbon Material Technology a bhunú, ar comhfhiontar é atá dírithe ar 100 000 tona de leictreoidí graifíte UHP a tháirgeadh in aghaidh na bliana i gCrios Forbartha Eacnamaíoch agus Teicneolaíoch Lanzhou, Cúige Gansu ([11]). Cé go bhfuil Fangda Carbon faoi úinéireacht phríobháideach, cuireann sé i bhfios go láidir ina thuarascáil bhliantúil go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí ailínithe go dlúth le spriocanna Rialtas na Síne (tá "dlúthbhaint ag gnáthoibríochtaí gnó leis an mbeartas náisiúnta", agus é ag áitiú freisin go mbeidh "an chuideachta ag díriú go dlúth ar an sprioc maidir leis an gcéad fhiontar ar domhan in earnáil an charbóin, agus an fiontar is mó ar domhan in earnáil an charbóin, a chruthú, agus [...] spiorad an 19ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne a chur chun feidhme go hiomlán", agus a áirithiú freisin "go gcloífeadh sé le treoir Xi Jinping maidir le ré nua an tsóisialachais ina mbeidh saintréithe Síneacha" ([12])).

([9]) Ionadaí Trádála na Stát Aontaithe, *2019 Report on China's WTO Compliance*, Márta 2020.

([10]) Luadh sa ghearán na himscrúduithe seo a leanas a rinne údaráis eile: Rúnaí Trádála Eachtraí Aireacht Forbartha na Brasaíle, Resolução Uimh. 19, 8.4.2009; Rialtas Aireacht Tráchtála agus Tionscail na hIndia, *Anti-Dumping Investigation concerning import of Graphite Electrodes of all diameters originating in or exported from China PR*, Torthaí deiridh, 19 Samhain 2014; Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, *Eighth Administrative Review of Small Diameter Graphite Electrodes from the PRC: Surrogate Values for the Preliminary Result*, 5 Márta 2018, A-570-929.

([11]) Xinhua Silk Road, 100 000 tons ultra-high power graphite electrode project settled in Lanzhou, Gansu, 21 Lúnasa 2018 https://www.imsilkroad.com/news/p/107255.html.

([12]) Féach Fangda Carbon, Tuarascáil Bhliantúil 2018.

(62) Mínítear freisin sa ghearán go bhfuil na fiontair faoi úinéireacht phríobháideach go minic faoi thionchar díreach an rialtais, mar shampla tá bun mionlaigh ag brainse cathrach SASAC i Fushun Carbon, an táirgeoir leictreoidí graifíte is mó in Liaoning, rud a chiallaíonn go bhfuil tionchar díreach aige ar an gcuideachta. Ar an gcaoi chéanna, tá bun mionlaigh ag CITIC, ar cuideachta infheistíochta faoi úinéireacht stáit í, i Heifei Carbo, táirgeoir mór leictreoidí graifíte.

(63) Tugadh le fios freisin sa ghearán gur cuideachtaí faoi úinéireacht stáit den chuid is mó iad táirgeoirí an phríomh-amhábhair, cóc snáthaidiúil. De réir an ghearáin, is é CNPC Jinzhou Petrochemical Company príomhtháirgeoir na Síne de chóc snáthaidiúil atá bunaithe ar pheitriliam agus gual, táirgeoir ar fochuideachta de chuid PetroChina é, arb é China National Petroleum Corporation an scairshealbhóir rialaithe aonair, ar fiontar mór faoi úinéireacht stáit é atá á bhainistiú ag SASAC. Chomh maith leis sin, tá Shanghai Baosteel Chemical, fochuideachta de chuid China Baowu Steel Group, ar cuideachta faoi úinéireacht stáit í, ar cheann de phríomhtháirgeoirí an chóic snáthaidiúil.

(64) Cuireadh in iúl sa ghearán freisin go bhfuil mórtháirgeoirí leictreoidí graifíte, cibé acu cuideachtaí faoi úinéireacht stáit nó cuideachtaí príobháideacha, ina gcomhaltaí de Chomhlachas Thionscal Carbóin na Síne, atá á maoirsiú go díreach ag SASAC agus ag an Aireacht Gnóthaí Sibhialta. Tá sé mar chuspóir ag an eagraíocht seo aithne an Pháirtí a leanúint agus na príomhspriocanna agus na príomhthascanna arna gcinneadh ag an 19ú Comhdháil Náisiúnta den Pháirtí Cumannach a chur chun feidhme.

(65) Sa bhreis air sin, liostaíodh sa ghearán roinnt samplaí de naisc phearsanta idir bainistiú na dtáirgeoirí leictreoidí graifíte agus Páirtí Cumannach na Síne ("PCS"), lena n-áirítear comhaltaí PCS a bheith i measc lucht bainistíochta na dtáirgeoirí leictreoidí graifíte, lena n-áirítear in Fushun Carbon, Fangda Carbon, CIMM Group agus sna cuideachtaí a tháirgeann príomh-amhábhair, amhail Ansteel Chemical agus Shaanxi Coal and Chemical Industry Group.

(66) Luadh sa ghearán freisin méadú mór ar acmhainneacht san Ion-Mhongóil ([13]).

(67) Liostaítear sa ghearán freisin treoirdhoiciméid lena dtreoraítear forbairt thionscal na leictreoidí graifíte, lena n-áirítear na doiciméid seo a leanas: Leagan 2013 agus 2019 den Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch – beart cur chun feidhme de Chinneadh Uimh. 40, lena ndéantar foráil maidir le tacú le táirgeadh leictreoidí graifíte UHP a bhfuil trastomhas de 600 mm nó níos mó acu; Catalóg Príomhtháirgí agus Seirbhísí na dTionscal Straitéiseach atá ag Teacht Chun Cinn agus in Aicmiú 2018 na dTionscal Straitéiseach atá ag Teacht Chun Cinn, lena n-áirítear leictreoidí graifíte sna forálacha maidir le "ábhair nua"; An 13ú Plean Cúig Bliana do thionscal ceimiceach Chúige Shanxi; An 13ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shanxi ar Thionscal na n-Ábhar Nua agus 13ú Plean Cúig Bliana Chúige Shanxi maidir le Forbairt Tionscail agus Faisnéise; Plean Cúig Bliana 2019-2025 Henan Thiar; Plean Cur Chun Feidhme na hIon-Mhongóile maidir le Forbairt Ardcháilíochta na dTionscal atá ag Teacht Chun Cinn sa Réigiún Féinrialaitheach; an Plean Cur Chun Feidhme maidir leis an Tionscadal chun Bunáit Amhábhar Nua Náisiúnta a Thógáil i gCúige Liaoning nó Plean Tógála chun Tionscal Chúige Heilongjiang a Neartú; agus Made in China 2025. Tá roinnt doiciméad a dhíríonn ar an gcóc snáthaidiúil, lena n-áirítear an Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú agus an Chatalóg Threorach um Struchtúr Tionsclaíoch a Oiriúnú 2019 agus ar leibhéal na gcúigí. Sa 13ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shanxi maidir le Forbairt Thionscal na n-Ábhar Nua, dírítear go díreach ar an gcóc snáthaidiúil atá sainmhínithe mar thionscal spreagtha. Ina theannta sin, sa 13ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shanxi maidir le Forbairt Tionscail agus Faisnéise, dírítear ar an gcóc snáthaidiúil agus ar an aidhm dlús a chur le claochlú na dtionscal traidisiúnta agus dlús a chur le forbairt na dtionscal a d'fhéadfadh a bheith ann.

(68) Mar a tugadh le fios in aithris (46), níor chuir Rialtas na Síne barúlacha in iúl nó níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair na gearánaigh maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás faoi chaibidil.

(69) Fuarthas tuairimí ina leith sin ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh. Mar a léirítear in aithris (51), mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin go bhfuil earnáil na leictreoidí graifíte sa tSín an-dírithe ar an margadh, agus nach bhfuil ach láithreacht theoranta ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil, agus go bhfuil sí ag feidhmiú ar bhonn phrionsabail an mhargaidh agus prionsabail tráchtála agus nár ghlac Rialtas na Síne aon rialachán nó beartas sonrach chun táirgeadh leictreoidí graifíte nó onnmhairí leictreoidí graifíte a "spreagadh".

([13]) Mining News Agency, *Is China's Inner Mongolia Region becoming Manufacturing Hub for Graphite Electrode Industry?*, https://www.miningnewspro.com/news/230134/is-china%E2%80%99s-inner-mongolia-region-becoming-manufacturing-hub-for-graphite-electrode-industry; SteelMint's China Roadshow: *Precious Insights into Graphite Electrodes and Needle Coke - SteelMint Events*, https://www.steelmintevents.com/blog/steelmints-china-roadshow-precious-insights-into-graphite-electrodes-and-needle-coke/.

(70) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gurb ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil ar rud é a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go héasca. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Rinne an Coimisiún na heilimintí fianaise sin a fhorlíonadh a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dhearbhú go bhfuil saobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

#### 3.3.1.2. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne

(71) Is é "geilleagar margaidh sóisialach" an coincheap ar a bhfuil córas eacnamaíoch na Síne bunaithe. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne. "Úinéireacht phoiblí shóisialach na modhanna táirgeachta, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus úinéireacht chomhchoiteann an lucht saothair is ea an croíphrionsabal". Tá an geilleagar faoi úinéireacht Stáit ina "ceann feadhnachta ar an ngeilleagar náisiúnta" agus tá sainordú ag an Stát "comhdhlúthú agus fás a áirithiú" ([14]). Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne leagtha amach ar an iomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar ach tá idirghabhálacha den chineál sin sainordaithe go sainráite. Tá coincheap fhorlámhas na húinéireachta poiblí thar an úinéireacht phríobháideach lárnach ar fud an chórais dlí ina iomláine agus leagtar béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach mír lárnach reachtaíochta. Is sampla cruthanta é dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead de réir dlí iad a fhorbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([15]).

(72) Thairis sin, faoi dhlí na Síne, is í ceannaireacht PCS a fhorbraíonn an geilleagar margaidh sóisialach. Tá struchtúir Stát na Síne agus PCS fite fuaite le chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr ar dá réir nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir ról PCS agus ról an Stáit. Mar gheall ar leasú ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, cuireadh níos mó béime ar ról PCS trí athdhearbhú a dhéanamh ar a ról i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht. I ndiaidh na chéad abairte den fhoráil a bhí ann cheana: "is é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne", cuireadh an dara habairt nua isteach mar a leanas: "is í ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne an ghné is mó a shainíonn an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige." ([16]) Léiríonn sé smacht PCS gan cheist ar chóras eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne, smacht atá ag fás de shíor. Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne í an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha ar dá réir a bhíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú.

(73) Téann Stát na Síne i mbun beartas eacnamaíoch idirghabhálach chun spriocanna a shaothrú, spriocanna atá i gcomhréir leis an gclár polaitiúil a shocraíonn PCS seachas spriocanna a léiríonn dálaí eacnamaíocha reatha i margadh saor ([17]). Is iomaí uirlis eacnamaíoch idirghabhálach a mbaineann údaráis na Síne úsáid aisti, lena n-áirítear córas an phleanála tionscail, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(74) Sa chéad dul síos, ar leibhéal an smachta riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a bhfuil tionchar aige ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin i dteannta a chéile, cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad le fáil ar gach leibhéal rialtais. Tá pleananna mionsonraithe á gcur i bhfeidhm ar leibhéal na gcúigí agus leagtar amach spriocanna níos leithne sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na modhanna chun tacú leis na tionscail/earnálacha ábhartha chomh maith leis na tráthchláir faoinar gá na cuspóirí a ghnóthú. Bíonn spriocanna aschuir sainráite fós le fáil i bpleananna áirithe agus ba ghné choitianta é sin i dtimthriallacha pleanála roimhe sin. Faoi na pleananna, luaitear earnálacha agus/nó tionscadail tionsclaíocha ar leith mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí an rialtais agus sanntar spriocanna forbartha ar leith dóibh (uasghrádú tionsclaíoch, leathnú idirnáisiúnta etc.). Is gá do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht Stáit, a gcuid gníomhaíochtaí gnó a choigeartú don mhéid a cheanglaítear leis an gcóras pleanála. Ní hé amháin mar gheall ar ghné cheangailteach na bpleananna ach toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal rialtais le córas na bpleananna agus go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílsithe dá réir, rud a thugann ar na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh (féach freisin roinn 3.3.1.5 thíos) ([18]).

([14]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 6-7.
([15]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 10.
([16]) Ar fáil ag http://www.fdi.gov.cn/1800000121_39_4866_0_7.html (arna rochtain an 15 Iúil 2019).
([17]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.
([18]) Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 41, 73-74.

(75) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht Stáit ar chóras airgeadais Dhaon-Phoblacht na Síne. Nuair atá a mbeartas iasachtaithe á shocrú agus á chur chun feidhme ag na bainc sin, is gá dóibh a bheith i gcomhréir le cuspóirí bheartas tionscail an rialtais seachas tús áite a thabhairt do na buanna eacnamaíocha atá ag tionscadal ar leith (féach freisin roinn 3.3.1.8 thíos) ([19]). Tá feidhm ag an méid céanna maidir le codanna eile de chóras airgeadais na Síne amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, margaí an chothromais phríobháidigh etc. Ina theannta sin, na codanna eile sin den earnáil airgeadais lasmuigh den earnáil baincéireachta, tá siad socraithe go hinstitiúideach agus go hoibríochtúil ar bhealach nach bhfuil dírithe ar an bhfeidhm is éifeachtúla is féidir a bhaint as na margaí airgeadais ach ar bhealach a áirithíonn rialú an Stáit agus PCS agus a thugann cead dóibh idirghabháil a dhéanamh ([20]).

(76) Sa tríú dul síos, ar leibhéal na timpeallachta rialála, is iomaí bealach is féidir leis an Stát idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar. Mar shampla, is minic a úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí chun spriocanna beartais a shaothrú seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú, rud a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse seo. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl cineál na spriocanna sin sainithe go fóill, rud a fhágann dá bhrí sin corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([21]). Ar an gcaoi chéanna, i réimse na hinfheistíochta, coinníonn Rialtas na Síne smacht suntasach agus imríonn sé tionchar ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta Stáit agus na hinfheistíochta príobháidí araon. Scagadh infheistíochta mar aon le dreasachtaí, srianta agus toirmisc éagsúla a bhaineann leis an infheistíocht, tá siad ina n-uirlisí tábhachtacha ag na húdaráis chun tacú le cuspóirí an bheartais tionscail amhail smacht an Stáit a choinneáil ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([22]).

(77) San iomlán, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena bhforáiltear don iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad chomh maith. Tagann idirghabhálacha substainteacha rialtais den sórt sin salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([23]).

### 3.3.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair atá faoi úinéireacht údaráis na tíre is onnmhaireoir nó a oibríonn faoina smacht, faoina maoirseacht beartais nó faoina stiúir

(78) I nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht beartais nó faoi threoraíocht an Stáit cuid ríthábhachtach den gheilleagar.

(79) Áirithíonn na struchtúir atá ag Rialtas na Síne agus ag PCS go leanfar den tionchar atá acu ar fhiontair, go háirithe cuideachtaí atá faoi úinéireacht Stáit. Ní hamháin go bhfuil ról gníomhach ag an Stát (agus ag PCS i mórán gnéithe) i bhfoirmliú agus maoirsiú chur chun feidhme na mbeartas eacnamaíoch ginearálta ag cuideachtaí ar leith atá faoi úinéireacht Stáit, ach ina theannta sin, éilíonn sé a chearta chun bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochtúil gcuideachtaí faoi úinéireacht Stáit. De ghnáth, déantar é sin trí chaidrí a aistriú idir údaráis rialtais agus cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, trí bhaint a bheith ag comhaltaí den pháirtí le comhlachtaí feidhmiúcháin na gcuideachtaí faoi úinéireacht Stáit agus trí bhaint a bheith ag cealla den pháirtí le cuideachtaí (féach freisin roinn 3.3.1.4.) mar aon le múnlú a dhéanamh ar struchtúr corparáideach earnáil na gcuideachtaí faoi úinéireacht Stáit ([24]). Mar gheall air sin, tá stádas ar leith ag cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit laistigh de gheilleagar na Síne, rud a thugann roinnt tairbhí eacnamaíocha dóibh, go háirithe cosaint ar iomaíochas agus rochtain fhabhrach ar ionchuir ábhartha, le n-áirítear maoiniú ([25]). Na gnéithe a thugann le fios gurb ann do smacht rialtais ar fhiontair in earnáil na leictreoidí graifíte, déantar tuilleadh tuairisce orthu i Roinn 3.3.1.4 thíos.

(80) Go sonrach, is ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne in earnáil na leictreoidí graifíte fós, mar a léirítear sa ghearán agus mar a thuairiscítear in aithris (61). Deimhnigh leis an imscrúdú gurb ionann líon mór cuideachtaí, lena n-áirítear iad siúd a liostaítear sa ghearán, agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus cé nach bhfuil aon fhaisnéis oifigiúil ann faoin sciar cruinn idir cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit, tá láithreacht shuntasach ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil na leictreoidí graifíte, lena n-áirítear, i measc nithe eile, na heintitis seo a leanas: Shanxi Jinneng Group Co., Henan General Machinery, Kaifeng

([19]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120-121.
([20]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 122-135.
([21]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 167-168.
([22]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.
([23]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 15-16, Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 50, lch. 84, Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 108-9.
([24]) Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 22-24, agus Caibidil 5 lgh. 97-108.
([25]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 104-109.

Carbon. Tugann an Coimisiún dá aire freisin láithreacht na gcomhfhiontar idir cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil, amhail i gcás Baofang Carbon Material Technology (faoi rialú 51 % ag grúpa Baowu atá faoi úinéireacht stáit agus 49 % ag Fangda Carbon New Materials Co., LTD ([26])) nó ag Fushun Carbon (65,5 % atá i seilbh Fangda Carbon New Materials Co., LTD agus 34,5 % atá i seilbh Fushun Longsheng State-owned Capital Operation Group Co., Ltd.).

(81) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil baint ag cuideachtaí éagsúla faoi úinéireacht stáit, amhail CNPC Jinzhou Petrochemical ([27]) agus Shanghai Baosteel Chemical ([28]), le cóc snáthaidiúil a tháirgeadh, rud atá ina amhábhar riachtanach chun leictreoidí graifíte a tháirgeadh. Ina theannta sin, tá cuideachta eile faoi úinéireacht stáit, Ordos Weiyi High-tech Materials ([29]), fochuideachta de chuid Baotou, páirteach sa tionscadal maidir le méadú ar acmhainneacht an chóic snáthaidiúil san Ion-Mhongóil.

(82) Leis an leibhéal ard idirghabhála rialtais i dtionscal na leictreoidí graifíte agus láithreacht shuntasach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil, chomh maith leis an leibhéal réamhtheachtach, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon in earnáil na leictreoidí graifíte, tá siad faoi réir maoirseachta beartais agus treorach mar a shonraítear i roinn 3.3.1.5 thíos.

#### 3.3.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc, den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí sa dóigh go gcumasaítear don stát cur isteach a dhéanamh i leith praghsanna nó costas

(83) Seachas smacht a chur i bhfeidhm ar an ngeilleagar trí bhíthin úinéireachta ar chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus uirlisí eile, tá sé ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí bhaint a bheith ag an Stát le gnólachtaí. An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, rud a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha ([30]), ó tharla gurb ann do chealla de chuid PCS i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid PCS i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht PCS ([31])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. San am a chuaigh thart, is cosúil nár leanadh an ceanglas sin i gcónaí nó gur forfheidhmíodh go docht é. Ó bhí 2016 ann ar a laghad, áfach, tá neartú déanta ag PCS ar a chuid éileamh chun cinntí gnó a rialú i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit mar phrionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir PCS brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don “tírghrá” agus gníomhú i gcomhréir le disciplín an pháirtí ([32]). In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú chun go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí de chuid PCS maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([33]). Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí leictreoidí graifíte agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(84) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal *General Office of CCP Central Committee on stepping up the United Front work in the private sector for the new era* (“na Treoirlínte”) ([34]) [Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach PCS maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua], rud a chuir le ról na gcoistí páirtithe i bhfiontair phríobháideacha. Tá an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: “ní mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin”; agus i Roinn III.6 deirtear: “ní mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus a chur ar chumas chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe.” Cuirtear béim sna Treoirlínte mar sin ar ról PCS agus féachann siad lena ról a mhéadú in eagraíochtaí agus in eintitis na hearnála príobháidí ([35]).

([26]) Féach mar shampla: *Asian Metal, Baosteel Chemical and Fangda Carbon jointly construct graphite electrode project*, http://www.asianmetal.com/news/data/1440613/Baosteel%20Chemical%20and%20Fangda%20Carbon%20jointly%20construct%20graphite%20electrode%20project (arna rochtain an 2 Lúnasa 2021).

([27]) Féach: http://www.cnpc.com.cn/cnpc/lyxgdt/201912/74dfc55f14f84da189c03c7654d143c5.shtml (arna rochtain an 15 Meán Fómhair 2021) *Jinzhou Petrochemical's needle coke quality keeps improving*, a eisíodh an 19 Nollaig 2019, China National Petroleum News.

([28]) Féach: https://www.sohu.com/a/282104808_120065805 (arna rochtain an 4 Lúnasa 2021).

([29]) Féach: https://www.sohu.com/a/314213234_120054226 (arna rochtain an 4 Lúnasa 2021).

([30]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-1.

([31]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 26.

([32]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 31-2.

([33]) Ar fáil ag Reuters, *Exclusive: In China, the Party's push for influence inside foreign firms stirs fears*, https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna amharc go deireanach an 15 Iúil 2019).

([34]) Ar fáil ag www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 10 Márta 2021).

([35]) Financial Times (2020) *Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise*, ar fáil ag: https://on.ft.com/3mYxP4j.

(85) Go sonrach, in earnáil na leictreoidí graifíte, mar a tugadh le fios cheana, tá go leor de na táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit agus dearbhaíonn siad go bhfuil siad tiomanta cloí le beartais thionsclaíocha an rialtais, chomh maith le ról ceannasach PCS. Mar shampla, tá an chuideachta trádála Henan General Machinery. atá faoi úinéireacht stáit, agus an táirgeoir Kaifeng Carbon ag leagadh béime ar an tábhacht a bhaineann le treoir PCS le roinnt blianta anuas, agus dhearbhaigh Henan General Machinery go bhfuil sé "faoi threoir choincheap eolaíoch na forbartha, [go ndéanfaimid] spiorad an 18ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne a chur i bhfeidhm go domhain", ([36]) agus bhí Kaifeng Carbon ag tuairisciú ar an gcéad chomhdháil páirtí rathúil a bhí ag an gcuideachta cheana féin in 2016 ([37]). Mar sin féin, níl tionchar an Stáit agus an Pháirtí teoranta do chuideachtaí atá faoi úinéireacht stáit, tarlaíonn sé freisin i gcuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach freisin, rud a dheimhníonn tionchar méadaitheach PCS san earnáil phríobháideach, rud a dtugtar tuairisc air san aithris thuas. Tugann an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin go bhfuil cathaoirleach bhord Fangda Carbon Co. Ábhar Nua, LTD., ina chomhalta de PCS freisin ([38]). Ina theannta sin, deir an chuideachta an méid seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí tógála an Pháirtí: "Cuireann Fangda Carbon, mar cheann de phríomhfhiontar carbóin an domhain, an cultúr corparáideach chun feidhme go gníomhach agus measann sé gur 'gné ríthábhachtach í tógáil an Pháirtí'. Thar na blianta, dhírigh an chuideachta go dlúth ar an straitéis forbartha corparáideach maidir le 'Páirtí láidir a thógáil ar mhaithe le fás láidir', rinne sí tógáil an Pháirtí a chomhtháthú isteach i dtáirgeadh agus oibriú gnó na cuideachta, agus bhailigh sí fuinneamh dearfach láidir le haghaidh fhorbairt shláintiúil agus thapa na cuideachta. [...] thar na blianta, rinne Fangda Carbon tógáil eagraíocht an Pháirtí a neartú go leanúnach [...] bronnadh an dámhachtain 'Ceannródaí Náisiúnta le haghaidh Eagraíocht Phoiblí an Pháirtí' ar choiste Páirtí na cuideachta [...]" ([39]). Ar an gcaoi chéanna, deir an chuideachta Jilin Carbon Co. LTD, atá ina cuid den Ghrúpa Zhongze: "Déanann Eagraíochtaí an Pháirtí ar gach leibhéal de Zhongze Group sraith gníomhaíochtaí tógála páirtí chun comóradh a dhéanamh ar chothrom an lae 99 mbliana ó bunaíodh Páirtí Cumannach na Síne, [...] lena léirítear tiomantas, creideamh agus freagracht na bhfiontar príobháideach cloí i gcónaí le ceannaireacht an Pháirtí chun cabhrú le geilleagar sóisialach a thógáil. [...] tá dea-obair á déanamh ag gach cuideachta atá mar chuid de Zhongze Group maidir le tógáil an Pháirtí, le gníomhaíochtaí amhail ceachtanna an Pháirtí a fhorbairt agus ceachtanna stair an Pháirtí a eagrú, agus samhlacha forbartha a bhunú, an ghéin dhearg a thabhairt leo agus an uaillmhian bunaidh a chothabháil." ([40]).

(86) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go gcuirtear in iúl go soiléir in airteagail chomhlachais Chumann Thionscal Carbóin na Síne, i.e. comhlachas thionscail earnáil na leictreoidí graifíte dá bhfuil Fangda Carbon Co., LTD. ina chomhalta agus ar a bhfuil sé ina leaschathaoirleach agus dá bhfuil Liaoning Dantan Technology Group ina chomhalta agus ar a bhfuil sé ina stiúrthóir buan ([41]), go gcuirtear in iúl go soiléir gurb é cuspóir an chomhlachais "seasamh, treoirlínte agus beartais an pháirtí a chur chun feidhme" agus "go gcloíonn an comhlachas le ceannaireacht foriomlán Pháirtí Cumannach na Síne agus, i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, leagtar síos eagraíocht Pháirtí Cumannach na Síne, forbraítear gníomhaíochtaí páirtí agus cuirtear na dálaí is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí" ([42]).

(87) Mar gheall ar an mbaint atá ag an Stát le gnólachtaí agus an idirghabháil a dhéanann sé sna margaí airgeadais (féach roinn 3.3.1.8 thíos freisin) mar aon le soláthar amhábhar agus ionchur, tá éifeacht bhreise saofa ar an margadh freisin ([43]). Dá réir sin, agus baint a bheith ag an Stát le gnólachtaí, lena n-áirítear cuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, in earnáil na leictreoidí graifíte agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais.

#### 3.3.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc, den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(88) Is é a threoraíonn geilleagar na Síne ná córas pleanála ilchasta lena leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na cuspóirí nach mór do na rialtais lárnacha agus áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal rialtais agus cumhdaítear leo beagnach gach earnáil eacnamaíoch. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála ceangailteach agus déanann na húdaráis ag gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna sin a dhéanann an rialtas ar leibhéal comhfhreagrach níos ísle. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú chuig earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([44]).

([36]) Féach: http://www.hngcmc.com/index.php?m=content&c=index&a=show&catid=27&id=451, *Innovative development year* a eisíodh an 28 Feabhra 2013 agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Henan General Machinery (arna rochtain an 15 Meán Fómhair 2021).

([37]) Féach: http://www.kfcc.com.cn/news/newsInfo.asp?ID=110, "The Company's first Party members' congress was a success", a eisíodh an 28 Nollaig 2016 agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Kaifeng Carbon (arna rochtain an 15 Meán Fómhair 2021)

([38]) Féach: https://vip.stock.finance.sina.com.cn/corp/view/vCI_CorpManagerInfo.php?stockid=600516&Pcode=30033806&Name=%B5%B3%CE%FD%BD%AD, *Information notice on Mr Dang Xijiang, Chairman of Fangda Carbon New Materials*, a eisíodh ar an suíomh gréasáin faisnéise sina.com.cn (arna rochtain an 15 Meán Fómhair 2021).

([39]) Féach: http://www.fdtsgs.com/htm/202011/13_1830.htm, *Party Building guides and fosters development*, ar shuíomh gréasáin Fangda Carbon New Materials an 25 Samhain 2020, (arna rochtain an 15 Meán Fómhair 2021).

([40]) Féach: http://www.jlts.cn/Html/NewsView.asp?ID=1367&SortID=13 (arna rochtain an 2 Lúnasa 2021).

([41]) Féach: http://www.chinacarbon.org.cn/huiyuan.html (arna rochtain an 2 Lúnasa 2021).

([42]) Féach Pointe 2 agus Pointe 3 de na hAirteagail Chomhlachais, ar fáil ag: http://www.chinacarbon.org.cn/zhangcheng.html (arna rochtain an 2 Lúnasa 2021).

([43]) Tuarascáil – Caibidlí 14.1 go 14.3.

([44]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.

(89) Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é tionscal na leictreoidí graifíte. Deimhnítear é sin sna pleananna, treoracha éagsúla agus doiciméid iomadúla atá dírithe ar earnáil na leictreoidí graifíte, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach.

(90) Mar a léirítear sa ghearán agus in aithris (67) thuas, tá líon mór doiciméad maidir le treoir bheartais ann don tionscal leictreoidí graifíte agus don chóc snáthaidiúil, arb é an príomhamhábhar é chun leictreoidí graifíte a tháirgeadh. Dheimhnigh taighde an Choimisiúin an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa ghearán ina leith sin. Mar shampla, liostaítear leictreoidí graifíte mar thionscal spreagtha i bpointe VIII.2 de Chatalóg Treorach NDRC 2019 le haghaidh Coigeartú Tionscail. Tagraíonn an fhoráil sin do "leictreoidí ar chumhacht an-ard ag a bhfuil trastomhas 600 mm nó níos mó ná sin, brící carbóin micreaphorúla agus an-mhicreaphorúla le haghaidh foirnéisí soinneáin, graifít speisialta (neart ard, ard-dlús, ardíonacht, ardmhodal), catóid ghraifíte (ardcháilíocht), forbairt agus táirgeadh foirnéisí graifítithe ag a bhfuil téad inmheánach" ([45]). Sa roinn chéanna den Chatalóg Treorach liostaítear cóc snáthaidiúil freisin: "Úsáid acmhainní dramhaíl leachtach díshulfaraithe, cóireála forbartha agus athúsáid fuíolluisce cóic, tarra guail agus ábhar atá bunaithe ar charbón, cóic snáthaidiúil ó phic ghuail, úsáid ardluacha gáis cóc-oighinn, gáis amh agus amóinia athfhillteach, etc." Ar an gcaoi chéanna, ar leibhéal na gcúigí, dlús a chur le claochlú agus uasghrádú thionscal an ghuail, tá sé sin ar cheann de thosaíochtaí ainmnithe an 13ú Plean Cúig Bliana de chuid chúige Shanxi maidir le Forbairt Tionscail agus Faisnéise. De réir an phlean sin, ar plean é a thagraíonn do leictreoidí graifíte agus cóc snáthaidiúil araon, ba cheart don chúige an méid seo a leanas a dhéanamh: "forbairt ghníomhach a dhéanamh ar cheimiceáin mínphróiseála de chuid ola níocháin, ola fheanóil, ola naftailéine, ola antraicéine agus codáin eile, agus ag díriú ar chur chun cinn an chóic snáthaidiúil atá bunaithe ar phic agus leictreoidí graifíte ar chumhacht an-ard, dubh carbóin speisialta, graifít núicléach, agus ábhair charbóin ard-bhreisluacha atá bunaithe ar phic amhail snáithíní carbóin. Bunú acmhainneacht táirgeachta ar mórscála a chur chun cinn." ([46]) Ar an leibhéal cathrach, is sampla é Xishe Industrial Park atá mar chuid de Chrios Forbartha Eacnamaíche Jishan in Datong (Shanxi), áit a mheastar gur tionscadal tábhachtach ar leibhéal na gcúigí é tionscadal leictreoidí graifíte ar chumhacht an-ard a tógadh le déanaí, ag a bhfuil aschur bliantúil 60 000 tona de leictreoidí agus trastomhas 600 mm nó níos mó ná sin agus infheistíocht iomlán RMB 1,2 billiún ([47]). Dheimhnigh taighde an Choimisiúin chomh maith go bhfuil plean Henan Thiar maidir le claochlú agus uasghrádú tionscail agus maidir le limistéir taispeána a thógáil ([48]), Plean cur chun feidhme na hIon-Mhongóile maidir le forbairt ardcháilíochta na dtionscail atá ag teacht chun cinn sa réigiún féinrialaitheach ([49]), Plean Cur Chun Feidhme maidir leis an Tionscadal chun Bunáit Amhábhar Nua Náisiúnta a Thógáil i gCúige Liaoning ([50]), chomh maith leis an bPlean Tógála chun Tionscal Chúige Heilongjiang a Neartú ([51]) i measc doiciméid bheartais thionsclaíocha a dhíríonn ar earnáil na leictreoidí graifíte.

(91) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí atá gníomhach in earnáil na leictreoidí graifíte a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear cóc snáthaidiúil a tháirgeadh mar an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge atá i gceist. Ní féidir fórsaí an mhargadh oibriú mar is gnách i ngeall ar na bearta sin.

#### 3.3.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(92) De réir na faisnéise atá ar comhad, déanann córas féimheachta na Síne seachadadh neamhleor ar a phríomhchuspóirí féin amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraítear go bhfuil sé sin fréamhaithe ar dhlí féimheachta na Síne atá bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leo sin a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, áit ina bhfuil tearc-fhorfheidhmiú á dhéanamh ar chóras na Síne. Tá líon na bhféimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([52]).

([45]) Féach: http://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/content_5449193.htm (arna rochtain an 30 Iúil 2021).
([46]) Féach: https://www.jcgov.gov.cn/zwgk/wjgg/sxwj/201611/t20161125_137333.shtml (arna rochtain an 30 Iúil 2021).
([47]) Féach: http://www.dt.gov.cn/dtzww/sxyw/202106/42ef183ea0ab4ab084a2dadc8fd5c7b5.shtml (arna rochtain an 30 Iúil 2021).
([48]) Féach: https://www.ndrc.gov.cn/fzggw/jgsj/zxs/sjdt/202004/P020200401627899644473.pdf (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021). Tugadh Plean Cúig Bliana Henan Thiar 2019-2025 ar an bplean seo sa ghearán.
([49]) Féach: http://www.nmg.gov.cn/zwgk/zfxxgk/zfxxgkml/zzqzfjbgtwj/202012/t20201208_315136.html (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).
([50]) Féach: http://www.ln.gov.cn/zwgkx/zfwj/szfbgtwj/zfwj2011_136268/201901/t20190122_3424162.html (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).
([51]) Féach: https://www.hlj.gov.cn/zwfb/system/2019/07/02/010903336.shtml (arna rochtain an 3 Lúnasa 2021).
([52]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 138-149.

(93) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ([53]). Is leis an Stát Síneach an talamh go léir (talamh tuaithe faoi úinéireacht an phobail agus talamh uirbeach faoi úinéireacht Stáit). Is ar an Stát agus air sin amháin atá a leithdháileadh ag brath. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, is minic nach n-urramaítear na forálacha sin, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a dtalamh saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([54]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([55]).

(94) Amhail earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí leictreoidí graifíte faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon rud a chaithfeadh amhras ar na torthaí sin. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart, rud a chruthaíonn saobhadh dá réir sin nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na leictreoidí graifíte.

(95) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó go rabhthas á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil na leictreoidí graifíte, lena n-áirítear i dtaca leis an táirge lena mbaineann.

#### 3.3.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(96) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne roinnt de choinbhinsiúin riachtanacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe iad sin a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([56]). Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht ceardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([57]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta ag córas clárúcháin na dteaghlach, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith. Is é an toradh air sin go hiondúil go bhfaightear oibrithe nach bhfuil an clárúchán cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid fostaíochta leochaileach agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí cláraithe cónaithe ([58]). Fágann na torthaí sin go ndéantar costais phá a shaobhadh i nDaon-Phoblacht na Síne.

(97) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach bhfuil earnáil na leictreoidí graifíte faoi réir chóras dlí saothair na Síne mar a thugtar tuairisc air thuas. Déanann an saobhadh ar chostais pá difear go díreach dá réir sin d'earnáil na leictreoidí graifíte (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomh-amhábhar lena tháirgeadh á dhéanamh) agus go hindíreach (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

#### 3.3.1.8. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc, den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(98) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir saobhadh éagsúil.

(99) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc faoi úinéireacht Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([59]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an dóigh céanna le cuideachtaí neamhairgeadais faoi úinéireacht stáit, tá nasc ann fós idir na bainc agus an Stát, ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidrimh phearsanta (is é PCS a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí airgeadais faoi úinéireacht Stáit ar deireadh) ([60]) agus, arís díreach cosúil le cuideachtaí neamhairgeadais faoi úinéireacht stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí chun feidhme go rialta arna gceapadh ag an rialtas. Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil fhollasach chun a ngnó a

([53]) Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 216.
([54]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 213-215.
([55]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 209-211.
([56]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 332-337.
([57]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 336.
([58]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 337-341.
([59]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 114-117.
([60]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 119.

dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta eacnamaíche agus sóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit ([61]). Ag cur leis an méid sin, tá rialacha breise ann cheana a dhíríonn maoiniú ar earnálacha a ainmníonn an rialtas mar earnálacha atá le spreagadh nó atá tábhachtach ar bhealach eile ([62]).

(100) Cé go n-aithnítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin i gcur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(101) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne le déanaí nach mór do PCS maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go bhfanfaidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta. Ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta is ea ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta i gcuideachtaí ([63]). Ina theannta sin, ní mór do chritéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála a chur san áireamh anois, go háirithe, an chaoi "a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar", agus go háirithe ar an gcaoi "a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn" ([64]).

(102) Thairis sin, is minic a dhéantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear go mbíonn tionchar ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus ar neart aon ráthaíochta intuigthe ón rialtas. Tugann meastacháin le fios go bhfreagraíonn rátálacha creidmheasa Síneacha go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([65]).

(103) Ag cur leis an méid sin, tá rialacha breise ann cheana a dhíríonn maoiniú ar earnálacha a ainmníonn an rialtas mar earnálacha atá le spreagadh nó atá tábhachtach ar bhealach eile ([66]). Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtú le cuideachtaí faoi úinéireacht stáit, le gnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus le gnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(104) Ar an dara dul síos, coinníodh na costais iasachtaíochta íseal go saorga chun borradh a chur faoin infheistíocht. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus tá an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an Stáit in ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(105) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach bíonn tionchar ag saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ó dheireadh 2018 ([67]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla i nDaon-Phoblacht na Síne le déanaí gur iarr PCS "ráta úis an mhargaidh le haghaidh an iasachtaithe a thabhairt síos." ([68]) Dá thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

([61]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 120.
([62]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.
([63]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais de chuid Choimisiún Rialála Árachais agus Baincéireachta na Síne ("CBIRC") an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na n-earnálacha baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)* http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna amharc go deireanach an 3 Aibreán 2021). Tugtar treoir sa Phlean "an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn". Thairis sin, tá roinn II den Phlean dírithe ar chomhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: "déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta [...] ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad."
([64]) Féach *CBIRC's Notice on the Commercial banks performance evaluation method* [Fógra CBIRC maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc Tráchtála], a eisíodh an 15 Nollaig 2020. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna amharc go deireanach an 12 Aibreán 2021).
([65]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta *Resolving China's Corporate Debt Problem*, le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203.
([66]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.
([67]) Féach ECFE (2019), *Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: China 2019*, Foilseacháin ECFE, Páras. lch. 29. https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en.
([68]) Féach: http://www.xinhuanet.com/fortune/2020-04/20/c_1125877816.htm (arna amharc go deireanach an 12 Aibreán 2021).

(106) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas i nDaon-Phoblacht na Síne go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha le blianta beaga anuas. I bhfianaise staid ina bhfuil méadú ag teacht ar fhiachas atá i mbaol, roghnaigh Rialtas na Síne mainneachtainí a sheachaint. Dá bhrí sin, rinneadh saincheisteanna drochfhiachais a láimhseáil trí fhiachas a thar-rolladh, rud a chruthaigh cuideachtaí "zombaí" mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(107) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh le déanaí chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh i nDaon-Phoblacht na Síne.

(108) Níor tíolacadh aon fhianaise lenar léiríodh go mbeadh earnáil na leictreoidí graifíte díolmhaithe ó idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais mar a thuairiscítear thuas. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.3.1.9. An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a shonraítear

(109) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréith de gheilleagar na Síne é an saobhadh a bhfuil tuairisc tugtha air sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil maidir le fíricí agus gnéithe an chórais Shínigh mar a thuairiscítear thuas i Ranna 3.3.1.2 go 3.3.1.5 agus freisin i gCuid A den Tuarascáil, go bhfuil feidhm acu ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh atá maidir le tuairisc ar tosca táirgeachta mar a leagtar amach i Ranna 3.3.1.6 - 3.3.1.8 thuas agus i gCuid B den Tuarascáil.

(110) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le raon ionchuir chun leictreoidí graifíte a tháirgeadh, amhail, i measc nithe eile, cóc peitriliam, cóc peitriliam snáthaide, cóc pice snáthaide, chomh maith le leictreachas (féach roinn 2.1). De réir na fianaise ar an gcomhad, tá Daon-Phoblacht na Síne ar cheann de phríomhtháirgeoirí an chóic snáthaidiúil – an príomh-amhábhar i bpróiseas táirgthe na leictreoidí graifíte agus na táirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh, fuair siad formhór a n-ionchur i nDaon-Phoblacht na Síne (i.e. níos mó ná 70 % ó thaobh luach ceannaigh de). Nuair a cheannaíonn táirgeoirí táirgí leictreoidí graifíte na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh faoina gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, is lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa a fhostaíonn soláthróirí na n-ionchur. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó i leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais phleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála.

(111) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre táirgí leictreoidí graifíte le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear do na costais ionchuir uile freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstainteach an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.3.1.10. Conclúid

(112) Leis an anailís a leagtar amach i ranna 3.3.1.2 go 3.3.1.9, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile dá bhfuil ar fáil a bhaineann le hidirghabháil Dhaon-Phoblacht na Síne ina geilleagar i gcoitinne agus in earnáil na leictreoidí graifíte, léiríodh nach bhfuil praghsanna ná costais an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an lucht saothair, mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán difear dóibh mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó leis an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha dá liostaítear ann. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, dhiúltaigh an Coimisiún d'argóintí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin maidir leis an easpa saobhadh suntasach (féach aithris (69)), agus mheas sé sa deireadh nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(113) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

3.3.2. *An tír ionadaíoch*

3.3.2.1. Barúlacha ginearálta

(114) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá comhionann le hollioncam náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([69]);

— Táirgeadh an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarb iomchuí, don tír inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá inti.

(115) Mar a mhínítear in aithrisí (43) agus (44), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid agus chuir siad sa chomhad iad mar fhoinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tuairscíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe faoi na gnéithe sin agus na foinsí ábhartha. Sa dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige Meicsiceo a úsáid ina thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Is féidir achoimre a dhéanamh ar mheasúnú an Choimisiúin mar seo a leanas.

3.3.2.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le leibhéal forbartha eacnamaíche na Síne agus táirgeadh an táirge faoi imscrúdú

(116) Sa Chéad Nóta faoi na tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún na tíortha ag a bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche agus an tSín. I dtréimhse an imscrúdaithe, rinne an Banc Domhanda na tíortha sin a rangú mar thíortha "ard-mheánioncaim" ar bhonn ollioncam náisiúnta. Mar sin féin, níor aimsíodh táirgeadh suntasach den táirge atá faoi imscrúdú ach i dtrí thír, eadhon sa Mhalaeisia, i Meicsiceo agus sa Rúis.

(117) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh CCCME agus Fangda Carbon New Material Co, Ltd nach roghanna iomchuí don tír ionadaíoch iad an Mhalaeisia, Meicsiceo ná an Rúis, agus mhol siad tíortha eile féideartha, go háirithe an Úcráin agus an India. Thug an dá pháirtí dá n-aire gurb í an India a bhí roghnaithe ag an gCoimisiún mar thír ionadaíoch in imeacht le déanaí ([70]).

(118) Maidir leis an imscrúdú thuasluaite a rinne na páirtithe, d'úsáid an Coimisiún an India mar thír ionadaíoch toisc gur san India agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá amháin a táirgeadh an táirge a bhí faoi réir an imscrúdaithe sin. Thairis sin, toisc gur athbhreithniú éaga é an t-imscrúdú sin áfach, inarb é an cheist cé acu is dócha go leanfar den dumpáil nó nach leanfar nó a tharlódh dumpáil an athuair gan beann ar an leibhéal iarbhír nó nach dtarlódh, mheas an Coimisiún an cheist an bhféadfadh an India an bonn a chomhdhéanamh go heisceachtúil chun na costais táirgthe agus díola in imthosca an cháis sin a bhunú nó nach bhféadfadh.

(119) Thairis sin, tá iarscríbhinn ar leith sna Nótaí chun treoraíocht a thabhairt do pháirtithe faisnéis a chur isteach maidir le tíortha agus/nó cuideachtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch chun críoch Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Theip ar an dá pháirtí an fhaisnéis a sholáthar de réir an chaighdeáin is gá agus de réir an leibhéil mhionsonraithe a fhorordaítear leis an iarscríbhinn sin.

(120) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche níos ísle ag an India agus ag an Úcráin ná an leibhéal atá ag an tSín (PRC) faoi mar a shainítear é in aicmiú an Bhainc Dhomhanda ach go bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche ag an Malaeisia, Meicsiceo agus an Rúis atá cosúil leis an tSín. I gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, lena dtugtar sainordú chun an gnáthluach a shuíomh bunaithe ar na costais chomhfhreagracha táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil le leibhéal na tíre is onnmhaireoir, measadh gur tíortha ionadaíocha iomchuí iad na tíortha sin a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, agus nach raibh aon chúis ann tíortha ina raibh leibhéal níos ísle forbartha eacnamaíche amhail an India agus an Úcráin a mheas. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

---

([69]) World Bank Open Data – Upper Middle Income [Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach], https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([70]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441 ón gCoimisiún an 11 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 85, 12.3.2021. lch. 154), aithris (111).

3.3.2.3. Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(121) Sa Chéad Nóta, chuir an Coimisiún in iúl, i gcás na dtíortha a shainaithnítear mar thíortha ina dtáirgtear an táirge lena mbaineann, eadhon an Mhalaeisia, Meicsiceo agus an Rúis, gur ghá infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha a fhíorú a thuilleadh, go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge lena mbaineann.

(122) Maidir le Cónaidhm na Rúise, níor bhain ráitis airgeadais na dtáirgeoirí sainaitheanta ach le 2019. Ina theannta sin, bhí cuideachta amháin sa Rúis caillteach. Thairis sin, sa Chéad nóta, shainaithin an Coimisiún roinnt saobhadh ar mhargadh na Rúise a raibh tionchar acu ar chostas táirgthe an táirge atá faoi imscrúdú agus a bhain an bonn den Rúis mar thír ionadaíoch oiriúnach.

(123) Maidir leis an Malaeisia, na ráitis airgeadais a bhí ar fáil go poiblí, chuaigh siad siar go 2017, rud a d'fhág go raibh siad as dáta i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdaithe. Ina theannta sin, bhí dhá shrian ar onnmhairiú sa Mhalaeisia, cé go raibh tionchar neamhábhartha ag na srianta sin ar chostas táirgthe an táirge atá faoi imscrúdú arb ionann é agus tuairim is 1 % de chostas táirgthe leictreoid ghraifíte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Idir an dá linn, fuair an Coimisiún rochtain ar ráitis airgeadais a bhí ar fáil go poiblí don bhliain 2020 maidir le Showa Denko Malaysia ([71]) ach bhí an chuideachta caillteach an bhliain sin. Mar thoradh air sin, ós rud é nach raibh aon táirgeoir brabúsach sa tír sin a raibh sonraí ar fáil go poiblí aige maidir leis an tréimhse imscrúdaithe, níor mheas an Coimisiún gur tír ionadaíoch oiriúnach í an Mhalaeisia.

(124) Maidir le Meicsiceo, shainaithin an Coimisiún táirgeoir amháin, eadhon GrafTech Mexico S.A. de C.V ("GrafTech Mexico2"). Cé nach raibh ráitis airgeadais na cuideachta ar fáil go héasca, shainaithin an Coimisiún Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa GrafTech ("GrafTech International") don bhliain 2020 ina raibh ráitis chomhdhlúite airgeadais an ghrúpa. I bhfianaise an mhéid thuas, san iomlán, ba chosúil gurb iad seo na sonraí ab fhearr a bhí ar fáil go héasca. Ar deireadh, sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún go raibh ceanglais allmhairithe ag Meicsiceo maidir le leictreoidí graifíte (Cód Taraife 8545 11 agus 8545 90) i bhfoirm ceanglas lipéadaithe. Níl na ceanglais lipéadaithe sin táirge-shonrach, áfach, agus bíonn feidhm acu maidir le gach táirge a allmhairítear isteach i Meicsiceo. Leis an rialachán ábhartha Mheicsiceo ([72]) foráiltear maidir le rialacha ginearálta lena n-áirithítear nach ndéanfaidh na lipéid tomhaltóirí ná úsáideoirí deiridh a chur amú a mhéid a bhaineann le hallmhairiú ó thríú tíortha agus nach srianadh ar allmhairiú iontu féin iad. Dá bhrí sin, níl tionchar tábhachtach ag na ceanglais sin ar chostas táirgthe an táirge atá faoi imscrúdú.

(125) Tar éis an Chéad Nóta, mhaígh Fangda Carbon New Material Co., Ltd., Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. agus an CCCME ina n-aighneachtaí gur rogha mí-oiriúnach a bhí i nGrafTech Mexico. Ar an gcéad dul síos, ós rud é gurb iad na ráitis airgeadais atá ar fáil na cuntais chomhdhlúite agus gur chlúdaigh na cuntais sin ní hamháin cuntais Mheicsiceo ach freisin cuntais na bhfochuideachtaí eile ar fud an domhain, d'ionchorprófaí leis na cuntais chomhdhlúite sin cuideachtaí nach bhféadfaí a mheas a bheith ag an leibhéal céanna forbartha leis an tSín agus nach léireodh na cuntais sin na forchostais mhonaraíochta sheasta, na costais díola, ghinearálta agus riaracháin (SG&A) ná brabús Mheicsiceo, dá mbeadh Meicsiceo le bheith ina tír ionadaíoch chun críocha an imscrúdaithe seo. Ina theannta sin, mhaígh Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd., dá roghnófar Meicsiceo mar thír ionadaíoch nár mhór brabús GrafTech International a choigeartú chun an leibhéal réasúnach brabúis d'oibríocht leictreoid graifíte a léiriú, ós rud é go bhfuil an leibhéal comhdhlúite brabúis de GrafTech International ró-ard, agus é seo mar thoradh ar nádúr oibríocht GrafTech atá comhtháite go hiomlán ingearach, i gcás ina dtáirgeann an chuideachta a chuid peitriliam cóic snáthaidiúil féin seachas a bheith ag brath ar sholáthraithe tríú páirtí. Ar deireadh, cheistigh CCCME oibiachtúlacht iomlán aon sonraí arna soláthar ag GrafTech Mexico, ós rud é gur páirtí tacaíochta de chuid an Ghearáin é GrafTech International Ltd.

(126) Ar deireadh, chuir Liaoning Dantan Technology Group Co, Ltd. breathnú níos ginearálta i láthair, is é sin go mbeidh brabúsacht a bliana 2020 laghdaithe go mór i gcomparáid le 2019 de bharr fheiniméan timthriallach an tionscail seo agus éifeachtaí na paindéime domhanda le déanaí. Dá bhrí sin, mura mbeidh fáil ar shonraí airgeadais aonair GrafTech Mexico in 2020, ní chomhlíonfaidh Meicsiceo an ceanglas maidir le bheith ina thír ionadaíoch iomchuí faoi fhoráil Airteagal 2(6a).

([71]) Bhí na sonraí don chuideachta seo ar fáil ag an suíomh seo a leanas https://www.crif.com.my/ ar a bhfuil sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí de chuideachtaí atá cláraithe sa Mhalaeisia agus tagann na sonraí ó SSM arb é an clár náisiúnta do chuideachtaí agus do ghnólachtaí sa Mhalaeisia é. Tá an tuairisc faoi chosaint cóipchirt, áfach, agus i láthair na huaire ní féidir í a chur ar an gcomhad oscailte, ach tá sí ar fáil lena cheannach ar tháille ainmniúil.

([72]) NORMA Oficial Mexicana NOM-024-SCFI-2013, *Información comercial para empaques, instructivos y garantías de los productos electrónicos, eléctricos y electrodomésticos*, ar fáil ag: dof.gob.mx/nota_detalle.php?codigo=5309980&fecha=12/08/2013.

(127) Faoi mar a luaitear sa Chéad Nóta, fuair an Coimisiún ar líne ráitis chomhdhlúite airgeadais GrafTech International Ltd. Sa Chéad Nóta bhain siad leis an mbliain fhioscach 2019 ([73]) , agus sa Dara Nóta – bliain fhioscach 2020 ([74]).

(128) Maidir leis an maíomh go n-ionchorpródh cuntais chomhdhlúite GrafTech International Ltd. cuideachtaí nach léireodh na forchostais mhonaraíochta sheasta, SG&A agus brabús Mheicsiceo, baineann na sonraí atá ar fáil ó GrafTech International Ltd. go sonrach le táirgeadh an táirge atá faoi imscrúdú, toisc gurb iad leictreoidí graifíte an t-aon táirge a mhonaraíonn an grúpa. Is é sin le rá, léiríonn sonraí comhdhlúite airgeadais an ghrúpa feidhmíocht tháirgeadh leictreoidí graifíte agus a bhforchostais mhonaraíochta sheasta, SG&A agus brabús leictreoidí graifíte toisc nach monaraíonn an grúpa aon táirge eile ach leictreoidí graifíte. Bhí GrafTech International Ltd. freisin ag déanamh brabúis le linn thréimhse an imscrúdaithe. Ina theannta sin, is cuideachta é GrafTech Mexico freisin atá thart ar an méid céanna leis na cuideachtaí Síneacha agus chomh maith leis sin tá táirgeadh tábhachtach aige den táirge lena mbaineann.

(129) Ar deireadh, ní rabhthas in ann úsáid a bhaint as na sonraí ó aon táirgeoir eile faoi bhreathnú ó thíortha eile ar na cúiseanna a míníodh agus i measc na páirtithe a chuir barúlacha isteach tar éis an Chéad Nóta, níor chuir aon cheann acu aon rogha eile ar aghaidh.

(130) I bhfianaise na mbarúlacha sin, áfach, chinn an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh freisin an raibh aon táirgeoir sna catagóirí céanna táirgí nó sna catagóirí comhchosúla táirgí leis an táirge atá faoi imscrúdú i Meicsiceo. Thug an Coimisiún faoi deara, go háirithe, go raibh an brabús a dearbhaíodh i gcuntais chomhdhlúite GrafTech International 2020 thar a bheith ard (35,5 % arna shloinneadh ar bhonn ioncaim). I measc na dtáirgeoirí Mheicsiceacha a tháirgeann táirgí sna catagóirí céanna táirgí nó sna catagóirí táirgí comhchosúla leis an táirge atá faoi imscrúdú, níor shainaithin an Coimisiún ach aon chuideachta amháin ag a raibh na sonraí ar fáil don bhliain 2020 ag an bpointe sin. Is é sin Reotix Materiales Refractarios S.A. de C.V ("Reotix Materiales Refractarios"), cuideachta atá gníomhach sa ghnó teasfhulangach neamh-cré. Ba é 4,7 % an brabús a bhain an chuideachta sin amach in 2020. In éagmais aon sonraí iontaofa eile a bheith ar fáil go héasca ag an bpointe sin, mheas an Coimisiún maidir le táirgeoir i Meicsiceo a tháirgeann an táirge atá faoi imscrúdú, go bhféadfadh sé an brabús sin a bhaint amach go réasúnach.

(131) Ar an taobh eile, léiríodh gur 39,0 % ar bhonn ioncaim a bhí in SG&A Reotix Materiales Refractarios. Ina fhianaise sin, chinn an Coimisiún go raibh sé níos réasúnaí brath ar SG&A a tuairiscíodh i Tuarascáil Bhliantúil 2020 GrafTech International Ltd, arbh ionann é agus 5,9 % ar bhonn ioncaim, mar bhain sé sin leis an táirge lena mbaineann, agus go páirteach, le GrafTech Mexico.

(132) I bhfianaise a bhfuil thuas, in éagmais aon sonraí iontaofa eile, mheas an Coimisiún maidir le SG&A GrafTech International Ltd agus an brabús a bhain Reotix Materiales Teractores amach, go raibh an brabús sin neamhshaofa agus réasúnach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a), an mhír dheiridh, den bhun-Rialachán.

(133) Mar fhreagra ar an Dara Nóta, bhí CCCME agus Fangda Carbon New Material Co., Ltd agus Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd i gcoinne úsáid SG&A a fuarthas ó GrafTech International Ltd de bharr gur eascair sé as sonraí comhdhlúite airgeadais cuideachtaí éagsúla atá bunaithe i dtíortha a bhfuil leibhéal éagsúil ioncaim acu, lena n-áirítear tíortha ardioncaim, áfach, gan aon argóint nua a chur ar aghaidh i gcomparáid leis na hargóintí comhchosúla a rinneadh tar éis an Chéad Nóta agus gan fianaise a chur isteach ina leith. Ag an am céanna, thug an Coimisiún dá aire gur thacaigh CCCME agus Fangda Carbóin, Co. Nua-Ábhair, Ltd le cinneadh an Choimisiúin leas a bhaint as brabús réasúnach.

(134) Dá bhrí sin, in éagmais aon bharúil eile ná aon sonraí eile a bhfuil fáil orthu go héasca a chur isteach, chinn an Coimisiún go sealadach maidir leis na foinsí a bheartaigh sé a úsáid le haghaidh SG&A agus le haghaidh brabúis, go raibh na foinsí sin neamhshaofa agus réasúnach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a), an mhír dheiridh, den bhun-Rialachán.

3.3.2.4. Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil

(135) Tar éis gur suíodh gurb é Meicsiceo an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, an chéad abairt, den bhun-Rialachán.

([73]) Tá tuarascáil bhliantúil 2019 ar fáil ag https://s2.q4cdn.com/282965219/files/doc_financials/2019/q4/843539-GrafTech-Bookmarked-Annual-Report.pdf.

([74]) Tá tuarascáil bhliantúil 2020 ar fáil ag: https://s2.q4cdn.com/282965219/files/doc_financials/2020/q4/2020-Graftech-Bookmarked-Annual-Report.pdf, a bhfuarthas rochtain uirthi an 16.6.2021.

3.3.2.5. Conclúid

(136) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon Meicsiceo na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chun go measfar é a bheith ina thír ionadaíoch iomchuí.

(137) Chuir Fangda Carbon New Material Co., Ltd., Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. agus an CCCME i bhfios go láidir ina mbarúlacha nach mór teacht ar an gceathrú tír ionadaíoch eile. Níor mhol aon cheann de na páirtithe sin tír ionadaíoch eile, áfach. Ba cheart a chur i dtábhacht, go deimhin, gur shainaithin an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó, as gach tír a bhfuil forbairt eacnamaíoch acu atá inchomparáide leis an tSín, nach bhfuil táirgeadh an táirge atá faoi imscrúdú ach ag Meicsiceo, ag an Malaeisia agus ag an Rúis. Ina theannta sin, i measc na dtrí thír sin, nach raibh sonraí ábhartha ar fáil go héasca ach i Meicsiceo.

(138) I bhfianaise na mbarúlacha sin agus na bhfíoras ábhartha uile arna meas ina n-iomláine, chinn an Coimisiún go sealadach Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí chun críche gnáthluach tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a shuí de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus an chuideachta GrafTech Mexico atá lonnaithe i Meicsiceo i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

3.3.3. *Foinsí a úsáidtear chun costais neamhshaofa le haghaidh tosca táirgeachta a shuigh*

(139) Ar bhonn na faisnéise a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus ar bhonn faisnéis ábhartha eile atá ar fáil sa chomhad, shuigh an Coimisiún, sa Chéad Nóta, liosta tosaigh de thosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear chun an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgeadh.

(140) I gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún foinsí a bheidh le húsáid chun praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa a shuí. Leis an bpríomhfhoinse a bheartaigh an Coimisiún a úsáid áiríodh an Global Trade Atlas ("GTA"). Ar deireadh, sa nóta céanna, shainaithin an Coimisiún cóid an Chórais Chomhchuibhithe (HS) le haghaidh tosca táirgeachta ar measadh i dtús báire, ar bhonn faisnéise a chuir na páirtithe leasmhara ar fáil, go n-úsáidfí iad ar mhaithe le hanailís GTA.

(141) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa i leith gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(142) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, nuashonraigh an Coimisiún liosta na dtosca táirgeachta bunaithe ar bharúlacha na bpáirtithe agus ar an bhfaisnéis arna cur isteach ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa fhreagra ar an gceistneoir.

(143) Sa Dara Nóta mhol an Coimisiún sonraí allmhairithe Malaeisiach a úsáid chun praghas cóic peitriliam a shuí (HS 2713 12) in ionad phraghais allmhairithe Mheicsiceo, tar éis barúlacha a fháil ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus ó Chumann Carbóin agus Graifíte na hEorpa maidir le staidreamh allmhairithe cóc peitriliam go Meicsiceo, nár léirigh an staidreamh sin go leordhóthanach grád cáilíochta an chóic snáthaidiúil mar a úsáidtear i monarú chórais leictreoidí graifíte.

(144) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh roinnt páirtithe nár cheart don Choimisiún na sonraí allmhairithe Malaeisiach a úsáid chun praghas cóc peitriliam a shuí (HS 2713 12) ós rud é go bhfuil an chainníocht a thuairiscítear i staidreamh na Malaeisia an-íseal agus nach bhfuil sí ionadaíoch.

(145) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus chinn sé an tagarmharc a shuí go sealadach maidir le cóc peitriliam agus é bunaithe ar phraghas allmhairithe Mheicsiceo.

(146) Sa Dara Nóta, thuairiscigh an Coimisiún freisin nach dtarlaíonn aon allmhairiú tarra guail (HS 2708 20) i Meicsiceo agus chinn sé, dá bhrí sin, an Mhalaeisia a úsáid chun an tagarmharc sin a bhunú.

(147) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir na páirtithe i gcoinne an chinnidh sin ina gcuid barúlacha maidir leis an Dara Nóta.

(148) Mhaígh páirtí amháin maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun praghas allmhairiúcháin CIF Mheicsiceo a shuí, nach bhfuil an mhodheolaíocht sin ceart mar gur úsáid an Coimisiún an cóimheas costais lasta céanna bunaithe ar chód uathúil HS (i.e. 2713) le haghaidh aon tír onnmhairithe agus le haghaidh gach tagarmhairc. Thairis sin, tá an tacar sonraí a úsáidtear as dáta ós rud é gur ó 2016 ar aghaidh atá an bhliain airgeadais is déanaí atá ar fáil .

(149) Cé gur mhaígh an páirtí nach bhfuil an mhodheolaíocht ceart, níor moladh aon réiteach eile. Chinn an Coimisiún go bhfuil an meastachán fós ar an gceann is cruinne atá ar fáil dó.

(150) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

**Tosca táirgeachta leictreoidí graifíte**

| Toisc tháirgeachta | Cód Tráchtearraí: | Luach neamhshaofa ( RMB) | Aonaid tomhais |
|---|---|---|---|
| Amhábhair | | | |
| Cóc peitriliam (cailcínithe) | 2713 12 | 5 240 | Tona |
| Cóc peitriliam (neamh-chailcínithe) | 2713 11 | 432 | Tona |
| Pic ó tharra guail | 2708 10 | 8 640 | Tona |
| Cóc pice ó tharra guail | 2708 20 | 3 917 | Tona |
| Cóc agus leathchóc guail | 2704 00 | 1 884 | Tona |
| Asfalt guail | 2715 00 | 6 113 | Tona |
| Gual | 2701 12 | 881 | Tona |
| Blúirí graifíte | 3801 90 | 13 048 | Tona |
| Tomhaltáin | | | |
| Saothar | | | |
| Pá saothair san earnáil monaraíochta | [N/BH] | 13,37 | Uaireanta an chloig |
| Fuinneamh | | | |
| Leictreachas | [N/BH] | 1 138 | kWh |
| Gás Nádúrtha | [N/BH] | 0,70 | $m^3$ |
| Fotháirge/dramhaíl | | | |
| Fuíoll graifíte | 3801 90 | 13 048 | Tona |
| Fuíoll cairbíde sileacain | 2849 20 | 8 055 | Tona |

3.3.3.1. Amhábhair arna n-úsáid sa phróiseas táirgthe

(151) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí d'úsáid an Coimisiún mar bhonn an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe (CIF) chuig an tír ionadaíoch, mar a tuairiscíodh sa GTA, ó gach tríú tír seachas an tSín agus tíortha nach baill de EDT iad agus a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([75]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín a eisiamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid ós rud é gur ann do shaobhadh suntasach ansin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán (féach Roinn 3.3.1 thuas). In éagmais aon fhianaise a léiríonn nach ndéanann an saobhadh céanna an difear céanna do tháirgí atá le honnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndearna an saobhadh céanna difear d'onnmhairí. I gcás Mheicsiceo, ní raibh aon tionchar suntasach ag eisiamh allmhairí ón tSín agus ó roinnt Comhaltaí nach bhfuil in EDT, ós rud é gurb ionann na hallmhairí atá fágtha agus thart ar 99 % d'iomlán méid na n-allmhairí isteach sa tír ionadaíoch. Sa Mhalaeisia, i gcás allmhairí cóc pice ó tharra ghuail, ba ionann allmhairí ón tSín agus 55 % d'iomlán na n-allmhairí. Rinneadh an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe a choigeartú i gcás dleachtanna ar allmhairí, i gcás inarb iomchuí.

([75]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(152) I gcás líon beag tosca táirgeachta, ba ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána i dtréimhse an imscrúdaithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlaigh dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chaith an Coimisiún leis na tosca táirgeachta sin mar thomhaltáin mar a mhínítear in aithris (166).

(153) Na costais iompair arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha chun amhábhair a sholáthar, shloinn an Coimisiún iad mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus ansin chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnach mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.3.3.2. Saothar

(154) D'úsáid an Coimisiún staitisticí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a chuireann faisnéis ar fáil maidir le meántuillimh mhíosúil fostaithe agus meánuaireanta seachtainiúla oibrithe iarbhír in aghaidh an duine fostaithe i Meicsiceo in 2020. Ní chuimsíonn na tuillimh mhíosúla costais na slándála sóisialta ná na cánacha, ar nithe iad a leagtar ar an bhfostóir. Tá an fhaisnéis sin ar fáil i Leabharlann an ECFE don bhliain chéanna ([76]).

3.3.3.3. Leictreachas

(155) Tá praghas an leictreachais i Meicsiceo foilsithe ag an gCoimisiún Leictreachais Mheicsiceo. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha faoi mar a foilsíodh in Iris Oifigiúil Mheicsiceo iad.

(156) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. go ndearnadh saobhadh ar phraghsanna an leictreachais i Meicsiceo chun iad a ardú agus dá bhrí sin gur cheart iad a ísliú toisc go ndearna Stát Mheicsiceo an bonn a bhaint d'fhorbairt foinsí inathnuaite fuinnimh.

(157) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir an páirtí aon fhianaise isteach a thacaíonn lena mhaíomh, seachas ráitis dhoiléire. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3.3.3.4. Gás nádúrtha

(158) Bhain an Coimisiún úsáid as praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha i Meicsiceo faoi mar a d'fhoilsigh Comisión Reguladora de Energía ([77]) é ina phreaseisiúintí rialta. Bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí maidir le praghsanna gáis tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais atá comhfhreagrach i ngigigiúla lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdaithe

3.3.3.5. Dramhaíl

(159) Rinne an Coimisiún anailís ar chleachtais chuntasaíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte a bhaineann le seachtháirgí agus dramhaíl. Mar thoradh air sin, rinne an Coimisiún an costas táirgthe ríofa a choigeartú i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta gach cuideachta a bhaineann le seachtháirgí agus dramhaíl.

3.3.3.6. Forchostais mhonaraíochta, SG&A, brabúis agus dímheas

(160) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús". Ina theannta sin, ní mór luach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta ar mhaithe leis na costais nár cuimsíodh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach.

(161) Maidir leis na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha, sloinneadh iad mar sciar de na costais mhonaraíochta a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm maidir leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa.

(162) Chun méid neamhshaofa agus réasúnach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta, SG&A agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí airgeadais GrafTech International Ltd le haghaidh SG&A agus Teastóirí Reotix Materiales le haghaidh brabúis.

([76]) Ar fáil ag https://ilostat.ilo.org/data/country-profiles/ (ar breathnaíodh air go deireanach an 28 Márta 2021).
([77]) Ar fáil ag https://www.cre.gob.mx//IPGN/index.html (ar breathnaíodh air go deireanach an 28 Márta 2021).

3.3.4. *Ríomh an ghnáthluacha*

(163) Bunaithe ar na praghsanna neamhshaofa agus na tagarmharcanna a thuairiscítear thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(164) Chun costais mhonaraíochta neamhshaofa a shuí do gach eintiteas dlíthiúil a mhonaraíonn agus a onnmhairíonn an táirge lena mbaineann, rinne an Coimisiún, le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin, na tosca táirgeachta a shainaithnítear sa tábla thuas a chur in áit na dtosca a ceannaíodh ó pháirtithe gaolmhara agus ó pháirtithe neamhghaolmhara araon.

(165) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa bunaithe ar na tosca táirgeachta arna gceannach ag gach ceann de na cuideachtaí. Chuir sé na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ansin maidir le tomhaltas iarbhír thosca táirgeachta aonair maidir le gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha. Laghdaigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta le costais neamhshaofa na bhfotháirgí a athúsáidtear sa phróiseas táirgthe.

(166) Ar an dara dul síos, chun teacht ar iomlán na gcostas monaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta leis an méid sin. Na forchostais mhonaraíochta a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha, tháinig méadú orthu de bharr chostais na dtomhaltán dá dtagraítear in aithris (152) agus dá éis sin sloinneadh iad mar sciar de na costais mhonaraíochta a thabhaigh gach aon táirgeoir onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm maidir leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa.

(167) Ar deireadh, chuir an Coimisiún SG&A agus an brabús leis an méid sin agus sloinneadh iad mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostas iomlán neamhshaofa na monaraíochta (i.e. ba ionann SG&A agus 12,0 % agus ba ionann an brabús agus 8,9 %).

(168) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an chineáil táirge a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.4. **An praghas onnmhairiúcháin**

(169) Rinne Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. gach táirgeadh an táirge lena mbaineann a onnmhairiú trí dhá trádálaí gaolmhara sa tSín. Táirgeoir onnmhairiúcháin eile, Chengdu Rongguang Carbon Co., Ltd., atá ina chuid den ghrúpa Fangda Carbon New Material Co., Ltd., níor onnmhairigh sé ach cuid dá tháirgeadh den táirge lena mbaineann trí thrádálaí gaolmhara sa tSín. Os a choinne sin, níor dhíol Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd. ach go díreach leis an Aontas.

(170) Dá bhrí sin, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán le haghaidh gach ceann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte.

3.5. **Comparáid**

(171) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.

(172) I gcás ina raibh údar maith leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí lenar ndearnadh difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe i leith iompair, árachais, láimhseála agus lódála, costais chreidmheasa, muirir bhainc, coimisiúin agus dleachtanna custaim.

(173) Ós rud é gur ndearna Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. agus Chengdu Rongguang Carbon Co., Ltd., cuid den ghrúpa Fangda Carbon New Material Co, Ltd., onnmhairiú trí thrádálaí gaolmhar sa tSín, rinne an Coimisiún praghsanna onnmhairithe na gcuideachtaí sin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán ós rud é go raibh na trádálaithe sin ag gníomhú mar ghníomhairí a bhí ag obair ar bhonn coimisiúin. Ba ionann an coigeartú agus SG&A agus brabús an trádálaí.

3.6. **Corrlaigh dumpála**

(174) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe le haghaidh gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe le haghaidh cineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(175) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| Grúpa Fangda ina bhfuil 4 tháirgeoir | 24,5 % |
| Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. | 17,5 % |
| Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd. | 24,5 % |

(176) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(177) Ar an mbonn sin, is é 21,6 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha lasmuigh den sampla.

(178) I gcás gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, a suíodh ar bhonn Eurostat.

(179) Is íseal an leibhéal comhair sa chás seo toisc nach raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha ach thart ar 62 % d'onnmhairí iomlána chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gurb iomchuí an corrlach dumpála is infheidhme ar fud na tíre maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin neamh-chomhoibritheach eile a shuí ar leibhéal an chorrlaigh is airde a suíodh maidir le cineál táirge a bhíonn á dhíol i gcainníochtaí ionadaíocha ag an táirgeoir onnmhairiúcháin a bhfuil an corrlach dumpála is airde atá ar fáil. Ba é 66,5 % an corrlach dumpála a suíodh dá réir sin.

(180) Is mar seo a leanas atá na corrlaigh shealadacha dumpála, arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, an dleacht neamhíoctha:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| Grúpa Fangda ina bhfuil 4 tháirgeoir | 24,5 % |
| Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. | 17,5 % |
| Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd. | 24,5 % |
| Cuideachtaí comhoibritheacha eile | 21,6 % |
| Gach cuideachta eile | 66,5 % |

## 4. **DÍOBHÁIL**

### 4.1. **Sainmhíniú ar thionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(181) Rinne cúig chuideachta nó ghrúpa cuideachta san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is iad atá i "dtionscal de chuid an Aontais" de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(182) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe ag thart ar 164 460 tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise a chuir táirgeoirí de chuid an Aontais ar fáil. Faoi mar a léirítear in aithris (13), b'ionann na trí tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais agus níos mó ná 55 % de mhéid iomlán an táirgthe agus níos mó ná 65 % de dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas.

(183) D’iarr na gearánaigh Sangraf Italy a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal de chuid an Aontais, ós rud é go bhfuil Sangraf Italy agus an comhlacht gaolmhar Sangraf Henan ón tSín faoi smacht iomlán Ghrúpa Gaoshuo Hong-Kong (Hong Cong), grúpa atá faoi úinéireacht dheiridh Shanergy Group Limited, atá ionchorpraithe in Oileáin Cayman.

(184) Léirigh an t-imscrúdú gur iompórtáladh Sangraf Italy siní óna chuideachta ghaolmhar sa tSín, ach gur tháirg sé leictreoidí graifíte i Narni na Iodáile. Léirigh Sangraf freisin go bhfuil sé ag feidhmiú san Aontas le méid áirithe neamhspleáchais oibríochtúil. Tá Sangraf Italy á bhainistiú ón Iodáil, agus tá an Grúpa (Sangraf idirnáisiúnta) á bhainistiú ó na Stáit Aontaithe. Ó thaobh scairshealbhaíochta de, tá an chuideachta shealbhaíochta rialaithe deiridh ionchorpraithe in Oileáin Cayman. Tá Sangraf Italy ina chomhalta iomlán freisin den Chumann Eorpach Carbóin agus Graifíte.

(185) Bunaithe ar na cúinsí sin, measadh Sangraf Italy a bheith ina chuid de thionscal de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 4 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh Sangraf Italy a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal de chuid an Aontais.

### 4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(186) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na faisnéise a chuir tionscal de chuid an Aontais ar fáil agus ar iomlán na n-allmhairí isteach (leibhéal TARIC) a tuairiscíodh in Eurostat.

(187) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

*Tábla 1*

**Tomhaltas an Aontais (i dtonaí)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas iomlán an Aontais | 175 738 | 181 070 | 153 706 | 132 454 |
| Innéacs | 100 | 103 | 87 | 75 |

*Foinse*: Eurostat (Comext) agus tionscal de chuid an Aontais
*Nóta*: Rinne coigeartú maidir le hallmhairí faoi chód TARIC 8545 11 00 90 chun leictreoidí graifíte a eisiamh a raibh dlús dealraitheach ar lú é ná 1,5 g/cm³ nó friotaíocht leictreach ar mó é ná 7,0 µ.Ω.m. Cuimsíodh leis an gcoigeartú sin 7,5 % de mhéid iomlán an onnmhairiúcháin agus 3,3 % de luach iomlán an onnmhairiúcháin a tharraingt siar. Lean an coigeartú sin an mhodheolaíocht a úsáideadh sa ghearán, a bhí bunaithe ar sciar na leictreoidí graifíte RP sa tomhaltas domhanda leictreoidí graifíte (gan an tSín a áireamh) don bhliain 2019 (*). Is é sin le rá, in 2019 ba leictreoidí RP 7,5 % de mhéid iomlán na leictreoidí a úsáideadh lasmuigh den tSín. In 2019 ba leictreoidí RP 3,3 % de luach iomlán na leictreoidí a úsáideadh lasmuigh den tSín.

(*) An bhliain deiridh atá ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin. Measadh gur leor é, toisc nach léiríonn an figiúr seo luaineacht ard.

(188) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 25 % ar thomhaltas an Aontais leictreoidí graifíte. Sna blianta 2017 agus 2018, léiríodh tomhaltas ard a bhí mar thoradh ar éileamh ard thionscal cruach an Aontais, ar tionscal é a bhí ar tí teacht slán ón ngéarchéim chruach. Ina theannta sin, i bhfianaise méadú tobann ar phraghas leictreoidí graifíte, bhí lucht déanta cruach ag tógáil suas stoic GES ar eagla go dtiocfadh méadú breise air. In 2019, shroich táirgeadh cruach ó stuafhoirnéisí leictreacha pointe íseal (-6,6 %) i gcomparáid le 2018 de réir fhigiúirí Eurofer. Tháinig laghdú ar an éileamh ar leictreoidí graifíte. De réir mar a tháinig ísliú suntasach ar phraghas na leictreoidí graifíte, ní raibh gá le stoic a charnadh níos mó don tionscal iartheachtach. Mar thoradh air sin, bhí táirgeoirí cruach ag dístocáil a bhfardal leictreoidí graifíte. Tháinig laghdú eile ar an éileamh in 2020 mar thoradh ar ráig COVID-19.

### 4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

#### 4.3.1. *Méid agus sciar margaidh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(189) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Comext. Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí ar bhonn na sonraí allmhairiúcháin agus ar shonraí tionscail de chuid an Aontais i ndáil le díolacháin ar mhargadh an Aontais.

(190) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar allmhairí ón tír lena mbaineann:

*Tábla 2*

**Méid na n-allmhairí (i dtonaí) agus an sciar den mhargadh**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Méid na n-allmhairí ón tSín | 42 256 | 43 180 | 45 932 | 47 429 |
| *Innéacs* | *100* | *102* | *109* | *112* |
| An sciar den mhargadh (%) | 24,0 | 23,8 | 29,9 | 35,8 |
| *Innéacs* | *100* | *99* | *124* | *149* |

*Foinse*: Eurostat (Comext), tionscal de chuid an Aontais

(191) I gcomhthéacs tomhaltas a bheith ag laghdú, mhéadaigh allmhairí Síneacha chun dochair do thionscal de chuid an Aontais. Tháinig méadú 12 % ar mhéid na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú 49 % ar a sciar den mhargadh, sciar a shroich 35,8 % le linn na tréimhse imscrúdaithe (+ 11,8 pointe céatadáin). Tháinig laghdú 6,4 pointe céatadáin ar sciar margaidh thionscal de chuid an Aontais, ó 60,0 % in 2017 go 53,6 % in 2020 (tábla 5). Laghdaíodh sciar an mhargaidh thíortha eile go 10,6 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-5,3 pointe céatadáin) (tábla 11).

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(192) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat Comext. Suíodh sladghearradh phraghais na n-allmhairí ar bhonn freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus ó tháirgeoirí onnmhairithe Síneacha.

(193) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghas allmhairí ón tír lena mbaineann:

*Tábla 3*

**Praghsanna allmhairí (EUR/tona)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An tSín | 4 152 | 9 710 | 4 845 | 2 077 |
| *Innéacs* | *100* | *234* | *117* | *50* |

*Foinse*: Eurostat (Comext)

(194) Ó 2019 i leith tá meánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín i bhfad níos ísle ná praghsanna agus costais thionscal de chuid an Aontais. Tháinig laghdú 50 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú ar na costais táirgthe maidir le tionscal de chuid an Aontais de réir na sonraí arna soláthar ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais (féach tábla 7). I dtús báire, tháinig ardú ar phraghsanna go dtí leibhéil an-ard, shroich siad a mbuaic in 2018 agus ansin tháinig ag géarlaghdú orthu. Tar éis bhuaic phraghsanna 2018, ba shuntasaí an laghdú sin ar phraghsanna allmhairí Síneacha ná an laghdú ar phraghsanna díolacháin an Aontais.

(195) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, na praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú go leibhéal díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge ó na táirgeoirí Síneacha comhoibritheacha sampláilte chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suíodh ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(196) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál maidir le hidirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na thréimhse imscrúdaithe. Léiríodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 51,2 % ag na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Maidir le méideanna allmhairí uile a raibh meaitseáil ann ina leith, fuarthas go raibh sladghearradh phraghsanna an Aontais ar siúl.

### 4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal de chuid an Aontais**

#### 4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(197) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, mar chuid den scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal de chuid an Aontais, rinneadh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(198) Faoi mar a luaitear in aithris (13), baineadh úsáid as sampláil chun a dheimhniú ar bhain aon díobháil do thionscal de chuid an Aontais.

(199) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa mhéid a chuir tionscal de chuid an Aontais isteach. Bhain na sonraí le táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhí i bhfreagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(200) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus an téarnamh tar éis dumpáil a tharla roimhe seo.

(201) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

#### 4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

##### 4.4.2.1. An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus an úsáid acmhainneachta

(202) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, ar acmhainneacht táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 4*

**An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus an úsáid acmhainneachta**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid táirgeachta (tonaí) | 233 538 | 250 597 | 219 526 | 164 460 |
| *Innéacs* | *100* | *107* | *94* | *70* |
| An acmhainneacht táirgeachta (tonaí) | 255 500 | 283 500 | 294 900 | 294 900 |
| *Innéacs* | *100* | *111* | *115* | *115* |
| An úsáid acmhainneachta (%) | 91,4 | 88,4 | 74,4 | 55,8 |
| *Innéacs* | *100* | *97* | *81* | *61* |

*Foinse*: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(203) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 30 % ar an méid táirgeachta. Lean an táirgeadh go dlúth na hathruithe ar thomhaltas: éileamh ard in 2017-2018, laghdú ar éileamh in 2019 (dístocáil), laghdú níos mó agus níos suntasaí ar éileamh in 2020 (ráig COVID-19).

(204) Tháinig méadú 15 % ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is é Sangraf Italy is cúis leis sin i bpáirt, a cuireadh tús lena cuid oibríochtaí in 2018. Ar bhonn níos ginearálta, rinne tionscal de chuid an Aontais infheistiú chun acmhainneacht a fhorbairt. Bhí tionscal de chuid an Aontais ag súil go leanfadh staid dheimhneach an mhargaidh i dtús na tréimhse faoi bhreathnú agus go dtiocfadh méadú breise ar éileamh.

(205) Mar thoradh ar an dá threocht thuasluaite (laghdú ar tháirgeadh, méadú ar acmhainneacht) tháinig laghdú suntasach ar úsáid acmhainne (-35 %). Le linn na tréimhse imscrúdaithe, shroich an ráta úsáide acmhainneachta leibhéal an-íseal (55,8 %).

4.4.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(206) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal de chuid an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 5*

**Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí) | 105 520 | 118 025 | 91 949 | 70 970 |
| *Innéacs* | *100* | *112* | *87* | *67* |
| An sciar den mhargadh (%) | 60,0 | 65,2 | 59,8 | 53,6 |
| *Innéacs* | *100* | *109* | *100* | *89* |

*Foinse:* Tionscal de chuid an Aontais

(207) Tháinig méadú ar dhíolacháin idir 2017 agus 2018 agus ansin tháinig laghdú orthu thar an tréimhse 2018-2020. Tá an treocht ghinearálta ag teacht leis an bhforbairt tomhaltais. Mar sin féin, bhí an laghdú ar dhíolacháin (-33 %) níos suntasaí ná an laghdú an tomhaltais (-25 %) thar an tréimhse faoi bhreathnú.

(208) Dá thoradh sin, tháinig laghdú 6,4 pointe céatadáin ar sciar an mhargaidh thionscail de chuid an Aontais. Tháinig laghdú 5.3 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh atá ag tríú tíortha seachas an tSín. Chaill tionscal de chuid an Aontais sciar an mhargaidh chuig allmhairí Síneacha rud a d'fhág gur tháinig méadú 11,8 pointe céatadáin ar sciar mhargaidh na tíre sin le linn na tréimhse céanna.

4.4.2.3. Fás

(209) Le linn na tréimhse 2017-2019 ba é + 2,2 % ráta fáis OTI an Aontais (27 dtír) (Eurostat ([78])). In 2020 ba é – 6 % é (Eurostat ([79])). Léirigh táirgeadh amhchruach leictreach an Aontais treocht anuas roimh ráig COVID-19: 68 497 tona in 2017, 69 781 tona in 2018, 65 171 tona in 2019 (foinse: Eurofer). Lean an t-éileamh agus táirgeadh leictreoidí graifíte an treocht seo. I gcomhthéacs tomhaltas laghdaitheach, ní hamháin gur chaill tionscal de chuid an Aontais méideanna díolacháin ach chaill sé sciar den mhargadh freisin mar a mhínítear thuas in aithris (208).

4.4.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(210) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 6*

**Fostaíocht agus táirgiúlacht**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | 1 034 | 1 164 | 1 150 | 1 102 |
| *Innéacs* | *100* | *113* | *111* | *107* |

([78]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tec00115/default/table?lang=ga
([79]) Ibid.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Táirgiúlacht (tonaí/fostaí) | 226 | 215 | 191 | 149 |
| *Innéacs* | *100* | *95* | *85* | *66* |

*Foinse:* Tionscal de chuid an Aontais

(211) Lean an fhostaíocht san earnáil treocht den chineál céanna leis an táirgeacht agus leis an tomhaltas ar mhargadh an Aontais agus tháinig méadú 13 % air idir 2017 agus 2018. Is é Sangraf Italy is cúis leis sin i bpáirt, a cuireadh tús lena chuid oibríochtaí in 2018. Ansin lean an fhostaíocht treocht den chineál céanna leis an táirgeacht agus leis an tomhaltas agus tháinig laghdú air ó 2018 i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú cé gur tháinig laghdú ar an bhfostaíocht ar luas níos moille. Ar an iomlán, tháinig méadú 7 % ar an bhfostaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(212) I bhfianaise a bhfuil thuas, i gcás inar tháinig laghdú 30 % ar an táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar an táirgiúlacht. Tháinig laghdú 34 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus an téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(213) Bhí gach corrlach dumpála i bhfad níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála ar thionscal de chuid an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(214) Bhí leictreoidí graifíte faoi réir imscrúduithe frithdhumpála a rinneadh roimhe seo, agus tá bearta frithdhumpála maidir le hallmhairí leictreoidí graifíte ón India fós i bhfeidhm.

(215) Léirigh imscrúduithe a rinneadh roimhe seo go raibh tionchar diúltach fadtéarmach ag dumpáil roimhe seo ar staid thionscal de chuid an Aontais. Níor léirigh na himscrúduithe sin gur tháinig tionscal de chuid an Aontais chuige féin ó dhumpáil roimhe seo. A mhalairt air sin, léirigh torthaí an athbhreithnithe eatramhaigh is déanaí, ar cuireadh deireadh leis i mí Dheireadh Fómhair 2020, gur staid shealadach a bhí i ndea-bhail eacnamaíoch thionscal de chuid an Aontais sna blianta 2017 agus 2018, agus nach raibh aon ghá deireadh a chur leis na bearta i gcoinne na hIndia ([80]).

4.4.3. **Táscairí micreacnamaíocha**

(216) Agus díolacháin thionscal de chuid an Aontais agus táscairí micreacnamaíocha á mbreithniú aige, thug an Coimisiún dá aire i ndáil le cuid de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil (táirgeoir amháin de chuid an Aontais, go háirithe, GrafTech, ag a bhfuil tuairim is 50 % de na díolacháin iomlána agus os cionn 50 % den táirgeacht iomlán ([81])), go raibh an chuid sin cosanta ó iomaíocht dhíreach sa mhargadh, ach go raibh an chuid eile (an dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais), go raibh an chuid sin neamhchosanta ar allmhairí ón tSín ar phraghas íseal (féach roinn 4.3).

(217) Ba é ba chúis leis an staid sin gurb ann do chonarthaí fadtéarmacha a thug an táirgeoir aonair is mó leictreoidí graifíte san Aontas (GrafTech) i gcrích lena chustaiméirí tar éis tréimhse praghsanna neamhghnácha arda sna blianta 2017-2018. Is éard atá sna conarthaí sin conarthaí ceannaigh lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta lenar ráthaigh GrafTech leibhéal áirithe soláthairtí ar phraghsanna socraithe agus lenar thug an ceannaitheoir gealltanas na méideanna comhaontaithe a cheannach ag an bpraghas socraithe réamhchinntithe, faoi réir cearta agus oibleagáidí conarthacha éagsúla. Mhair na conarthaí sin idir 3 bliana agus 5 bliana. Ba léir go ndearnadh cuid mhór de dhíolacháin GrafTech le linn na tréimhse imscrúdaithe faoi na conarthaí fadtéarmacha sin ("LTAnna"). Chomh fada agus is eol don Choimisiún, ní bhaineann aon táirgeoir eile de chuid an Aontais tairbhe as LTAnna comhchosúla. I bhfianaise fad tréimhse LTAnna, thug an Coimisiún dá aire gur tionchar sealadach atá i dtionchar na gconarthaí.

([80]) CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1605 ÓN gCOIMISIÚN an 30 Deireadh Fómhair 2020 lena gcuirtear deireadh leis an athbhreithniú eatramhach páirteach ar na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí córas áirithe leictreoidí graifíte de thionscnamh na hIndia.

([81]) San Aontas, tá GrafTech France agus GrafTech Iberica ag táirgeadh do GrafTech. Cuimsíonn na figiúirí san aithris sin an dá eintiteas.

(218) Dá bhrí sin, d'fhonn an caidreamh eacnamaíoch idir an dá chuid de thionscal de chuid an Aontais a mheas i gceart, rinne an Coimisiún, i gcomhréir le dlí-eolaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála ([82]), scrúdú ar an mbealach céanna, ar thaobh amháin, ar an gcuid sin den tionscal a measadh a bheith cosanta ar iomaíocht dhíreach maidir le hallmhairí agus, ar an taobh eile, ar an gcuid sin de a bhí faoi bhrú iomaíoch allmhairí agus chomh maith leis sin, ar an tionscal ina iomláine.

4.4.3.1. Praghsanna agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(219) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 7*

**Praghsanna díolacháin san Aontas**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona) | 2 221 | 8 780 | 9 900 | 5 993 |
| *Innéacs* | *100* | *395* | *446* | *270* |
| Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona) | 2 071 | 4 095 | 5 454 | 5 016 |
| *Innéacs* | *100* | *198* | *263* | *242* |

*Foinse*: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(220) Tháinig méadú mór ar na praghsanna díolacháin in 2018 agus in 2019 sular tháinig géarlaghdú orthu in 2020. In 2020 bhí praghsanna díolacháin, áfach, fós ar leibhéil a bhí os cionn dhá oiread níos airde ná mar a bhí in 2017 (+ 170 %).

(221) A bhuí leis na LTAnna a bhí ann cheana, d'fhéadfadh GrafTech leibhéal ard praghsanna a choinneáil ([25-50] % níos airde ná an meánphraghas díolacháin aonaid san Aontas) le linn na tréimhse imscrúdaithe d'ainneoin an laghdú ginearálta a tháinig ar phraghsanna nach raibh an chuid eile de thionscal de chuid an Aontais cosanta air. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, agus go háirithe méideanna díolacháin GraftTech France nach bhfuil faoi réir LTAnna, chomh maith le díolacháin an dá tháirgeoir shampláilte eile de chuid an Aontais, mheas an Coimisiún go raibh an meánphraghas ar an margadh "saor" thart ar [20-40] % níos ísle ná an meánphraghas díolacháin aonaid san Aontas ar an margadh iomlán. Dá réir sin, ní léiriú cruinn é meánphraghas díolacháin an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe ar staid an phraghais iomaíoch ar mhargadh an Aontais, praghsanna a raibh tionchar suntasach ag allmhairí ar phraghas íseal agus ag allmhairí dumpáilte ón tSín orthu.

(222) Sa tréimhse 2017-2019, tháinig méadú ar phraghsanna díolacháin leictreoidí graifíte ar fud an domhain. Ba é éagothroime sa mhargadh ba chúis leis sin agus d'fhág sé go raibh méadú ar an éileamh domhanda agus go raibh soláthar ann nach raibh in ann freastal ar an éileamh. Luadh gurb é an príomhchúis leis an méadú ar an éileamh an t-athrú domhanda sa tionscal cruach, ó foirnéisí soinneáin go dtí stuafhoirnéisí leictreacha a úsáideann leictreoidí graifíte. Luadh gurb é an phríomhchúis le laghdú ar an soláthar domhanda dúnadh tháirgeoirí leictreoidí graifíte Síneacha arna shainordú ag an rialtas chun uasghrádú comhshaoil a dhéanamh. Tharla an dúnadh sin in aon am amháin leis an méadú ar éileamh intíre leictreoidí graifíte ó tháirgeoirí cruach Síneacha agus le hiomaíocht nua maidir le cóc snáthaidiúil (an príomh-amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh leictreoidí graifíte) ó thionscal na gcadhnraí ian litiam.

(223) Ó 2017 go lár 2019 tháinig méadú seasta suntasach ar phraghas an chóic shnáthaidiúil. Iolraíodh é faoi fhachtóir thart ar 9, rud a d'fhág gur mhéadaigh sé ó thart ar 500 USD in aghaidh an tona go thart ar 4 500 USD in aghaidh an tona. Ba é an luaineacht sin i bpraghas leictreoidí graifíte agus na hamhábhair ba chúis le cuid den tionscal a ghabháil do LTAanna mar a léirítear in aithris (217). Bhí praghsanna cóic shnáthaidiúil ar ais go dtí gnáthleibhéil, ach d'fhan costais agus praghsanna leictreoidí graifíte ag leibhéil níos airde ná mar a bhí in 2017. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhí praghsanna díolacháin táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar ais go leibhéil a bhí níos gaire don mheánleibhéal fadtréimhseach. Bhí baint aige sin le roinnt tosca le chéile: laghdú a tháinig ar phraghas an chóic shnáthaidiúil, laghdú a tháinig ar an éileamh a bhí nasctha le paindéim COVID-19, agus an brú

([82]) Féach Tuarascáil an Chomhlachta Achomhairc, na Stáit Aontaithe – *Bearta Frithdhumpála ar tháirgí áirithe cruach te-rollta ón tSeapáin*, WT/DS184/AB/R, míreanna 195 – 205.

méadaithe ar phraghsanna de bharr iomaíochta allmhairí ar phraghas íseal ón tSín. Faoi mar a luadh roimhe, (aithrisí (216) go (218)), ní raibh tionchar ag an dála sin ar thionscal uile an Aontais go cothrom. Sa chuid de thionscal de chuid an Aontais nach raibh faoi chosaint ag LTAnna, tháinig laghdú suntasach ar na praghsanna díolacháin -[48-60] % le linn na tréimhse imscrúdaithe, ach níor tháinig ach laghdú – [15-35] % ar phraghsanna díolacháin GrafTech France.

(224) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 242 % ar chostais táirgthe. Bhí baint aige sin leis an méadú a tháinig ar phraghsanna na bpríomh-amhábhar: cóc snáthaidiúil faoi mar a luadh thuas. Bhí na costais saothair cobhsaí le linn na tréimhse (féach tábla 8). Bhí méadú ag teacht ar phraghas an fhuinnimh (lena n-áirítear leictreachas), rud a chuir go pointe áirithe leis an méadú ar chostais táirgthe.

4.4.3.2. Costais saothair

(225) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 8*

**Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) | 83 705 | 91 784 | 89 456 | 84 780 |
| *Innéacs* | *100* | *110* | *107* | *101* |

*Foinse*: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(226) In 2018 tháinig méadú 10 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí, agus dá éis sin tháinig laghdú 3 % ar an meánchostas sin agus lean sé de bheith ag laghdú le linn na tréimhse imscrúdaithe go dtí gur shroich sé leibhéal a bhí 1 % níos airde ná mar a bhí in 2017.

(227) Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar fhorbairt na gcostas saothair i gcodanna éagsúla den tionscal agus sa thionscal ina iomláine, níor aimsigh an Coimisiún aon difríochtaí suntasacha in éagsúlacht na gcostas thar an tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.3.3. Fardail

(228) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 9*

**Fardail**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh (tonaí) | 6 142 | 6 424 | 9 114 | 8 163 |
| *Innéacs* | *100* | *105* | *148* | *133* |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht | 4,8 % | 4,9 % | 8,3 % | 8,6 % |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *174* | *180* |

*Foinse:* Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(229) Tháinig ardú ar stoic i dtéarmaí ainmniúla (+ 33 %) agus mar chéatadán den táirgeadh (+ 80 %) araon. Bhí baint aige sin leis an laghdú ar dhíolacháin thionscal de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais agus ar mhargaí onnmhairiúcháin araon. Thug an tionscal le fios go raibh air méid áirithe gníomhaíochta a choinneáil ar bun agus dá bhrí sin nach raibh sé in ann an táirgeadh a laghdú i gcomhréir leis an laghdú ar dhíolacháin.

(230) Agus scrúdú ar leithligh á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gcuid sin de thionscal de chuid an Aontais nach raibh LTAnna tugtha i gcrích aici lena custaiméirí, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig méadú níos mó ar na stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([5-15] pointe céatadáin os cionn mheánfhás na stoc). Os a choinne sin, agus scrúdú ar leithligh á dhéanamh ar GhrafTech France, níor tháinig an méadú céanna ar na stoic ([5-15] pointí céatadáin faoi bhun mheánfhás na stoc). Is léiriú breise an méid sin go raibh tionchar deimhneach suntasach (agus go bhfuil fós) ag LTAnna ar tháscairí eacnamaíocha aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais.

4.4.3.4. An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú

(231) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 10*

**An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe | C4 den tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 8,0 | 52,7 | 43,8 | 16,1 | 2,6 |
| *Innéacs* | *100* | *658* | *547* | *201* | *33* |
| Sreabhadh airgid (EUR) | 28 215 108 | 488 291 957 | 380 447 375 | 60 964 690 | - 22 330 357 |
| *Innéacs* | *100* | *1 731* | *1 348* | *216* | *- 356* |
| Infheistíochtaí (EUR) | 12 662 440 | 30 259 283 | 21 600 910 | 18 670 327 | 6 542 529 |
| *Innéacs* | *100* | *239* | *171* | *147* | *208* (*) |
| Toradh ar infheistíochtaí (%) | 17,8 | 552,4 | 366,5 | - 3,9 | - 32,6 |
| *Innéacs* | *100* | *3 100* | *2 057* | *- 22* | *- 183* |

*Foinse*: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais
(*) Ar bhonn bliantúil.

(232) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chuaigh brabúis in airde go pras in 2018-2019 sular tháinig géarlaghdú orthu agus go raibh caillteanais dhá fhigiúr do tháirgeoirí uile de chuid an Aontais, cé is moite de GrafTech France. Na brabúis thar a bheith ard ó na blianta 2018-2019, tá baint acu le staid an-speisialta na mblianta sin, arb é is príomhthréith di míchothromaíochtaí margaidh a bhí an-fhábharach do tháirgeoirí leictreoidí graifíte. In 2020, i gcomhthéacs an ghéarlaghdaithe thobainn ar éileamh a raibh baint ag paindéim COVID-19 leis, rinne comórtas méadaithe onnmhairí Síneacha an staid a chur ar mhalairt slí agus thit an tóin as na brabúis a rinneadh.

(233) Ar an iomlán, tháinig méadú ar brabúsacht díolachán san Aontas ó + 8,0 % in 2017 go + 16,1 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Mar sin féin, ní mar a chéile an staid ar chor ar bith do gach chuid den tionscal.

(234) Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar staid na coda sin de thionscal de chuid an Aontais nach raibh LTAnna tugtha i gcrích aici agus, dá bhrí sin, a bhí go hiomlán neamhchosanta ar na dinimicí margaidh athraithe lena n-áirítear méideanna méadaithe allmhairí dumpáilte ón tSín. Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a thagann faoin gcatagóir seo, léirigh siad géarlaghdú ar a mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó + [5-15] % in 2017 go [- 10 go - 20] % le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(235) Ansin, rinne an Coimisiún scrúdú ar GhrafTech France. Tá an chuideachta seo ag baint tairbhe as LTAnna agus dá bhrí sin bhí brabúis arda aici fós le linn na tréimhse imscrúdaithe. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur díoladh roinnt de leictreoidí graifíte de chuid GrafTech France ar an margadh oscailte freisin. Bhí praghsanna na n-idirbheart sin i bhfad níos ísle ná a chuid idirbheart faoi LTAnna. Agus comparáid á déanamh PCN le PCN idir praghsanna idirbheart neamh-LTA GhrafTech France agus praghsanna táirgeoirí sampláilte eile de chuid an Aontais, ba chosúil go raibh praghsanna níos airde le feiceáil ar chuid acu agus praghsanna níos ísle ar chuid eile acu. Ar an meán, bhí praghsanna na n-idirbheart sin an-ghar do phraghsanna táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Chinn an Coimisiún, sna hidirbhearta margaidh oscailte sin, go raibh praghsanna inchomparáide le praghsanna táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, bhí an brú iomaíoch allmhairí ar phraghas íseal ón tSín á bhrath freisin ag GrafTech France nuair nach raibh aon chosaint ann ar an iomaíocht de bhua LTAnna.

(236) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire maidir le staid thionscal de chuid an Aontais ina iomlán, lena n-áirítear GrafTech France, go raibh sí ag dul in olcas i ndeireadh na tréimhse imscrúdaithe, mar a léiríodh go háirithe leis na figiúirí brabúsachta don cheathrú ráithe den tréimhse imscrúdaithe, figiúirí atá go mór faoi bhun an chorrlaigh bhrabúis a bhíonn ann don earnáil sin faoi ghnáth-dhálaí iomaíochta. Staid na coda sin den tionscal nach gcumhdaítear le LTAnna, ar staid í atá ag dul in olcas, is í is cúis den chuid is mó, le staid an tionscail a bheith ag dul in olcas.

(237) Is ionann an glansreabhadh airgid agus an cumas atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig forbairt ar an treocht maidir leis an nglansreabhadh airgid ar bhealach a bhí cosúil le cás na brabúsachta: tháinig méadú ollmhór in 2018-2019 agus ina dhiaidh sin tháinig géarlaghdú in 2020. Tá na táscairí mínithe céanna i gceist. Agus scrúdú á dhéanamh ar an sreabhadh airgid maidir le codanna éagsúla de thionscal de chuid an Aontais, féadfar na ráitis chéanna a dhéanamh i ndáil leis na difríochtaí idir GrafTech France (sreabhadh airgid mór) agus an chuid eile de thionscal de chuid an Aontais (sreabhadh airgid diúltach).

(238) Tháinig méadú ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 47 %). Chuir brabúis mhóra na mblianta 2018-2019 ar chumas thionscal de chuid an Aontais infheistiú a dhéanamh ina shaoráidí táirgthe. Tháinig laghdú ar infheistíochtaí arís i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú, tar éis ráige COVID-19.

(239) Agus anailís á déanamh ar na codanna éagsúla den tionscal, níor tugadh aon patrún soiléir faoi deara. D'infheistigh GrafTech France níos mó i lár na tréimhse lena mbaineann, agus d'infheistigh an chuid eile den tionscal níos mó i dtreo dheireadh na tréimhse sin.

(240) Is é atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús ina chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt air ar bhealach a bhí cosúil le cás na brabúsachta: tháinig méadú ollmhór in 2018-2019 agus ina dhiaidh sin tháinig géarlaghdú in 2020.

#### 4.4.4. **An chonclúid ar dhíobháil**

(241) Léirigh na príomh-mhacratháscairí treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú: Tháinig laghdú 33 % ar dhíolachán an Aontais, tháinig laghdú 30 % ar an táirgeadh agus chaill tionscal de chuid an Aontais sciar den mhargadh. I gcomhthéacs margadh a bhí ag laghdú, tháinig méadú 12 % ar líon na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú 49 % ar a sciar den mhargadh, sciar a shroich 35,8 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Bhí praghsanna allmhairí ón tSín níos ísle, go leanúnach agus go suntasach, ná praghsanna agus costais thionscal de chuid an Aontais ó 2019 i leith.

(242) Maidir leis na micreatháscairí, léirigh tionscal de chuid an Aontais gnéithe deimhneacha agus diúltacha a mhéid a bhaineann leis an tionscal ina iomláine: tháinig méadú ar bhrabúsacht díolachán san Aontas (ó + 8,0 % go + 16,1 %) agus ar an sreabhadh airgid freisin (+ 116 %) ach tháinig meath suntasach ar stoic (+ 33 %) agus ar an toradh ar infheistíocht (ó + 17,8 % go - 3,9 %).

(243) Tá na figiúirí comhiomlánaithe sin ag ceilt staid an-éagsúil, áfach, ar staid í a bhfuil tionchar aici ar dhinimic an mhargaidh agus ar an gcaidreamh eacnamaíoch i measc tháirgeoirí éagsúla an Aontais. Ar na cúiseanna a luaitear in aithrisí (216) agus (218), rinne an Coimisiún scrúdú ar leithligh ar an gcuid sin de thionscal de chuid an Aontais nach raibh LTAnna tugtha i gcrích aici lena chustaiméirí agus atá ag feidhmiú ar an margadh oscailte, (agus dá bhrí sin, atá faoi réir iomaíochta leanúnaí leis na hallmhairí dumpáilte), ar thaobh amháin, agus an chuid de thionscal de chuid an Aontais a thug LTAnna i gcrích lena custaiméirí le linn na tréimhse 2017-2018 (is é sin GrafTech), ar an taobh eile.

(244) I gcás dhá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais as trí nár thug LTAnna i gcrích lena gcustaiméirí, tháinig meath suntasach ar na micreatháscairí uile: tháinig laghdú ar bhrabúsacht díolachán san Aontas ó [5-10] % in 2017 go - [10-20] % in 2020, tháinig méadú ar na stoic (+ [30-60] %), tháinig laghdú ar an toradh ar infheistíocht ó [20-50] % go – [200-250] % agus tháinig laghdú ar an sreabhadh airgid (- [220-260] %).

(245) Ar an taobh eile, maidir leis an tríú táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais, GrafTech France, bhí an cás sin éagsúil agus eisceachtúil. Is brabúis mhóra agus sreabhadh airgid a bhí ag GrafTech France le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(246) I ndáil leis sin, nocht an t-imscrúdú ról LTAnna idir GrafTech France agus a chliaint. Ba léir gur faoi LTAnna a tharla cuid mhór de dhíolacháin GrafTech France le linn na tréimhse imscrúdaithe. Mar thoradh air sin, bhí praghsanna GrafTech France i bhfad níos airde ná praghsanna a iomaitheoirí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is é an éifeacht a bhí ag na LTAnna sin praghsanna díolacháin GrafTech France a dhícheangal ó phraghsanna margaidh iomaíocha an Aontais. Go deimhin, bhí GrafTech France, agus níos ginearálta fós, GrafTech, go mór faoi chosaint ó fhachtóirí seachtracha, amhail an laghdú ar an éileamh agus an méadú ar an iomaíocht ó allmhairí ar phraghas íseal ón tSín de bharr na LTAnna a thug siad i gcrích lena gcustaiméirí.

(247) Ba chás sealadach eisceachtúil é sin, áfach, ós rud é go bhfuil cuid de na LTAnna imithe in éag cheana féin agus formhór na LTAnna atá fós i bhfeidhm, rachaidh siad in éag ag deireadh 2022.

(248) Sa cheathrú ráithe den tréimhse imscrúdaithe, áfach, d'fhéadfaí tuilleadh meatha a fheiceáil cheana féin mar gur laghdaigh figiúirí brabúsachta (meán na gcuideachtaí sampláilte, lena n-áirítear Graftech France) go 2,6 %. A luaithe a bheidh na LTAnna uile imithe in éag, beidh ar Ghraftech feidhmiú faoi na dálaí margaidh céanna le táirgeoirí eile de chuid an Aontais.

(249) Rinne an Coimisiún scrúdú breise ar an gcaidreamh eacnamaíoch idir an chuid sin de thionscal de chuid an Aontais, nár thug LTAanna i gcrích lena custaiméirí, ar thaobh amháin, agus an chuid sin de thionscal de chuid an Aontais, a thug LTAnna i gcrích lena custaiméirí (is é sin GrafTech France), ar an taobh eile, d'fhonn a shuí an leanfadh an chuid níos sláintiúla den tionscal an chuid eile den tionscal agus tionscal de chuid an Aontais ina iomláine sa treocht dhiúltach a chonacthas cheana le linn na tréimhse lena mbaineann.

(250) Agus an táirgeadh á mheas, chuir na trí tháirgeoir sampláilte uile in iúl don Choimisiún go raibh leictreoidí den ghrád céanna á dtáirgeadh acu (leictreoid de ghrád UHP). Maidir leis na leictreoidí graifíte a tháirgeann na trí tháirgeoir sampláilte, cuimsítear leo trastomhais idir 500 mm agus 720 mm agus fad os cionn 1 651 cm (agus go háirithe os cionn 1 951 cm). Táirgeann na trí tháirgeoir méideanna móra leictreoidí de thrastomhais thart ar 600 mm agus 700 mm. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún patrún táirgthe difriúil a fheiceáil idir an chuid sin de thionscal de chuid an Aontais nach raibh LTA tugtha i gcrích aici lena custaiméirí agus GrafTech France.

(251) Agus na costais á meas, ba ionann agus thart ar EUR 5 000 na costais táirgthe táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Níor tugadh faoi deara aon difríocht idir na trí tháirgeoir shampláilte. Bhí a gcostais táirgthe go léir sa réimse ± 10 % thart ar an meán sin.

(252) Maidir leis an gcuid de dhíolacháin GrafTech France a measadh gan a bheith faoi LTAnna, thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh GrafTech France ag díol ar phraghsanna a bhí an-ghar do phraghsanna na coda eile den tionscal (féach aithris (235)). Nuair nach raibh GrafTech France faoi chosaint a chuid LTAnna, ba léir go raibh sé faoi bhrú freisin ó allmhairí ar phraghsanna ísle ón tSín.

(253) Dá bhrí sin, an táirgeadh a díoladh ar mhargadh an Aontais lasmuigh de na LTAnna is ionadaíoch é ar thionscal de chuid an Aontais ina iomláine. Is amhlaidh atá toisc gurb iad na LTAnna an t-aon eilimint amháin, lena ndéantar idirdhealú idir táirgeoir amháin de chuid an Aontais agus an chuid eile de thionscal de chuid an Aontais. Mar sin féin, is faoiseamh sealadach é an faoiseamh a thugann LTAnna don táirgeoir sin agus ní léiríonn sé dinimic fhoriomlán an mhargaidh le linn na tréimhse imscrúdaithe, arb é is príomhthréith di méadú leanúnach ar allmhairí ar phraghas íseal ón tSín. Gan LTAnna, tá GrafTech France fiú ag fulaingt de bharr na n-allmhairí dumpáilte (féach aithris (235)). Ós rud é go rachaidh LTAnna GrafTech France in éag go luath, is féidir a mheas go mbeidh GrafTech France ina chuid de na treochtaí diúltacha céanna atá ar bun cheana féin maidir leis an gcuid eile de thionscal de chuid an Aontais, agus dá bhrí sin do thionscal de chuid an Aontais ina iomláine.

(254) I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin de na himeachtaí go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Ní bheidh an chuid bhrabúsach den tionscal in ann tionchar dearfach a imirt ar an gcuid de atá neamh-bhrabúsach, a bhfuil brú ollmhór iomaíochta uirthi de bharr allmhairí ar phraghas íseal ón tSín. Ina theannta sin, nuair a bhreathnaítear ar shonraí ón gceathrú ráithe den tréimhse imscrúdaithe, tugtar faoi deara cheana féin tuilleadh meatha ar staid eacnamaíoch thionscal de chuid an Aontais ina iomláine. Táthar ag súil go n-athneartófar na treochtaí anuas sin, tráth a rachaidh LTAnna GrafTech in éag, i bhfianaise ráta suntasach an mhéadaithe ar allmhairí dumpáilte freisin, ag praghsanna a dhéanann sladghearradh suntasach go leanúnach ar phraghsanna an Aontais, agus i bhfianaise an mhéadaithe ar an acmhainneacht táirgthe sa tSín le blianta beaga anuas.

## 5. **CÚISÍOCHT**

(255) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach ar bhain díobháil ábhartha do thionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, d'fhéach an Coimisiún freisin lena fháil amach arbh fhéidir go ndearnadh díobháil do thionscal de chuid an Aontais de dheasca fachtóirí aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an

Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha arna cruthú ag fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann i leith na n-allmhairí dumpáilte. Ba iad na fachtóirí sin paindéim COVID-19, deireadh ghéarchéim 2017-2018, dífheidhmeacht thionscal de chuid an Aontais, allmhairí ó thíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal de chuid an Aontais agus tomhaltas an Aontais.

## 5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(256) Tháinig méadú 12 % ar mhéid allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 42 256 tona in 2017 go 47 429 tona in 2020. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 49 % ar a sciar den mhargadh, sciar a shroich 35,8 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Le linn an dara leath den tréimhse faoi bhreathnú (2019-2020) rinneadh an méadú sin ar na hallmhairí ag praghsanna i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal de chuid an Aontais. Bhí tionchar mór aige sin ar thionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe, tréimhse inar tháinig laghdú ar dhíolacháin an tionscail sin ó 118 025 tona i 2018 go 91 949 tona i 2019 agus go 70 970 tona in 2020. Ba é an toradh a bhí air sin géarlaghdú ar an mbrabúsacht i gcás tháirgeoirí sampláilte uile de chuid an Aontais ach amháin i gcás an táirgeoir a raibh LTAanna aige, ó bhrabúis (+ [5-10] % in 2017) go caillteanais throma (- [10-20] % in 2020), agus an meath ar tháscairí airgeadais dá bharr amhail leibhéal na bhfardal, toradh ar infheistíocht agus sreabhadh airgid.

(257) Dá bhrí sin – i bhfianaise na coimhdeachta in am – dearbhaítear gur tháinig meath ar staid eacnamaíoch agus airgeadais thionscal de chuid an Aontais de bharr an mhéadaithe ar allmhairí leictreoidí graifíte ag praghsanna dumpáilte de thionscnamh na Síne. Déanfar fachtóirí eile a bhreithniú in 5.2.

## 5.2. **Éifeachtaí fachtóirí eile**

### 5.2.1. *Paindéim COVID-19*

(258) Ó 2019 i leith taifeadadh allmhairí leictreoidí graifíte ón tSín ag praghsanna ísle. In 2019 agus 2020, ba é 57 % agus 51 % faoi seach de mheánphraghas na n-allmhairí ón tSín a bhí i meánphraghas na n-allmhairí agus an tSín as an áireamh. Ó 2019 i leith (i.e. roimh an bpaindéim) thosaigh allmhairí Síneacha ag méadú, i dtréimhse ina raibh laghdú ar thomhaltas san Aontas. Mar thoradh air sin, tháinig méadú leanúnach ar allmhairí Síneacha ó 2018 i leith, agus méadú i dtéarmaí sciar den mhargadh freisin. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh an laghdú ar thomhaltas i ngeall ar phaindéim an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus díobháil ábhartha a bhain do thionscal de chuid an Aontais.

### 5.2.2. *Deireadh na buaicthréimhse 2017-2019*

(259) Tar éis na tréimhse 2017-2019, tháinig laghdú ar phraghsanna intíre agus ar phraghsanna iompórtála araon. Mar a luadh thuas, áfach, tá laghdú tagtha ar phraghsanna na Síne ar luas níos tapúla ná meánphraghas allmhairí tríú tíortha seachas an tSín (- 50 % in 2019 agus - 57 % in 2020 i gcomparáid le - 12 % agus - 51 % faoi seach). Dá bhrí sin, níor chuir an laghdú praghsanna ar fud an domhain leis an díobháil a rinneadh do thionscal de chuid an Aontais

### 5.2.3. *Dífheidhmeacht thionscal de chuid an Aontais*

(260) Cé go bhféadfadh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais a bheith tite ar gcúl ó thaobh trealaimh de, is tionscal dinimiciúil é a mhéadaigh a chuid infheistíochtaí chun a n-acmhainneacht a mhéadú, chun a threalamh táirgthe a oiriúnú agus chun an teicneolaíocht is déanaí a fháil. Tháinig méadú 47 % ar an infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

### 5.2.4. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(261) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 11*

**Allmhairí ó thríú tíortha**

| Tír | | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| An India | Méid (tonaí) | 5 662 | 6 212 | 3 700 | 2 211 |
| | *Innéacs* | *100* | *110* | *65* | *39* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 3,2 | 3,4 | 2,4 | 1,7 |
| | Meánphraghas (EUR) | 2 339 | 13 709 | 10 018 | 4 072 |
| | *Innéacs* | *100* | *586* | *428* | *174* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Meicsiceo | Méid (tonaí) | 2 865 | 1 379 | 12 | 896 |
| | *Innéacs* | *100* | *48* | *0,4* | *31* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 1,6 | 0,8 | 0 | 0,7 |
| | Meánphraghas (EUR) | 2 218 | 2 525 | 3 344 | 3 976 |
| | *Innéacs* | *100* | *114* | *151* | *179* |
| An Rúis | Méid (tonaí) | 4 118 | 5 244 | 8 092 | 5 485 |
| | *Innéacs* | *100* | *127* | *197* | *133* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 2,3 | 2,9 | 5,3 | 4,1 |
| | Meánphraghas (EUR) | 2 382 | 9 055 | 6 879 | 3 578 |
| | *Innéacs* | *100* | *380* | *289* | *150* |
| SAM | Méid (tonaí) | 9 689 | 3 359 | 1 860 | 2 950 |
| | *Innéacs* | *100* | *35* | *19* | *30* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 5,5 | 1,9 | 1,2 | 2,2 |
| | Meánphraghas (EUR) | 2 398 | 7 997 | 11 376 | 5 025 |
| | *Innéacs* | *100* | *333* | *474* | *210* |
| Tríú tíortha eile | Méid (tonaí) | 5 629 | 3 671 | 2 162 | 2 514 |
| | *Innéacs* | *100* | *65* | *38* | *45* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 3,2 | 2,0 | 1,4 | 1,9 |
| | Meánphraghas (EUR) | 2 427 | 7 435 | 9 057 | 4 285 |
| | *Innéacs* | *100* | *306* | *373* | *177* |
| Iomlán na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann | Méid (tonaí) | 27 962 | 19 866 | 15 826 | 14 055 |
| | *Innéacs* | *100* | *71* | *57* | *50* |
| | An sciar den mhargadh (%) | 15,9 | 11,0 | 10,3 | 10,6 |
| | Meánphraghas (EUR) | 2 371 | 9 579 | 8 436 | 4 111 |
| | *Innéacs* | *100* | *404* | *356* | *173* |

*Foinse:* Eurostat (Comext)

(262) Bhí sciar margaidh na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann ar leibhéil ísle (thart ar 10-11 %) agus d'fhan sé cobhsaí le linn na tréimhse 2018-2020. Ciallaíonn sé sin, i ndearbhmhéideanna, gur laghdaigh sé i gcomhréir leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais.

(263) Na praghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann, is praghsanna iad a bhí ar an meán le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag na leibhéil chéanna le praghsanna thionscal de chuid an Aontais. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, áfach, bhí na praghsanna 31 % níos ísle ná praghsanna thionscal de chuid an Aontais, arbh é an leibhéal is ísle é a sroicheadh i dtéarmaí coibhneasta i gcomparáid le praghsanna thionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá an méid sin i nglanchodarsnacht le praghsanna allmhairí Síneacha, praghsanna a laghdaigh go suntasach in 2020 agus a bhí 65 % níos ísle ná praghsanna thionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Athraíonn praghsanna, áfach, ag brath ar shonraíochtaí na leictreoidí agus, cé go dtugann comparáid idir meánphraghsanna léiriú éigin, ní féidir comparáid den sórt sin a chur in ionad comparáid praghsanna ar bhonn PCN.

(264) Dá bhrí sin, cinneadh nár chuir allmhairí ó thíortha eile leis an díobháil a rinneadh do thionscal de chuid an Aontais de bharr go ndearnadh iad ar phraghsanna i bhfad níos airde ná praghsanna allmhairí Síneacha.

5.2.5. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal de chuid an Aontais*

(265) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-onnmhairí táirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 12*

**Feidhmíocht onnmhairiúcháin táirgeoirí de chuid an Aontais**

| | 2017 | 2018 | 2019 | An tréimhse imscrúdaithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid onnmhairí (tonaí) | 134 311 | 132 850 | 124 460 | 102 222 |
| *Innéacs* | *100* | *99* | *93* | *76* |
| Meánphraghas (EUR/tona) | 2 377 | 8 134 | 9 186 | 5 660 |
| *Innéacs* | *100* | *342* | *386* | *238* |

*Foinse:* Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus ó thionscal de chuid an Aontais

(266) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí laghdú leanúnach ar onnmhairiú thionscail an Aontais (- 24 % le linn na tréimhse). Dhírigh tionscal de chuid an Aontais aird ar iomaíocht na n-onnmhairí Síneacha a bhíonn ar siúl ní hamháin ar an margadh intíre ach ar mhargaí tríú tíortha freisin.

(267) Ar an iomlán, léirigh an fheidhmíocht onnmhairiúcháin treochtaí comhchosúla leis na treochtaí maidir le díolacháin thionscal de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais, ach gur tháinig laghdú níos lú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin, i dtéarmaí coibhneasta, ná an laghdú a tháinig ar dhíolacháin ar mhargadh an Aontais. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach nár chuir an laghdú a tháinig ar an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin leis an díobháil a rinneadh.

5.2.6. *Tomhaltas*

(268) Faoi mar a léirítear i dtábla 1, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 25 % ar thomhaltas leictreoidí graifíte san Aontas. Bhí baint aige sin le ráig COVID-19 a ndéantar anailís ar a thionchar in aithris (258). San am céanna, tháinig laghdú 33 % ar dhíolacháin tionscail an Aontais ar mhargadh an Aontais. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach nár chuir éabhlóid na tomhailte leis an díobháil a rinneadh do thionscal de chuid an Aontais.

5.2.7. *Úsáid faoi chuing*

(269) De réir na faisnéise a chuir na cuideachtaí sampláilte ar fáil, ní raibh aon díolacháin le cuideachtaí gaolmhara san Aontas, ach rinneadh díolacháin le cuideachtaí gaolmhara i dtríú tíortha. Is ionann na díolacháin seo – ag brath ar an mbliain a mheastar – idir 5 % agus 11 % de mhéid na ndíolachán ina n-iomlána. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach go raibh ról imeallach ag éabhlóid an tomhaltais faoi chuing, má bhí aon ról aici, ar an díobháil a bhain do thionscal de chuid an Aontais.

### 5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(270) Bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne i bhfad níos ísle ná praghsanna agus costais thionscail an Aontais ó 2019 i leith. Léiríodh san imscrúdú meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 51,2 %. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú ar sciar margaidh tháirgeoirí na Síne. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 12 % ar mhéid na n-allmhairí ón tSín agus tháinig méadú 49 % ar a sciar den mhargadh, sciar a shroich 35,8 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ba chun aimhleas thionscal de chuid an Aontais a bhí an láithreacht mhéadaitheach sin sa mhargadh. Tháinig laghdú ar sciar an mhargaidh thionscal de chuid an Aontais ó bhuaic de 65,2 % in 2018 go 53,6 % in 2020. Mar thoradh air sin, bhí forbairt dhiúltach i staid eacnamaíoch thionscal de chuid an Aontais.

(271) Rinne an Coimisiún idirdhealú idir éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal de chuid an Aontais agus éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte agus rinne sé iad a scaradh.

(272) Maidir le paindéim COVID-19 agus an laghdú gaolmhar i dtomhaltas an Aontais agus tomhaltas domhanda leictreoidí graifíte, d'imir sé tionchar diúltach ar fhorbairtí thionscal de chuid an Aontais ach measadh gur fachtóir sealadach é. Roimh an bpaindéim agus ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig meath ar staid thionscal de chuid an Aontais. Bhí neamhshiméadracht ann freisin mar – d'ainneoin an sleabhcadh eacnamaíoch – níor tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín. Os a choinne sin, mhéadaigh siad go leanúnach thar na blianta 2018-2020, tréimhse ina raibh laghdú ar an tomhaltas.

(273) Éifeacht dheireadh na géarchéime 2017-2018, éifeacht na dífheidhmeachta ar thionscal de chuid an Aontais agus éifeacht na n-allmhairí ó thíortha eile ar fhorbairtí diúltacha thionscal de chuid an Aontais, is éifeachtaí iad nach bhféadfadh ach difir an-teoranta a dhéanamh, ar a mhéid.

(274) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin, go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus maidir leis na fachtóirí eile, leo féin nó le chéile, níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

## 6. **LEAS AN AONTAIS**

(275) Ag féachaint d'Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán, d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach arbh fhéidir leis a chinneadh go soiléir nár le leas an Aontais a bhí sé bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin gur cinneadh gurb ann do dhumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus trádálaithe, úsáideoirí agus tomhaltóirí deiridh.

### 6.1. **Leas thionscal de chuid an Aontais**

(276) Tá tionscal de chuid an Aontais comhdhéanta de chúig ghrúpa a tháirgeann leictreoidí graifíte san Aontas. Chomhoibrigh na grúpaí uile go hiomlán leis an imscrúdú.

(277) I gcás go ndéanfaí bearta a fhorchur, chuirfí ar chumas thionscal de chuid an Aontais an sciar caillte den mhargadh a aisghabháil, úsáid acmhainneachta a mhéadú, praghsanna a ardú go leibhéil inbhuanaithe agus feabhas a chur ar an mbrabúsacht i dtreo leibhéil a mbeifí ag súil leo faoi ghnáthdhálaí iomaíochta.

(278) Cé go bhfuil cuid den tionscal cosanta go sealadach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ag LTAnna, rachaidh formhór na gcomhaontuithe sin in éag faoi dheireadh 2022 ar a dhéanaí. Ní dócha go mbeadh aon athnuachan ann, faoi na dálaí atá ann faoi láthair ar a laghad, i bhfianaise an géarlaghdú ar phraghsanna leictreoidí graifíte ar fud an domhain ó 2019 i leith.

(279) I gcás nach ndéanfaí bearta a fhorchur, is dócha go dtiocfadh tuilleadh meatha ar an mbrabúsacht a bhí diúltach do gach táirgeoir seachas táirgeoir amháin sampláilte de chuid an Aontais atá cosanta go sealadach ar éifeachtaí allmhairí dumpáilte toisc gur thug sé LTAnna i gcrích lena chustaiméirí le linn na tréimhse 2017-2018. I gcás nach ndéanfaí bearta a fhorchur, d'fhéadfadh dúnadh saoráidí táirgthe agus dífhostuithe a bheith ann dá thoradh, rud a chuirfeadh inmharthanacht thionscal de chuid an Aontais i mbaol.

(280) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach go bhfuil forchur beart sealadach chun leas thionscal de chuid an Aontais.

### 6.2. **Leas allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara**

(281) Deichniúr allmhaireoir neamhghaolmhara, arb ionann iad agus 63 % de mhéid na n-allmhairí ón tSín, chuir siad foirm samplála isteach. Meán ualaithe bhrabús na n-allmhaireoirí sampláilte le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhí sé thart ar 4 %.

(282) Bhí na hallmhaireoirí sin in aghaidh bearta a fhorchur. Mhaígh siad nach bhfuil sé ar chumas táirgeoirí de chuid an Aontais éileamh an Aontais atá ann cheana ná an éagsúlacht táirgí a chumhdach, go háirithe i gcás leictreoidí de thrastomhas beag (suas le 400 - 450 mm). Thairis sin, chuir siad in iúl gur imeallach iad na féidearthachtaí chun athrú go foinsí soláthair eile. Is iondúil go mbíonn a ranna díolacháin féin ag táirgeoirí leictreoidí graifíte tríú tíortha agus go mbíonn teagmháil dhíreach acu le custaiméirí an Aontais.

(283) Thug an Coimisiún dá aire go raibh rialú cáilíochta ar leictreoidí graifíte agus ar an tseirbhís theicniúil a cuireadh ar fáil ina gcuid de phríomhshócmhainní allmhaireoirí an Aontais. Dá bhrí sin, is dócha gur féidir roinnt de na costais bhreise a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí deiridh leictreoidí graifíte. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar, cé gur tionchar teoranta a bheadh ann, ag forchur beart frithdhumpála ar thorthaí allmhaireoirí an Aontais.

(284) Dá bhrí sin, meastar go mbeidh aon tionchar diúltach a bheidh ag bearta ar allmhaireoirí neamhghaolmhara ar an iomlán, go mbeidh an tionchar sin teoranta agus nach mó é ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí de chuid an Aontais.

### 6.3. **Leas úsáideoirí**

(285) Chláraigh cúig úsáideoir déag mar páirtithe leasmhara agus fuarthas ceistneoirí ó ochtar úsáideoir. Déanann na húsáideoirí sin ionadaíocht, den chuid is mó, ar thionscal cruach an Aontais. Tá na hearnálacha iartheachtacha (agus go háirithe tionscal na cruach) níos mó i dtéarmaí láimhdeachais agus fostaíochta ná tionscal na leictreoidí graifíte. De réir fhigiúirí Eurofer, in 2019, bhí 330 000 duine fostaithe go díreach agus 1 620 000 duine fostaithe go hindíreach sa tionscal cruach.

(286) Léirigh na húsáideoirí cúiseanna imní i gcás go ndéanfaí bearta a fhorchur go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar a n-iomaíochas. Meastar costas na leictreoidí graifíte a bheith idir 1 % agus 5 % de chostas táirgthe cruach. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh tionchar suntasach ag bearta ar chostas táirgthe na dtáirgeoirí cruach.

(287) Ina theannta sin, thuairiscigh na gearánaigh agus an preas go bhfuil treocht in airde maidir le praghsanna cruach mar go bhfuil an t-éileamh ag sárú an tsoláthair. D'fhéadfadh sé sin ligean do thionscal na cruach aon chostas breise, nó cuid de, a chur ar aghaidh chuig na húsáideoirí iartheachtacha.

(288) Mhaígh tionscal cruach an Aontais freisin nach raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann an t-éileamh a shásamh le linn na tréimhse imscrúdaithe. Maidir le slándáil an tsoláthair, léiríonn tionscal de chuid an Aontais acmhainneacht bhreise leordhóthanach. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú mhéadaigh acmhainneacht táirgeachta an Aontais ó 255 500 tona go 294 900 tona (+ 15 %). Ní raibh úsáid acmhainneachta ach ag 55,6 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is foinsí malartacha soláthair iad tíortha eile, cur i gcás an India, Meicsiceo, an Rúis agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, cé nach bhfuil siad bunaithe go maith ar mhargadh an Aontais go fóill. In 2020 ba ionann agus 11 % de sholáthairtí an Aontais iad na ceithre thír sin le chéile.

(289) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach go bhfuiltear ag súil go mbeidh na tionchair dhiúltacha a bheidh ag bearta ar úsáideoirí teoranta agus nach mó iad ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí de chuid an Aontais.

### 6.4. **Fachtóirí eile**

(290) Ina theannta sin, rannchuidíonn leictreoidí graifíte le cuspóir an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus go sonrach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Is comhpháirt riachtanach de stuafhoirnéisí leictreacha iad leictreoidí graifíte, ar foirnéisí iad a dhéanann an cruach a athchúrsáil. Cruthaítear cruach le stuafhoirnéisí leictreacha le hastaíochtaí CO2 íslithe i gcomparáid le modh traidisiúnta táirgthe cruach bunaithe ar fhoirnéis soinneáin.

(291) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara go mbeadh tionchar diúltach ag bearta a fhorchur ar iomaíocht in earnáil a líomhnaítear a bheith an-chomhchruinnithe. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil cúig ghrúpa de chuid an Aontais ann a dhéanann an margadh a sholáthar. Tugann an Coimisiún faoi deara freisin gur táirgeoir nua de chuid an Aontais í Sangraf Italy (cé gur tugadh faoi deara nach saoráidí nua iad ach gur saoráidí iad a bhíodh á n-oibriú ag Grúpa SGL). Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach bhféadfaí a bheith ag súil le haon tionchar diúltach ag na bearta ar an iomaíocht ag an gcéim sin.

### 6.5. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(292) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún nach raibh údar láidir ann le léiriú nach chun leas an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí córas leictreoidí graifíte de thionscnamh na Síne ag an gcéim seo den imscrúdú.

## 7. LEIBHÉAL NA mBEART

(293) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach arbh leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun an díobháil a rinneadh do thionscal de chuid an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte a bhaint.

(294) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhair ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar an leibhéal iomchuí beart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a bhain do thionscal de chuid an Aontais. Ansin scrúdaigh sé an mbeadh an méid sin dleachta leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil ag cur san áireamh an líomhain go raibh saobhadh amhábhair ann i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

### 7.1. Corrlach gearrdhíola

(295) Shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a bhain do thionscal de chuid an Aontais in éagmais saobhaidh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh tionscal de chuid an Aontais in ann a chostais táirgthe a chumhdach, lena n-áirítear na costais sin a eascraíonn as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus as prótacail a ghabhann leo, a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, agus chomh maith le costais Choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a liostaítear in Iarscríbhinn Ia a chumhdach, agus dá mbeadh sé in ann brabús réasúnach a fháil ("spriocbhrabús").

(296) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na fachtóirí seo a leanas san áireamh:

— leibhéal na brabúsachta roimh mhéadú na n-allmhairí ón tír lena mbaineann,

— leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána, taighde agus forbairt (T & F) agus nuálaíocht a chumhdach, agus

— an leibhéal brabúsachta a bhfuiltear ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta.

(297) Níor cheart go mbeadh corrlach brabúis den sórt sin níos lú ná 6 %.

(298) Bhain na gearánaigh úsáid as spriocbhrabús de 8 % sa ghearán, ach mheas siad gur meastachán coimeádach é sin agus gur cheart a bheith ag súil le corrlach brabúis níos airde in éagmais allmhairí díobhálacha.

(299) San imscrúdú roimhe seo maidir le hallmhairiú córas leictreoidí graifíte ón India, chinn an Coimisiún gur cheart an corrlach brabúis is féidir a mheas go réasúnach a bheith ina léiriú ar staid airgeadais thionscal an Chomhphobail in éagmais dumpála díobhálaí a shocrú ag 8 % chun an corrlach díobhála a ríomh. Ba é sin freisin an brabús a fuair táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais in 2017.

(300) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, suíodh an corrlach brabúis ag 8 % i gcomhréir le foráil Airteagal 7(2c).

(301) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail a ghabhann leo, a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, agus na Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal de chuid an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Shuigh an Coimisiún costas breise idir EUR 0 go EUR 42 in aghaidh an tona, costas a cuireadh leis an bpraghas neamhdhíobhálach do na táirgeoirí lena mbaineann ar tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Tá nóta a ghabhann leis an gcomhad faoin gcaoi ar shuigh an Coimisiún an costas breise sin ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

(302) Is éard a bhí sna costais sin na costais bhreise a bheidh ann amach anseo chun comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS) a áirithiú. Is bunchloch é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) i ndáil le beartas an Aontais chun cloí le Comhaontuithe Iltaobhacha maidir leis an gComhshaol. Ríomhadh na costais bhreise sin ar bhonn lamháltais mheasta an Aontais (EUAnna) a chaithfear a cheannach le linn thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart (2021 go 2025). Cuireadh san áireamh freisin sna costais bhreise costais indíreacha CO2 a eascraíonn as méadú ar phraghsanna leictreachais le linn na tréimhse 2021 go 2025 a bhaineann le EU ETS agus praghsanna EUAnna réamh-mheasta.

(303) Is sliocht ó Bloomberg New Energy Finance dár dáta an 30 Iúil 2021 atá i bhfoinse na bpraghsanna réamh-mheasta lamháltais an Aontais. Is é EUR 55 in aghaidh an tona CO2 a astaítear atá sa mheánphraghas réamh-mheasta ar lamháltais an Aontais le haghaidh na tréimhse sin.

(304) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil le haghaidh thionscal de chuid an Aontais.

(305) Chinn an Coimisiún an leibhéal maidir le díothú na díobhála ar bhonn comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha, arna shuíomh le haghaidh na ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas neamhdhíobhála ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Aon difríocht a tháinig chun cinn ón gcomparáid sin, sloinneadh í mar chéatadán de mheánluach ualaithe allmhairí CAL.

(306) Maidir leis an gcorrlach iarmharach, agus é á chur san áireamh nach raibh comhar ard ann ó onnmhaireoirí na Síne faoi mar a míníodh in aithris (179) thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach iarmharach a shocrú ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil. Socraíodh an corrlach sin ar leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola is airde a suíodh maidir le cineál táirge a bhí ar díol i gcainníochtaí ionadaíocha ag an táirgeoir onnmhairiúcháin leis an gcorrlach gearrdhíola is airde a fuarthas. Socraíodh an corrlach gearrdhíola iarmharach arna ríomh ar leibhéal 153,6 %.

(307) Taispeántar toradh na ríomhanna sin sa tábla thíos.

| Cuideachta | Corrlach dumpála | Corrlach gearrdhíola |
|---|---|---|
| Grúpa Fangda comhdhéanta de ceathrar táirgeoir: Fangda Carbon New Material Co., Ltd; Fushun Carbon Co., Ltd; Chengdu Rongguang Carbon Co., Ltd; Hefei Carbon Co., Ltd | 24,5 % | 139,7 % |
| Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd | 17,5 % | 99,5 % |
| Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd | 24,5 % | 150,5 % |
| Cuideachtaí comhoibritheacha eile | 21,6 % | 123,6 % |
| Gach cuideachta eile | 66,5 % | 159,3 % |

### 7.2. **Saobhadh amhábhar**

(308) Mar a mhínítear san Fhógra Tionscanta, chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhair sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, rinneadh scrúdú ar an saobhadh líomhnaithe san imscrúdú sin chun a mheas, más ábhartha, an mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála leordhóthanach chun an díobháil a bhaint.

(309) Ós rud é go bhfuil na corrlaigh atá leordhóthanach chun an díobháil a bhaint níos airde ná na corrlaigh dumpála a fuarthas, áfach, mheas an Coimisiún, ag an gcéim sin, nach raibh gá aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

## 8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(310) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht agus le leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur ionas nach ndéanfaidh na hallmhairí dumpáilte tuilleadh díobhála do thionscal de chuid an Aontais.

(311) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí leictreoidí graifíte de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(312) Chuir an Coimisiún na corrlaigh gearrdhíola agus na corrlaigh dumpála faoi mar atá leagtha amach in aithris (307) thuas i gcomparáid le chéile. Socraíodh méid na ndleachtanna ar leibhéal an chorrlaigh dhumpála agus an chorrlaigh ghearrdhíola is ísle.

(313) I bhfianaise an mhéid thuas ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| Grúpa Fangda comhdhéanta de ceathrar táirgeoir: Fangda Carbon New Material Co., Ltd; Fushun Carbon Co., Ltd; Chengdu Rongguang Carbon Co., Ltd; Hefei Carbon Co., Ltd | 24,5 % |
| Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd | 17,5 % |

| | |
|---|---|
| Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd | 24,5 % |
| Cuideachtaí comhoibritheacha eile | 21,6 % |
| Gach cuideachta eile | 66,5 % |

(314) Suíodh na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a sonraíodh sa Rialachán seo ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe sin. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe maidir leis na cuideachtaí sin. Is infheidhme na rátaí dleachta sin go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.

(315) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ina dhiaidh sin ainm a heintitis. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([83]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(316) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith ag dleacht frithdhumpála gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibritheacha san imscrúdú sin, ach, chomh maith leis sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(317) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na ndifríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na ndleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(318) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hí an t-aon eilimint amháin í a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(319) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

## 9. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(320) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe dleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

([83]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht H, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, Belgique/België.

(321) Fuarthas barúlacha faoi chruinneas na ríomh. Ní raibh tionchar ag na barúlacha a thug Liaoning Dantan Technology Group Co, Ltd agus Fangda Carbon New Material Co, Ltd ar chruinneas na ríomhanna. Ina theannta sin, na cuideachtaí Misano S.p.A. agus COMAP SAS (allmhaireoir agus úsáideoir an táirge lena mbaineann), rinne siad barúlacha ginearálta tar éis an réamhnochta nár bhain le cruinneas na ríomhanna. Dá bhrí sin, ní thabharfar aghaidh ar na barúlacha sin ach ag céim chinntitheach.

## 10. **FORALACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(322) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(323) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leictreoidí graifíte de chineál a úsáidtear le haghaidh foirnéisí leictreacha, a bhfuil dlús dealraitheach de 1,5 g/cm$^3$ nó níos mó acu agus friotaíocht leictreach de 7,0 μ.Ω.m nó níos lú acu, bíodh siad feistithe le síní nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8545 11 00 (cóid TARIC 8545 11 00 10 agus 8545 11 00 15), agus de thionscnamh na Síne.

(2) Maidir leis an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar a leanas a bheidh na rátaí dleachta frithdhumpála sealadacha is infheidhme maidir le praghas an táirge sin, arb é an glanphraghas é, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

| Tír | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála shealadach | Cód breise TARIC |
|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | Grúpa Fangda comhdhéanta de ceathrar táirgeoir: Fangda Carbon New Material Co., Ltd; Fushun Carbon Co., Ltd; Chengdu Rongguang Carbon Co., Ltd; Hefei Carbon Co., Ltd | 24,5 % | C731 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd | 17,5 % | C732 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Nantong Yangzi Carbon Co., Ltd | 24,5 % | C733 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Cuideachtaí comhoibritheacha eile a liostaítear san Iarscríbhinn | 21,6 % | |
| Daon-Phoblacht na Síne | Gach cuideachta eile | 66,5 % | C999 |

(3) Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart." Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

(4) Beidh scaoileadh an táirge dá dtagraítear i mír 1 i saorchúrsaíocht san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí a sholáthar.

(5) Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

*Airteagal 2*

(1) Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha faoin Rialachán seo i scríbhinn faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(2) Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(3) Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Scrúdóidh an tOifigeach Éisteachta iarrataí a chuirfear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha nár sampláladh**

| Tír | Ainm | Cód breise TARIC |
|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | ANSHAN CARBON CO., LTD | C 735 |
| Daon-Phoblacht na Síne | ASAHI FINE CARBON DALIAN CO., LTD | C 736 |
| Daon-Phoblacht na Síne | DALIAN JINGYI CARBON CO., LTD | C 738 |
| Daon-Phoblacht na Síne | DATONG YU LIN DE GRAPHITE NEW MATERIAL CO., LTD | C 739 |
| Daon-Phoblacht na Síne | DECHANG SHIDA CARBON CO., LTD | C 740 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Fushun Jinly Petrochemical Carbon Co., Ltd | C 741 |
| Daon-Phoblacht na Síne | FUSHUN ORIENTAL CARBON CO., LTD | C 742 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Fushun Xinxinda Furnace Charge Factory | C 743 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Henan Sangraf Carbon Technologies Co., Limited | C 744 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Jiangsu Jianglong New Energy Technology Co., Ltd | C 746 |
| Daon-Phoblacht na Síne | JILIN CARBON CO., LTD | C 747 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Jilin City Chengxin Carbon Co., Ltd | C 748 |
| Daon-Phoblacht na Síne | JILIN CITY ZHAOCHEN CARBON CO., LTD | C 749 |
| Daon-Phoblacht na Síne | Kaifeng Pingmei New Carbon Materials Technology Co., Ltd | C 750 |
| Daon-Phoblacht na Síne | LIAONING SINCERE CARBON NEW MATERIAL CO., LTD | C 751 |
| Daon-Phoblacht na Síne | LIAOYANG CARBON CO., LTD | C 752 |
| Daon-Phoblacht na Síne | LIAOYANG SHOUSHAN CARBON FACTORY | C 753 |
| Daon-Phoblacht na Síne | LINGHAI HONGFENG CARBON PRODUCTS CO., LTD | C 754 |
| Daon-Phoblacht na Síne | MEISHAN SHIDA NEW MATERIAL CO., LTD | C 755 |
| Daon-Phoblacht na Síne | SHANDONG ASAHI GRAPHITE NEW MATERIAL TECHNOLOGY CO., LTD | C 756 |
| Daon-Phoblacht na Síne | SHANDONG BASAN GRAPHITE NEW MATERIAL PLANT | C 757 |
| Daon-Phoblacht na Síne | SHANXI JUXIAN GRAPHITE NEW MATERIALS CO., LTD | C 758 |
| Daon-Phoblacht na Síne | SHANXI SINSAGE CARBON MATERIAL TECHNOLOGY CO., LTD | C 759 |
| Daon-Phoblacht na Síne | TIANJIN KIMWAN CARBON TECHNOLOGY AND DEVELOPMENT CO., LTD | C 760 |
| Daon-Phoblacht na Síne | XINGHE COUNTY MUZI CARBON CO., LTD | C 762 |

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1813 ÓN gCOIMISIÚN

**an 14 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí, craenacha, uirlisí mianadóireachta, agus innealra eile, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/27 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go gcomhlíonann sé na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a chumhdaítear faoin gcaighdeán comhchuibhithe sin.

(2) Le litir M/396 an 19 Nollaig 2006, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) ('an Iarraidh') go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, agus go gcuirfí an obair ar na caighdeáin sin i gcrích, ionas go gcuirfí athruithe san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Ar bhonn na hIarrata, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas – EN 1459-5:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le comhéadain forbhaill le haghaidh trucailí ar féidir an síneadh atá astu a athrú, agus EN 16808:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le hardaitheoirí láimhe i dtionscail an pheitriliam, na bpeitriceimiceán agus an gháis nádúrtha.

(4) Ar bhonn na hiarrata sin, d'athbhreithnigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Teachtaireacht 2018/C092/01 ([4]) ón gCoimisiún, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn sa teicneolaíocht. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas: EN 12312-7:2020 i ndáil le ceanglais shonracha maidir le trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí; EN 13586:2020 i ndáil le ceanglais maidir le rochtain ar chraenacha; EN 15011:2020 i ndáil le craenacha droichid agus túir freastail; EN 15571:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le meaisíní bailchríochnnaithe dromchla le haghaidh clocha de chineál nádúrtha; EN 16564:2020 i ndáil le ceanglais maidir le meaisíní sábhadóireachta/muilleála ar chineál de shábh droichid nó de mhuileann droichid iad, meaisíní a rialaítear go huimhriúil san áireamh; EN 1804-1:2020 i ndáil le haonaid tacaíochta agus ceanglais ghinearálta maidir le tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach; EN 1804-2:2020 i ndáil le cosa agus reithe a shocraítear go meicniúil le haghaidh tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach; EN 1804-3:2020 i ndáil le

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.

([3]) Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1).

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 92, 9.3.2018, lch. 1).

córais rialúcháin hiodrálacha agus leictri-hiodrálacha le haghaidh tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach; EN 1837:2020 i ndáil le soilsiú lárnach meaisíní; EN 1974:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta agus sláinteachais maidir le hinnealra próiseála bia; EN 81-40:2020 i ndáil le cathaoireacha staighre agus ardáin chlaonta ardúcháin le haghaidh daoine nach bhfuil an tsoghluaisteacht ach go lag acu; EN 1175:2020 i ndáil le ceanglais leictreacha agus leictreonacha maidir le trucailí tionsclaíocha; EN 12312-3:2017+A1:2020 i ndáil le feithiclí creasa iompair; EN ISO 16092-2:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le fáisceáin mheicniúla; EN ISO 16092-4:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le fáisceáin neomatacha; EN 16307-1:2020 i ndáil le ceanglais fhorlíontacha maidir le trucailí tionsclaíocha féinghluaiste, cé is moite de thrucailí gan tiománaí, de thrucailí sínidh inathraithe agus de thrucailí iompartha ualaí; EN 16808:2020 i ndáil le hardaitheoirí láimhe; EN ISO 19085-10:2019/A11:2020 i ndáil le sábha le haghaidh láithreáin tógála; EN ISO 20430:2020 i ndáil le meaisíní um múnlú trí bhíthin an insteallta; EN IEC 62841-2-6:2020 i ndáil le ceanglais shainiúla maidir le casúir láimhe, maille le leasú ar an gcaighdeán sin in EN IEC 62841-2-6:2020/A11:2020; chomh maith le EN ISO 11553-1:2020 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le léasair, maille le leasú ar an gcaighdeán sin in EN ISO 11553-1:2020/A11:2020.

(5) Ina theannta sin, ar bhonn na hiarrata, d'athbhreithnigh CEN agus Cenelec EN 12999:2011+A2:2018, caighdeán a gcuimsítear an tagairt dó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún ([5]), agus is é EN 12999:2020 maidir le craenacha lódála an caighdeán athbhreithnithe – ba ar mhaithe le EN 12999:2011+A2:2018 a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch an t-athbhreithniú sin.

(6) Leasaigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas freisin, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Teachtaireacht 2018/C092/01 – EN 16851:2017 maidir le córais craenach éadroime, caighdeán arb é EN 16851:2017+A1:2020 maidir le córais craenach éadroime an leasú a rinneadh air, agus EN 16486:2014 maidir le comhbhrúiteoirí, caighdeán arb é 16486:2014+A1:2020 maidir le comhbhrúiteoirí an leasú a rinneadh air.

(7) Na caighdeáin a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú, a athbhreithniú agus a leasú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh.

(8) Na caighdeáin chomhchuibhithe a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú, a athbhreithniú agus a leasú, sásaíonn siad na ceanglais sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2006/42/CE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i dteannta leis na tagairtí d'aon chaighdeán ábhartha lena leasaítear nó lena gceartaítear iad.

(9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/27 ón gCoimisiún ([6]), an tagairt don chaighdeán EN 474-1:2006 +A4:2013, foilsíodh í in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian lena ndearnadh an toimhde comhréireachta dá bhforáiltear sa chaighdeán a eisiamh a mhéid a bhaineann le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(10) Tá caighdeán EN 474-1:2006+A4:2013 tarraingthe siar ó bhí an 19 Meán Fómhair 2020 ann, mar a fhoráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2014 a aisghairm.

(11) Le leagan EN 474-1:2006+A5:2018 rinne CEN an caighdeán sin a fheabhsú. Mar sin féin, ní dheachaigh an leagan nua i ngleic leis na húdair imní ó thaobh na hinfheictheachta de a d'eascair as an idirghníomhú idir EN 474-1:2006 +A5:2018 agus cuid 5 de shraith EN 474, sraith faoina gcumhdaítear ceanglais shainiúla maidir le tochaltóirí hiodrálacha. Dá bhrí sin, na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, níor chomhlíon caighdeán EN 474-1:2006+A5:2018 na buncheanglais sin go hiomlán. Trí bhíthin EN 474-5:2006+A3:2013 i ndáil le ceanglais maidir le tochaltóirí hiodrálacha, foilsíodh an caighdeán comhchuibhithe sin maille le srian nua maidir lena chur i bhfeidhm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, rud a rinneadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436.

(12) Lean CEN air ag feabhsú EN 474-1 agus thíolaic sé leagan leasaithe den chaighdeán comhchuibhithe, mar atá EN 474-1:2006+A6:2019. Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin EN 474-1:2006+A6:2019 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, agus is é an chonclúid ar ar tháinig sé gurbh fhéidir an srian a bhí ann a bhaint, srian de bharr údar imní ó thaobh na hinfheictheachta de a bhí ag eascairt as an gcaighdeán.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún an 18 Márta 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 75, 19.3.2019, lch. 108).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/27 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2015 maidir le foilsiú na tagartha do chaighdeán EN 474-1:2006+A4:2013 maidir le hinnealra crécharta, maidir le foilsiú na tagartha sin maille le srian in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 4, 8.1.2015, lch. 24).

(13) Mar sin féin, nuair a bhí ionadaithe thar ceann an choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Threoir 2006/42/CE i mbun scrúdú ar an gcaighdeán EN 474-1, chuir siad údair imní nua in iúl maidir leis an sásra um chúpláil thapa dá bhforáiltear in Iarscríbhinn B.2 den chaighdeán, sásra a cheadaíonn uirlisí éagsúla a cheangal de mheaisíní crécharta. Go háirithe, thaifead na Ballstáit líon ard gortuithe tromchúiseacha agus básanna arb é ba chúis leo gur glasáladh uirlisí go mícheart agus nach raibh córais rabhaidh ghníomhaigh nó córais faireacháin ghníomhaigh ann don oibreoir agus é ag oibriú an mheaisín tráth a bhí uirlisí ceangailte go mícheart de, buicéid chúlghrafóige, alpairí, agus plátaí creathánacha mar shampla. Is díol suntais a airde atá líon na dtionóiscí i gcás meaisíní áirithe ar nós tochaltóirí ar minic na huirlisí cumhachtaithe éagsúla a n-úsáidtear leo á n-athrú ó lá go lá.

(14) Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar EN 474-1:2006+A6:2019, is é an chonclúid ar ar tháinig an gCoimisiún nach gcomhlíonann an caighdeán sin na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, mar atá an ceanglas maidir le comhtháthú na sábháilteachta agus an ceanglas gurb acmhainn don tiománaí an t-innealra agus na huirlisí a ghabhann leis a oibriú sna dálaí ina meastar go n-úsáidfear iad, ar bhealach a bheidh go hiomlán sábháilte don tiománaí agus do dhaoine neamhchosanta. Dá bhrí sin, ba cheart EN 474-1:2006+A6:2019 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian maidir lena chur i bhfeidhm in éineacht leis na codanna seo a leanas – EN 474-4:2006+A2:2012 i ndáil le lódairí cúlghrafóige agus EN 474-5:2006+A3:2013 i ndáil le ceanglais maidir le tochaltóirí hiodrálacha.

(15) Caighdeán comhchuibhithe EN 62841-4-1:2020 i ndáil le ceanglais shainiúla maidir le sábha slabhracha láimhe, is caighdeán é lenar tugadh isteach athruithe móra ar na sonraíochtaí a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe EN 60745-2-13:2009. Sábha slabhracha láimhe a chumhdaítear faoi EN 62841-4-1:2020 agus EN 60745-2-13:2009, is innealra iad de chineál a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2006/42/CE agus ar gá tabhairt faoi nós imeachta deimhniúcháin níos déine ina dtaobh, nós imeachta ina mbítear ag plé le comhlacht faoina dtugtar fógra, toisc nach bhfuil caighdeán comhchuibhithe ann faoina gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ar fad. Ós rud é gur gá dearadh na sábhanna slabhracha a chumhdaítear faoi EN 62841-4-1:2020 a mhodhnú go mór agus ó rud é go scoirfidh caighdeán comhchuibhithe EN 62841-4-1:2020 de thoimhde comhréireachta a sholáthar tar éis an 3 Meán Fómhair 2022, d'fhéadfadh sé nach acmhainn do roinnt monaróirí an spriocdháta sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, an dáta a tharraingeofar siar caighdeán comhchuibhithe EN 60745-2-13:2009, is iomchuí é a chur siar go heisceachtúil go ceann 8 mí eile. Dá bhrí sin, an iontráil maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 60745-2-13:2019 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, ba cheart í a leasú dá réir.

(16) An tagairt don chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 3743-2:2019 maidir le modhanna i ndáil le seomraí tástála speisialta aisfhuaimniúla, rinneadh an tagairt sin a chuimsiú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2021/377 ([7]). Mar sin féin, an leagan den chaighdeán sin a bhí ann roimhe seo, mar atá EN ISO 3743-2:2009, foilsíodh é le Teachtaireacht 2018/C092/01 agus tá sé gan tarraingt siar. Ós rud é nach den úrscothacht a thuilleadh caighdeán EN ISO 3743-2:2009, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí ullmhú le caighdeán EN ISO 3743-2:2019 a chur i bhfeidhm, is gá tarraingt siar EN ISO 3743-2:2009 a chur ar athló.

(17) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe faoina dtoimhdítear go bhfuil comhréireacht ann le Treoir 2006/42/CE, agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gcinneadh sin tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe faoina dtoimhdítear maille le srian go bhfuil comhréireacht ann. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE, chun a chinntiú gur in aon ghníomh amháin liostaítear iad, na tagairtí do na caighdeáin a dhéanann CEN agus Cenelec a athbhreithniú nó a leasú, nó a gcuireann CEN agus Cenelec caighdeáin eile ina n-áit, ba cheart na tagairtí sin a chuimsiú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436.

(18) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE agus atá tarraingthe siar ó shraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ó bhí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ann.

(19) An obair a rinne CEN agus Cenelec ar bhonn na hIarrata, is é an toradh atá uirthi go ndearnadh na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin a foilsíodh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, go ndearnadh iad a athbhreithniú nó a leasú, nó gur cuireadh caighdeáin eile ina n-áit: EN 12312-7:2005+A1:2009; EN 13155:2003 +A2:2009; EN 13586:2004+A1:2008; EN 15011:2011+A1:2014; EN 15571:2014; EN 15746-2:2010+A1:2011;

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/377 ón gCoimisiún an 2 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 72, 3.3.2021, lch. 12).

EN 1804-1:2001+A1:2010; EN 1804-2:2001+A1:2010; EN 1804-3:2006+A1:2010; EN 1837:1999+A1:2009; EN 1974:1998+A1:2009; EN 60745-2-6:2010; EN IEC 62841-2-6:2020; EN ISO 11553-1:2008; EN ISO 11553-1:2020; EN 1175-1:1998+A1:2010; EN 1175-2:1998+A1:2010; EN 1175-3:1998+A1:2010; EN 12312-3:2017; EN 13411-1:2002+A1:2008; EN 13411-2:2001+A1:2008; EN 13411-3:2004+A1:2008; EN 13411-4:2011; EN 13411-5:2003+A1:2008; EN 13411-6:2004+A1:2008; EN 13411-7:2006+A1:2008; EN 13411-8:2011; EN 16307-1:2013+A1:2015; EN 16486:2014; EN 201:2009; agus EN 81-40:2008. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do na caighdeáin sin a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* trí na tagairtí sin a chuimsiú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436.

(20) An tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 12999:2011+A2:2018, tagairt a foilsíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, is gá í sin a tharraingt siar freisin ós rud é go ndearnadh an caighdeán a athbhreithniú. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(21) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm na gcaighdeán nua, na gcaighdeán athbhreithnithe nó na gcaighdeán leasaithe, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas a chur ar athló – EN 12999:2011+A2:2018, EN 1175-1:1998+A1:2010, EN 1175-2:1998+A1:2010, EN 1175-3:1998+A1:2010, EN 12312-3:2017, EN 12312-7:2005+A1:2009, EN 13411-1:2002+A1:2008, EN 13411-2:2001+A1:2008, EN 13411-3:2004+A1:2008, EN 13411-4:2011, EN 13411-5:2003+A1:2008, EN 13411-6:2004+A1:2008, EN 13411-7:2006+A1:2008, EN 13411-8:2011, EN 13586:2004+A1:2008, EN 15011:2011+A1:2014, EN 16307-1:2013+A1:2015, EN 16486:2014, EN 16851:2017, EN 1804-1:2001+A1:2010, EN 1804-2:2001+A1:2010, EN 1804-3:2006+A1:2010, EN 1837:1999+A1:2009, EN 1974:1998+A1:2009, EN 201:2009, EN 60745-2-6:2010, EN 81-40:2008, EN ISO 11553-1:2008, agus EN ISO 3743-2:2009.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a leasú dá réir.

(23) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/27.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 15 Aibreán 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) scriostar ró 10

(2) cuirtear isteach ró 10a seo a leanas isteach:

| | | |
|---|---|---|
| "10a. | EN 12999:2020<br>Craenacha - Craenacha lódála | C"; |

(3) cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| "95. | EN 1837:2020<br>Sábháilteacht innealra - Soilsiú lárnach meaisíní | B |
| 96. | EN ISO 11553-1:2020<br>Sábháilteacht innealra - Meaisíní próiseála léasair - Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta maidir le léasair (ISO 11553-1:2020)<br>EN ISO 11553-1:2020/A11:2020 | B |
| 97. | EN 81-40:2020<br>Ceanglais shainiúla maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí speisialta le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 40: Cathaoireacha staighre agus ardáin chlaonta ardúcháin le haghaidh daoine nach bhfuil an tsoghluaisteacht ach go lag acu | C |
| 98. | EN 1175:2020<br>Sábháilteacht trucailí tionsclaíocha - Ceanglais leictreacha/leictreonacha | C |
| 99. | EN 1459-5:2020<br>Trucailí tír-raoin ghairbh - Ceanglais agus fíorú sábháilteachta - Cuid 5: Comhéadan forbhaill | C |
| 100. | EN 1804-1:2020<br>Meaisíní le haghaidh mianaigh faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta maidir le tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach - Cuid 1: Aonaid tacaíochta agus ceanglais ghinearálta | C |
| 101. | EN 1804-2:2020<br>Meaisíní le haghaidh mianaigh faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta maidir le tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach - Cuid 2: Cosa agus reithí a shocraítear go meicniúil | C |
| 102. | EN 1804-3:2020<br>Meaisíní le haghaidh mianaigh faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta maidir le tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach - Cuid 3: Córais rialúcháin hiodrálacha agus leictri-hiodrálacha | C |
| 103. | EN 1974:2020<br>Innealra próiseála bia - Meaisíní sliste - Ceanglais sábháilteachta agus sláinteachais | C |
| 104. | EN 12312-3:2017+A1:2020<br>Trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí - Ceanglais shainiúla - Cuid 3: Feithiclí creasa iompair | C |
| 105. | EN 12312-7:2020<br>Trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí - Ceanglais shainiúla - Cuid 7: Trealamh aistrithe aerárthaí | C |

| | | |
|---|---|---|
| 106. | EN 13586:2020<br>Craenacha – Rochtain | C |
| 107. | EN 15011:2020<br>Craenacha – Craenacha droichid agus túir freastail | C |
| 108. | EN 15571:2020<br>Meaisíní agus gléasra le haghaidh cloch nádúrtha a bhaint agus a ghréasú - Sábháilteacht - Ceanglais maidir le meaisíní bailchríochnnaithe dromchla | C |
| 109. | EN ISO 16092-2:2020<br>Sábháilteacht meaisín-uirlisí - Fáisceáin - Cuid 2: Ceanglais sábháilteachta maidir le fáisceáin mheicniúla (ISO 16092-2:2019) | C |
| 110. | EN ISO 16092-4:2020<br>Sábháilteacht meaisín-uirlisí - Fáisceáin - Cuid 4: Ceanglais sábháilteachta maidir le fáisceáin neomatacha (ISO 16092-4:2019) | C |
| 111. | EN 16307-1:2020<br>Trucailí tionsclaíocha - Ceanglais agus fíorú sábháilteachta - Cuid 1: Ceanglais fhorlíontacha maidir le trucailí tionsclaíocha féinghluaiste, cé is moite de thrucailí gan tiománaí, de thrucailí ar féidir an síneadh atá astu a athrú agus de trucailí iompartha ualaí | C |
| 112. | EN 16486:2014+A1:2020<br>Meaisíní chun dramhábhair nó codanna in-athchúrsáilte a dhlúthú - Comhbhrúiteoirí - Ceanglais sábháilteachta | C |
| 113. | EN 16564:2020<br>Meaisíní agus gléasra le haghaidh cloch nádúrtha a bhaint agus a ghréasú - Sábháilteacht - Ceanglais maidir le meaisíní sábhadóireachta/muilleála ar cineál de shábh droichid nó de mhuileann droichid iad, leaganacha faoi rialú uimhriúil (NC/CNC) san áireamh | C |
| 114. | EN 16808:2020<br>Tionscail pheitriliam, pheitriceimiceacha agus gháis nádúrtha - Sábháilteacht innealraí - Ardaitheoirí láimhe | C |
| 115. | EN 16851:2017+A1:2020<br>Craenacha - Córais craenach éadroime | C |
| 116. | EN ISO 19085-10:2019<br>Meaisíní adhmadóireachta - Sábháilteacht - Cuid 10: Sábha le haghaidh láithreáin tógála (sábha conraitheora) (ISO 19085-10:2018)<br>EN ISO 19085-10:2019/A11:2020 | C |
| 117. | EN ISO 20430:2020<br>Meaisíní plaistice agus rubair - Meaisíní um múnlú trí bhíthin an insteallta - Ceanglais sábháilteachta (ISO 20430:2020) | C |
| 118. | EN IEC 62841-2-6:2020<br>Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín - Sábháilteacht - Cuid 2-6: Ceanglais shainiúla maidir le casúir láimhe (IEC 62841-2-6:2020, Modhnaithe)<br>EN IEC 62841-2-6:2020/A11:2020 | C”. |

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 1:

| | | |
|---|---|---|
| “1. | EN 474-1:2006+A6:2019<br>Innealra crécharta — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais ghinearálta<br>**Fógra**: A mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn B.2 – Cúplóirí tapa, caighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019, ní caighdeán é a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta 1.2.2 agus 3.2.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE nuair a chuirtear na ceanglais sin i bhfeidhm i gcomhar le ceanglais EN 474-4:2006 +A2:2012 le haghaidh lódairí cúlghrafóige agus ceanglais EN 474-5:2006+A3:2013 le haghaidh tochaltóirí hiodrálacha. | C”. |

*IARSCRÍBHINN III*

leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 73:

| | | | |
|---|---|---|---|
| "73. | EN 60745-2-13:2009<br>Uirlisí leictreacha láimhe a oibrítear le mótar - Sábháilteacht - Cuid 2-13: Ceanglais shainiúla maidir le sábha slabhracha (IEC 60745-2-13:2006, Modhnaithe)<br>EN 60745-2-13:2009/A1:2010 | An 3 Bealtaine 2023 | C"; |

(2) cuirtear na rónna seo a leanas léi:

| | | | |
|---|---|---|---|
| "6. | EN 1175-1:1998+A1:2010<br>Sábháilteacht trucailí tionsclaíocha - Ceanglais leictreacha - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta maidir le trucailí faoi chumhacht ceallra | 15 Aibreán 2023 | C |
| 87. | EN 1175-2:1998+A1:2010<br>Sábháilteacht trucailí tionsclaíocha - Ceanglais leictreacha - Cuid 2: Ceanglais ghinearálta maidir le trucailí faoi chumhacht innill dócháin inmheánaigh | 15 Aibreán 2023 | C |
| 88. | EN 1175-3:1998+A1:2010<br>Sábháilteacht trucailí tionsclaíocha - Ceanglais leictreacha - Cuid 3: Ceanglais shainiúla maidir le córais tarchurtha cumhachta leictrí trucailí faoi chumhacht innill dócháin inmheánaigh | 15 Aibreán 2023 | C |
| 89. | EN 12312-3:2017<br>Trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí - Ceanglais shainiúla - Cuid 3: Feithiclí creasa iompair | 15 Aibreán 2023 | C |
| 90. | EN 12312-7:2005+A1:2009<br>Trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí - Ceanglais shainiúla - Cuid 7: Trealamh aistrithe aerárthaí | 15 Aibreán 2023 | C |
| 91. | EN 13411-1:2002+A1:2008<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 1: Timbilí le haghaidh crocháin rópaí sreinge cruach | 15 Aibreán 2023 | C |
| 92. | EN 13411-2:2001+A1:2008<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 2: Spladhsáil súl le haghaidh crocháin rópaí sreinge | 15 Aibreán 2023 | C |
| 93. | EN 13411-3:2004+A1:2008<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 3: Biannaí agus daingniú biannaí | 15 Aibreán 2023 | C |
| 94. | EN 13411-4:2011<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 4: Soicéid mhiotail agus roisín | 15 Aibreán 2023 | C |
| 95. | EN 13411-5:2003+A1:2008<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 5: Greamáin rópa sreinge U-bholta | 15 Aibreán 2023 | C |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 96. | EN 13411-6:2004+A1:2008<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 6: Soicéad dinge neamhshiméadrach | 15 Aibreán 2023 | C |
| 97. | EN 13411-7:2006+A1:2008<br>Foircinn le haghaidh rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht - Cuid 7: Soicéad dinge siméadrach | 15 Aibreán 2023 | C |
| 98. | EN 13411-8:2011<br>Foircinn le haghaidh rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 8: Foircinn cruthmhúnlóraí agus an cruthmhúnlú | 15 Aibreán 2023 | C |
| 99. | EN 13586:2004+A1:2008<br>Craenacha – Rochtain | 15 Aibreán 2023 | C |
| 100. | EN 15011:2011+A1:2014<br>Craenacha – Craenacha droichid agus túir freastail | 15 Aibreán 2023 | C |
| 101. | EN 16307-1:2013+A1:2015<br>Trucailí tionsclaíocha - Ceanglais agus fíorú sábháilteachta - Cuid 1: Ceanglais fhorlíontacha maidir le trucailí tionsclaíocha féinghluaiste, cé is moite de thrucailí gan tiománaí, de thrucailí ar féidir an síneadh atá astu a athrú agus de trucailí iompartha ualaí | 15 Aibreán 2023 | C |
| 102. | EN 16486:2014<br>Meaisíní chun dramhábhair nó codanna in-athchúrsáilte a dhlúthú - Comhbhrúiteoirí - Ceanglais sábháilteachta | 15 Aibreán 2023 | C |
| 103. | EN 16851:2017<br>Craenacha - Córais craenach éadroime | 15 Aibreán 2023 | C |
| 104. | EN 1804-1:2001+A1:2010<br>Meaisíní le haghaidh mianaigh faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta maidir le tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach - Cuid 1: Aonaid tacaíochta agus ceanglais ghinearálta | 15 Aibreán 2023 | C |
| 105. | EN 1804-2:2001+A1:2010<br>Meaisíní le haghaidh mianaigh faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta maidir le tacaí dín faoi chumhacht hiodrálach - Cuid 2: Cosa agus reithí a shocraítear go meicniúil | 15 Aibreán 2023 | C |
| 106. | EN 1804-3:2006+A1:2010<br>Meaisíní le haghaidh mianaigh faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta maidir le tacaí dín faoi chumacht hiodrálach - Cuid 3: Córais rialúcháin hiodrálacha | 15 Aibreán 2023 | C |
| 107. | EN 1837:1999+A1:2009<br>Sábháilteacht innealra - Soilsiú lárnach meaisíní | 15 Aibreán 2023 | B |
| 108. | EN 1974:1998+A1:2009<br>Innealra próiseála bia - Meaisíní sliste - Ceanglais sábháilteachta agus sláinteachais | 15 Aibreán 2023 | C |
| 109. | EN 201:2009<br>Meaisíní plaistice agus rubair - Meaisíní um mhúnlú trí bhíthin an instealltа - Ceanglais sábháilteachta | 15 Aibreán 2023 | C |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 110. | EN 60745-2-6:2010<br><br>Uirlisí leictreacha láimhe a oibrítear le mótar - Sábháilteacht - Cuid 2-6: Ceanglais shainiúla maidir le casúir (IEC 60745-2-6:2003, Modhnaithe, + A1:2006) | 15 Aibreán 2023 | C |
| 111. | EN 81-40:2008<br><br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí speisialta le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 40: Cathaoireacha staighre agus ardáin chlaonta ardúcháin le haghaidh daoine nach bhfuil an tsoghluaisteacht ach go lag acu | 15 Aibreán 2023 | C |
| 112. | EN ISO 11553-1:2008<br><br>Sábháilteacht innealra - Meaisíní próiseála léasair - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta sábháilteachta (ISO 11553-1:2005) | 15 Aibreán 2023 | C |
| 113. | EN ISO 3743-2:2009<br><br>Fuaimíocht - Leibhéil cumhachta fuaime foinsí torainn a chinneadh trí fhuaimbhrú a úsáid - Modhanna innealtóireachta le haghaidh foinsí beaga inaistrithe i réimsí aisfhuaimiúla - Cuid 2: Modhanna le haghaidh seomraí tástála speisialta aisfhuaimniúla (ISO 3743-2:1994) | 15 Aibreán 2023 | B”. |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA